<p>Rannpháirtíocht agus Comhoibriú</p> <p>Páirt a ghlacadh agus comhoibriú, i gcomhpháirtíocht go héifeachtach le páirtithe seachtracha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun tacú lenár straitéis a bhaint amach.</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Caidreamh a chothú agus a chothabháil le páirtithe leasmhara agus soláthraithe seachtracha.2. Ár gconarthaí a sholáthar agus a bhainistiú go freagrach.3. Páirt a ghlacadh i dtaighde agus i gcomhoibriú chun tacú le nuálaíocht agus dea-chleachtas.4. Cumarsáid a dhéanamh leis na pobail a ndéanann tionscadail BIÉ difear dóibh.5. Teagmháil a dhéanamh le soláthraithe lena chinntiú go gcuirtear ár bprionsabail inbhuanaitheachta i bhfeidhm.
<p>Sármhaitheas Eagraíochta</p> <p>Dea-chleachtas sa rialachas agus sa bhealach a thugaimid faoinár ngnó i BIÉ a chur i bhfeidhm, ardchaighdeán gairmiúlachta, comhlíonta, dearbhaithe a bhaint amach, agus luach ar airgead a bhaint amach i ngach a dhéanaimid.</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Cultúr dea-rialachais in BIÉ a chur chun cinn, ar aon dul le prionsabail an rialachais atá infeidhme maidir le comhlachtaí poiblí.2. Córas agus struchtúir dhaingne rialaithe a chur chun feidhme a chinntíonn comhlíonadh agus cuntasacht.3. Nuálaíocht agus glacadh le modhanna agus teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn.4. Tuairisciú ar ár bPrionsabail Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.5. Tuairisciú ar an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm.

Spriocanna ár bhfeidhmíocht in 2022

- Chaitheamar €25.4 milliún ar 161 scéim feabhsúcháin um shábháilteachta ar bhóithre ar an ngréasán bóithre náisiúnta atá ann cheana, in 2022, le taobhanna bóthair níos sábháilte, bóithre atá níos sábháilte de bharr a ndearaidh, agus timpeallacht shábháilte a chruthú d'úsáideoirí bóithre.
 - In 2022, ba é 168 an líon iomlán básanna ar gach bóthar in Éirinn, méadú de 16 bás i gcomparáid le 2021. As na básanna sin, tharla 64 ar bhóithre náisiúnta, arb ionann iad agus méadú 5 bhás ar bhóithre náisiúnta i gcomparáid le 2021.
 - Mhéadaigh líon na mbásanna do choisithe ar Bhóithre Náisiúnta in 2022 go 14 in 2022 (2021: sé bhás).
 - Bhí 2 bhás rothaíochta ar Bhóithre Náisiúnta in 2022, méadú 2 ó 2021.
 - Tá BIÉ freagrach as 12 ghníomh i gCéim 1 de Straitéis um Shábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais (2021-2030) agus tá sé ar an sprioc faoi láthair na gníomhartha go léir a chur i gcrích laistigh den chreat ama a chuirtear ar fáil. Críochnaíodh dhá cheann de na gníomhartha seo in 2022 i.e. Gníomh Ardtionchair 39 agus Gníomh Tacaíochta 63.
 - Bhain ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta BIÉ amach deimhniú in athuair i leith ISO45001.
 - Ba ionann ráta Minicíochta Timpistí is Cúis le hAga Díomhaoin (LTAFr) do thionscadail tógála BIÉ agus 0.51 (2021: 0.58). Ba ionann an LTAFr do Chonraitheoirí Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (MMaRCanna) agus 0.43 (2021: 1.30).
 - Rinneamar bainistiú ar dháileadh 210,000 tonna salainn a úsáideadh ar chóireálacha i rith an gheimhridh i gcaitheamh 74 lá ar fud an ghréasáin mhótarbhealaí MMaRC & CPP (2021: 18,500 tonna salainn i gcaitheamh 75 lá).
 - Thugamar faoi 655 cigireacht ar phríomhdhroichid (2021: 654).
 - Thugamar faoi 264ciliméadar d'oibreacha athnuachaintí dromchla pábhála (2021: 300km).
 - Rinneamar fad 570ciliméadar den ghréasán bóithre náisiúnta a athailíniú (2021: 565km).
-
- Rinneamar roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm acu eispéireas dearfach a sholáthar d'fhostaithe, agus éagsúlacht agus ionchuimsiú á gcothú, agus cumas ár ndaoine a chothabháil, a fheabhsú agus leas a bhaint as. Áiríodh leis seo clár de thionscnaimh Folláine agus Seachtain Folláine 2022, sraith seimineár gréasáin ar an Lucht Saothair Ilghlúine, Oiliúint ar an gClaoantuarim Neamh-Chomhfhiosach don fhoireann go léir, agus imeacht Lá Idirnáisiúnta na mBan le cainteoir abhcóideachta míchumais, i measc tionscnamh eile.
 - Chuireamar seacht gcúrsa oiliúna ar chaighdeán theicniúla ar fáil dár n-innealtóirí bóthair trí shraith seimineár gréasáin domhain. Díríonn na himeachtaí seo ar fhoireann údaráis áitiúil atá ag gabháil do thionscadail bhóithre náisiúnta agus ar úsáideoirí eile a bhaineann leas as ár gcaighdeán.
-
- D'fhreastail níos mó ná 300 oifigeach Údaráis Áitiúil ar ár gcomhdháil Bhliantúil Bhóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí a tionóladh i Sligeach i Meán Fómhair 2022.
 - Chuireamar tús le heagrú Chomhdháil na Láithreach Iompair (TRA), an chomhdháil iompair is mó san Eoraip, a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath in 2024 thar ceann na Roinne Iompair.
 - D'óstálar cruinniú Mullaigh Domhanda IBTTA i mBaile Átha Cliath. Áiríodh sa chlár taispeántas, turas teicniúil ar Ionad Rialaithe Mótarbhealaí BIÉ agus seisiún ar inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide chomh maith leis an dul chun cinn is déanaí i muirearú úsáideoirí bóthair, CPPanna, sábháilteacht ar bhóithre agus teicneolaíochtaí dolá.
-
- D'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide BIÉ i Ráithe 4 2022, mar chuid de Shainordú BIÉ um Gníomhú ar son na hAeráide atá leagtha amach sa Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide (CAP) 21.
 - D'eisíomar ár gcéad tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Nollag 2022.
 - Féach ár rannán Inbhuanaitheacht ag BIÉ thíos le haghaidh tuilleadh sonraí ar ár ngnóthachtálacha in 2022.

Inbhuanaitheacht ag BIÉ

Is í ár bhfís ceannas a ghlacadh as soláthar agus oibriú iompair inbhuanaithe, a chumasóidh ár ngréasáin chun borradh ionchuimsitheach a chur chun cinn, deiseanna poist a chruthú, feabhas a chur ar fholláine gach duine lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, ár n-athléimneacht a neartú chun dul i ngleic le hathrú aeráide, leanúint de bheith tiomanta don chomhshaol agus leanúint do thús áite a thabhairt don tsábháilteacht.

Ar fud gach a dhéanaimid, táimid tiomanta dár gcuspóir chun bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, caighdeán níos fearr beatha a sholáthar, tacú le borradh geilleagrach agus meas a léiriú ar an timpeallacht. Tá BIÉ tiomanta do dhea-rialachas agus do chleachtas eiticíúil agus aithnímid, mar chuid de seo, an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht mar fhreagracht chorparáideach. Caithfidh iompar tairbhe a sholáthar do chách trí chóras iompair sábháilte, iontaofa, agus cothrom a sholáthar. Is féidir le BIÉ tacú le planáil chomhtháite inbhuanaithe iompair trí fhorbairt a dhéanamh ar mhodhanna iompair a bhaineann an chothromaíocht chuí amach, agus claochlú nua a thabhairt isteach i gcomhthráth lenár spriocanna níos fadtéarmaí inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Próifíl Astaíochtaí Carbóin na hÉireann

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) freagrach as tuairisciú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Baineann an tuarascáil astaíochtaí gáis cheaptha teasa is déanaí in Éirinn leis an mbliain fhioscach 2021, bunaithe ar fhiigiúirí sealadacha a cuireadh san áireamh i gcomhardú eatramhach fuinnimh SEAI a cuireadh ar fáil i mí an Mheithimh 2022.

In 2021, measadh gurb ionann astaíochtaí sealadacha carbóin GHG na hÉireann agus 61.5 milliún tonna CO₂e (coibhéis dé-ocsaíde carbóin), a bhí 4.7% níos airde ná an bhliain roimhe sin (58.77 milliún tonna CO₂e). B'ionann an earnáil iompair agus 17.7% d'astaíochtaí iomlána gáis cheaptha teasa sa tréimhse seo. ([Na sonraí astaíochtaí is déanaí | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil \(epa.ie\)](#))

Astaíochtaí Carbóin an Iompair agus Athruithe Tuartha

Measadh gurb ionann astaíochtaí carbóin na hearnála iompair in 2021 10.9 milliún tonna CO₂e, a bhí 6.1% níos airde ná an bhliain roimhe sin (10.3 milliún tonna CO₂e). Sna blianta 1990-2021, tá méadú 112.2% tagtha ar astaíochtaí na hearnála iompair, agus méadú thart ar 115.2% tagtha ar iompar ar bóthar. Bhí astaíochtaí ó iompar ar bóthar réasúnta cobhsaí don tréimhse 2015-2019, ar an meán 11.6 milliún tonna CO₂e ach laghdaíodh iad go 9.7 milliún tonna CO₂e in 2020, agus bhí tionchar ag srianta COVID-19 ar astaíochtaí iompair den chuid is mó thar an tréimhse 2020 go 2021.



Tugadh ar aird gur tháinig méadú beagnach faoi dhó ar líon na bhfeithiclí leictreacha in 2021 i gcomparáid le 2020, thart ar 47,000 atá ar bhóithre na hÉireann faoi láthair. D'fhéadfadh méadú ar ghlacadh feithiclí leictreacha a bheith i bpáirt mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna breosla. Agus cás 'Le Beartha Reatha' ón EPA á mheas, meastar go dtiocfaidh fás 5.2% ar astaíochtaí iompair idir 2021 agus 2030 go 10.4 milliún tonna CO₂e. Tá súil le laghdú 32.2% anuas go dtí 7.4 milliún tonna CO₂e idir 2021 ag 2030 sa chás go gcuirtear 'Beartha Breise' i bhfeidhm, agus glacann na bearta seo leis go mbeidh 944,600 feithicil leictreach ar na bóithre faoin mbliain 2030. ([Iompar | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil \(epa.ie\)](#))

Plean na hÉireann um Gníomhú ar son na hAeráide agus gníomhartha BIÉ


Foilsíodh Plean na hÉireann um Gníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP) i Samhain 2021, ag an tráth céanna a thit Comhdháil um Athrú Aeráide na Náisiún Aontaithe amach i nGlaschú (COP26). Tá impleachtaí soiléire aige i dtaoibh BIÉ i dtaca le cur le buiséid na hÉireann agus earnála na hÉireann maidir le laghduithe ar charbón agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa eile. Gheall Éire go mbainfeadh neodracht ó thaobh carbóin de amach faoin mbliain 2050. Daingníodh an gealltanas seo laistigh den Acht um Gníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, lena mbaineann an CAP. Tugtar cuntas i CAP an Rialtais ar conas a bhainfidh sé a sprioc uailmhianach

amach le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoin mbliain 2030 agus neodracht ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2050. Mar fhreagairt d'uailmhian an rialtais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, tugtar cuntas ar na gníomhartha seo a leanas de chuid BIÉ in CAP 2021 an Rialtais:

- Cuirfimid feabhas ar agus cuirfimid lenár ngréasáin taistil ghníomhaigh agus ghlashbhealaí;
- Forbróimid Straitéis Gréasán Náisiúnta Raonta Rothar atá comhtháiteach agus ceangailte;
- Leanfaimid le luasteorainneacha athraitheacha/ bonneagar dinimiciúil bainistíochta tráchta a thabhairt isteach ar an M50 le sábháilteacht a mhéadú agus brú tráchta a laghdú;
- Soláthróimid conairí iompair phoiblí a sholáthraíonn lánaí bus a dtugtar tús áite dóibh ar bhealaí ábhartha gathacha náisiúnta chuig an M50 agus soláthróimid bearta tosaíochta busanna inbhuanaithe ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta;
- Cuirfimid tús le Metrolink, Luas Fhionnghlaise agus Luas Chorcaí a sholáthar i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair; agus
- Leanfaimid le Tionscadal BRUCE a fhorbairt.



Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa



Prótacal Gáis Cheaptha Teasa

Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a chatagóiriú ar roinnt bealaí a chabhraíonn le hastaíochtaí agus tuairisciú gaolmhar a thuiscint. Baineann BIÉ úsáid as an bPrótacal Gáis Cheaptha Teasa chun a chuid astaíochtaí a thomhas agus a thuairisciú.

Is caighdeán é an Prótacal Gáis Cheaptha Teasa (GCT) a aithnítear go hidirnáisiúnta chun astaíochtaí a thomhas agus a bhainistiú. Laistigh den chreat seo, déantar astaíochtaí a chatagóiriú i dtrí shainmhíniú scóipe:

Scóip 1: astaíochtaí díreacha ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eagraíochta;

Scóip 2: astaíochtaí indíreacha ó leictreachas; agus

Scóip 3: astaíochtaí indíreacha.

Príomhléargais

In 2021, bhí próifíl astaíochtaí carbóin BIÉ mar atá leagtha amach san íomhá thuas. Ar an iomlán, tá laghdú 15% tagtha ar astaíochtaí BIÉ ó 2018. Ó 2020 go 2021, áfach, tháinig méadú 9% ar astaíochtaí.

D'fhan astaíochtaí díreacha (Scóip 1) ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó á rialú ag BIÉ m.sh. gás i bhfoirgneamh agus i bhflít BIÉ, comhsheasmhach ó 2018 go 2021 le laghdú 1%. Is ionann úsáid díosail i bhflít BIÉ agus an rannchuiditheoir is suntasaí le hastaíochtaí scóip 1; 67% in 2021. Laistigh de Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ 2022, shainaithin BIÉ naoi dtionscadal a laghdódh astaíochtaí scóip 1 faoi 2030.

Tá laghdú seasta tagtha ar astaíochtaí indíreacha ón leictreachas (Scóip 2) ó 2018 go 2020. In 2021, in ainneoin nár tháinig méadú ach 1% ar thomhaltas leictreachais, tháinig méadú 21% ar

astaíochtaí. Tharla an méadú seo ar astaíochtaí go príomha mar gheall ar níos mó guail agus níos lú gaoithe a bheith á n-úsáid in 2021 chun leictreachas a chruthú ar fud eangach leictreachais na hÉireann. Ba iad an t-iarnród éadrom (46 %) agus na CPPanna agus oibríochtaí MMarC (30%) na rannchuiditheoirí ba shuntasáí laistigh de scóip 2 in 2021. Laistigh de Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ 2022, shainaithin BIÉ naoi dtionscadal a laghdódh astaíochtaí scóip 1 faoi 2030.

Tháinig laghdú 16% ar astaíochtaí indíreacha eile (Scóip 3) ó fhoinsí nach bhfuil faoi úinéireacht nó faoi smacht BIÉ amhail astaíochtaí tógála agus astaíochtaí ó úsáideoirí bóithre ar an ngréasán, ó 2018 go 2021. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar laghdú ar astaíochtaí in úsáid bóithre. Cé is moite d'astaíochtaí ó úsáid bóithre, tháinig méadú 32% ar astaíochtaí sa tréimhse chéanna áfach.


B'ionann astaíochtaí in Úsáid Bóithre agus 95% d'astaíochtaí scóip 3 in 2021. D'fhan astaíochtaí réasúnta seasmhach suas go dtí 2019, agus tharla laghdú 23% in 2020 ar aon dul le srianadh COVID-19 agus méadú 9% sa bhliain dar gcionn de réir mar a baineadh srianta.

Is ionann astuithe ón nGréasán Bóithre Náisiúnta (bóithre díreacha , CPP, MMarC agus Glasbhealaí) agus 89% d'astuithe BIÉ (gan Úsáid Bóithre a áireamh) agus méadú 30% ó 2018 .

Is ionann ábhair thógála laistigh de bhóithre díreacha agus 62% d'astaíochtaí BIÉ (gan Úsáid Bóithre a áireamh) in 2021. Is iad créfoirt agus ábhair bhíotúmanacha is cúis le formhór na n- astaíochtaí sin. Tá méadú suntasach tagtha ar na hastaíochtaí seo ó 2018 (faoi 49%) mar gheall ar mhéadú ar na ciliméadair bóthair a tógadh ó 37km in aghaidh na bliana in 2018 go 59km in 2021 . Is ionann an méadú seo agus 86% den mhéadú ar astaíochtaí scóip 3 (gan Úsáid Bóithre a áireamh) in 2021.

Taispeántar an treocht maidir le hastaíochtaí tógála agus cothabhála BIÉ ar dheis. Tá treocht aníos in astaíochtaí le haghaidh tógála agus cothabhála (cosaint agus athnuachan) ó 2018. Tá laghdú suntasach tagtha ar astaíochtaí ó oibríochtaí (nach dtaispeántar) laistigh de scóip 3 ó 2018, cé gurb ionann iad agus cuid bheag d'astaíochtaí scóip 3 foriomlána.

Is ionann astaíochtaí comaitéireachta foirne agus níos lú ná 1% d'astaíochtaí scóip 3 (gan Úsáid Bóithre a áireamh) in 2021.



1 Áirítear ar na bóithre díreacha: Trealamh ar an nGréasán, M11 GE – Loch Garman, M18 – An Clár, M7 – Tiobraid Árann, N25 – Corcaigh, N25 – NR.
 2 Maidir le tógáil Iarnróid Éadroim, níl aon sonraí ar fáil do Thionscadail Feabhsúcháin Iarnróid Éadroim (2016 -2021) agus do Thionscadail Chaipitil (2018-2021).
 3 Comhfhogasú bunaithe ar dhoiciméid phoiblí BIÉ.
 4 Cuirtear iarnród éadrom as an áireamh chun comhaireamh dúbailte a sheachaint. Ní thugtar cuntas faoi láthair ach oiread ar astaíochtaí ó oibriú ón mbaile.
 5 Rinneadh an normalú a ríomh ar bhonn 'in aghaidh an fhostaí in aghaidh an lae oifige'.

thre a áireamh) ach tháinig laghdú air ó 324 tonna CO₂e go 28 dtonna CO₂e ó 2018 go 2021 mar gheall ar COVID-19 . Agus normalú á dhéanamh ar astaíochtaí comaitéireachta foirne in aghaidh an fhostaí in aghaidh an lae, tháinig laghdú 7% ar astaíochtaí 2021 i gcomparáid le 2018 . I gcomhréir le ‘Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh’, thuairiscigh BIÉ 19.4 tonna d’astaíochtaí carbóin a bhaineann le gach aerthaisteal oifigiúil agus d’aistrigh sé an méid atá comhionann leis an tionchar astaíochtaí taistil isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

I gcothabháil an gheimhridh, tháinig méadú 31% ar astaíochtaí úsáide salainn ó 2018 go 2021, cé gurb ionann iad agus níos lú ná 1% d’astaíochtaí scóip 3 (gan Úsáid Bóithre a áireamh) in 2021.

Cé nach bhfuil gach astaíocht faoi smacht BIÉ, tá BIÉ freagrach go hindíreach as astaíochtaí scóip 3 agus is féidir leis tionchar a imirt ar astaíochtaí ar fud an tslabhra soláthair agus an chórais iompair. Aithníodh sé luamhán tionchair i dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ.

Sainordú BIÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022

Díríonn Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí a leagtar amach sa Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP 21), go príomha ar astaíochtaí 1 agus 2 a laghdú agus ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí, lena n-áirítear BIÉ, é a ghlacadh mar mhodh chun dea-shampla a threorú i dtéarmaí na n-athruithe eagraíochtúla a theastaíonn chun dícharbónú a dhéanamh. Leagtar amach sa sainordú ceanglais maidir le gníomhaíocht agus tuairiscíú ar fud na réimsí seo a leanas:

- Spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa;

- Daoine;
- Bealaí Oibre; agus
- Tógáil agus feithiclí.

Tá BIÉ ag cur na ngníomhartha atá leagtha amach sa sainordú i bhfeidhm go gníomhach mar atá leagtha amach i dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ.

Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ

Leagtar amach i dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ 2022 (Treochlár) pleananna BIÉ chun astaíochtaí a laghdú agus spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Ullmhaíodh é de réir treorach ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus ó Chaibidil 9 de CAP21, ina sonraítear go mbeidh an earnáil poiblí chun tosaigh trí shampla maidir le gealltanais dícharbónaithe na hÉireann a chomhlíonadh.

Foilsíodh an Treochlár i mí na Nollag 2022 agus tá sé le fáil ag www.tii.ie.

Straitéis Oiriúnaithe Aeráide BIÉ

In 2019, dhearbhaigh Éire go bhfuil an náisiún in éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta, agus go bhfuil tionchair an athraithe aeráide le brath níos mó ar fud na tíre. Chun aghaidh a thabhairt air seo, in 2021, d’fhorbair Rialtas na hÉireann an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP21). Leag Cap21 ceanglas ar BIÉ straitéis nuashonraithe a fhoilsiú maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh sé na gréasáin iarnróid éadroim agus na bóithre náisiúnta a oiriúnú i bhfianaise aeráide atá ag athrú. Is í an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide freagra BIÉ ar Ghníomh CAP21 297, “Feabhas a chur ar athléimneacht aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide ar an Iarnród Éadrom agus ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta”.



Foilsíodh an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide i mí na Nollag 2022 agus tá sí le fáil ag www.tii.ie.

Measúnú Aeráide agus Carbóin do Mhórtionscadail

Forbraíodh agus foilsíodh sraith de Chaighdeán, Treoirlínte agus Uirlisí Teicniúla uileghabhálacha do Cháilíocht Aeir, d'Aeráid agus do Mheasúnacht Charbóin do mhórtionscadail. Dírionn na doiciméid seo ar an aistriú go neodracht, mar a leagtar amach i bprionsabal 5 de Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta (SIP) BIÉ, agus tacaíonn siad le Straitéis Oiriúnaithe Aeráide BIÉ trí chur chuige comhchuibhithe a leagan amach maidir le gníomhú ar son na haeráide.

I measc na ndoiciméad tá:

1. Samhail Astaíochtaí Bóthair (REM) BIÉ: Tuarascáil Forbartha Samhail (GE-ENV-01107) Astaíochtaí Úsáideoirí Bóithre
2. Uirlis Mheasúnaithe Carbóin BIÉ do Thionscadail Bóthair agus Iarnróid Éadrom agus Doiciméad Treorach Úsáideoira (GE-ENV-01106) Astaíochtaí Corpraithe Tógála agus Cothabhála Saoil
3. Seol ríomhphost chuig climatetools@tii.ie chun údarú a fháil chun an méid thuas a úsáid
4. Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir do Bhóithre Náisiúnta, Iarnród Éadrom agus Rotharbhealach Tuaithe (PE-ENV-01106)
5. Caighdeán Measúnaithe Cáilíochta Aeir do Bhóithre Náisiúnta Beartaithe (PE-ENV-01107)
6. Treoir Aeráide do Bhóithre Náisiúnta, Iarnród Éadrom agus Rotharbhealach Tuaithe (PE-ENV-01104)

7. Caighdeán Measúnaithe Aeráide do Bhóithre Náisiúnta Beartaithe (PE-ENV-01105)

Buaicphointí Inbhuanaitheachta 2022 agus spriocanna amach anseo

Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta BIÉ

In 2021, d'fhoilsíomar ár bPlean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta – Ár dTodhchaí (SIP) i gcomhthéacs ár bhfís a bheith chun tosaigh maidir le córais iompair inbhuanaithe a sheachadadh agus a oibriú. Tar éis na blianta a chaitheamh de bheith tiomanta agus d'iarracht a dhéanamh, agus de chur lenár láidreachtaí reatha, leagtar fíis shoiléir amach sa phlean seo, agus bunaítear treochlár ann leis an inbhuanaitheacht a leabú ar fud ár n-eagraíochta agus ár ngníomhaíochtaí. Déanann sé phrionsabal threoracha na hinbhuanaitheachta cur síos ar conas a sholáthróimid todhchaí inbhuanaithe trínár n-obair, agus tabharfaimid faoi chlár gníomhaíochtaí sna deich mbliana agus níos faide i gcéin amach romhainn chun tacú leis an uailmhian seo. Dírionn na prionsabail threoracha seo ar ár bpríomhlimistéir a dtugtar tús áite dóibh don chlár forbartha inbhuanaithe laistigh dár n-eagraíocht: Gníomhaíonn na prionsabail inbhuanaitheachta mar ár gcreat treorach ar mhaithe le príomhghníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ar fud ár n-eagraíochta. Tuigimid gur gá dúinn cur le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ar fud na hÉireann trí aghaidh a thabhairt ar ár sainchúram agus trí thacú le agus dul i gcion ar ár bpáirtithe leasmhara.

Cuirtear príomh-bhuaicphointí agus spriocanna amach anseo ar fáil sna táblaí thíos do gach ceann de na prionsabail seo.





Soghluaisteacht éifeachtúil agus chothrom a sholáthar

Borradh dlúth uirbeach agus inrochtaineacht réigiúnach a chumasú trí ghréasáin agus seirbhísí a thacaíonn le haistir níos éifeachtúla, nascacht níos éifeachtaí, agus inrochtaineacht mhéadaithe.

Éachtaí 2022

- Chuireamar an t-iarratas ar Ordú Iarnróid MetroLink faoi bhráid an Bhoird Pleanála i Ráithe 3 2022 de réir ghníomh 247 de CAP 21.
- D'fhorbraíomar agus chuireamar Plean Gréasáin Rothar Náisiúnta comhtháiteach agus ceangailte faoi bhráid na Roinne Iompair i Ráithe 4 2022, de réir ghníomh 232 de CAP 21.
- D'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Lámhleabhar Bainisteora Tionscadail do Thionscadail Ghlasbhealaigh (agus Treoirínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ) chun forbairt tionscadal glasbhealaigh náisiúnta agus réigiúnacha faoi shainchúram BIÉ a threorú. D'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Caighdeán an Ghlasbhealaigh freisin.
- D'fhoilsíomar caighdeán d'áiseanna bus ar an ngréasán bóithre náisiúnta i Ráithe 2 2022, dar teideal: Nóta treorach eatramhach – 'DN-GEO-03087 - Hard Shoulder Bus Priority Measures on Motorways and Type 1 Dual Carriageways'.
- Lorgaíomar ionchur ón bpobal agus ó phríomhpháirtithe leasmhara maidir lenár ndrúchtstraitéis do bhóithre náisiúnta: Bóithre Náisiúnta 2040.
- Chríochnaíomar an dréacht-tuarascáil maidir le roghanna Tionscadail BRUCE (Meastóireacht ar Luchtú Níos Fearr d'Úsáideoirí Bóithre) maidir le maoiniú a dhéanamh ar oibriú agus ar chothabháil an ghréasáin bóithre náisiúnta tar éis na CPPanna (2033 -2052).
- Chríochnaíomar suiteálacha Córais Iompair Chliste (ITS) ar an N40 agus ar na bealaí ascnaimh go Corcaigh i dteannta leis an uasghrádú ar Acomhal Dunkettle, lena n-áirítear Comharthaí Teachtaireachta Inathraithe (VMS) agus imscaradh CCTV.
- Leanamar leis an gclár píolótach d'imscaradh ITS ar an M50, M1, M8 agus bealaí eile.
- Chuireamar tús le luasteorainneacha athraitheacha agus rialú lána a chur i bhfeidhm feadh an M50.
- Chríochnaíomar Luas Fhionnghlaise – Réamhdhearadh i Ráithe 4 2022.
- Chríochnaíomar Iarnród Éadrom Meariompair Chorcaí - Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh (TMS) i Ráithe 4 2022.

Spriocanna amach anseo – 2023 agus níos faide chun cinn

- Leanfaimid ar aghaidh le VMS, CCTV agus threalamh eile TMS a shuiteáil ag láithreacha straitéiseacha ar an mórghréasán Débhealach mótarbhealaigh idiruibhígh faoi R4 2025.
- Foilseoidimid ár straitéis Bóthar Náisiúnta 2040 a ailíníonn le Tionscadal Éireann 2040 agus le Creat Infheistíochta Náisiúnta RI d'Iompar Éireann agus scaipfidimid an tuarascáil ar phríomhpháirtithe leasmhara.
- Foilseoidimid plean an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar in 2023.
- Tabharfaimid an próiseas meastóireachta roghanna chun críche mar chuid de Thionscadal BRUCE, lena n-áirítear buntáistí agus míbhuntáistí do gach rogha, agus cosán cur chun feidhme ardleibhéil do gach rogha faoi lár 2023 de réir spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Críochnóimid an MetroLink – Plean Inbhuanaitheachta Tionscadail i R1 2023.
- Ag leanúint lenár bhfócas ar Inrochtaineacht Iarnróid Éadrom, déanfaimid measúnuithe leanúnacha ar nascacht saoraidí rothaíochta le Stadanna Luas chomh maith le hoibreacha leanúnacha timpeall ar Stáisiúin Luas (m.sh. Sráid Uí Chonail agus Sráid na Mainistreach) chun athbhreithniú a dhéanamh ar chrua-thírdhreachú, idirmhalartú agus inrochtaineacht a fheabhsú.
- Cuirfidimid roinnt tionscadal i gcrích in 2023 ar Luas Fhionnghlaise, lena n-áirítear an tOrdú Iarnróid a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.



Gréasáin agus seirbhísí sábháilte agus athléimneacha a chumasú


Taisteal sábháilte, slán, inrochtana agus ionchuimsitheach a chumasú trí ghréasáin, córais agus seirbhísí iompair atá athléimneach d'athrú amach anseo.

Éachtaí 2022

- Rinneamar Straitéis BIÉ um Oiriúnú d'Athrú Aeráide a nuashonrú agus a fhoilsiú ar Iarnród Éadrom agus ar Iarnród Éadrom agus ar Ghréasán Bóithre Náisiúnta na hÉireann i R4 2022, de réir ghníomh 297 de CAP 21.
- Chuireamar dhá cheann de 10 ngníomh BIÉ ainmnithe i gcrích faoi Chéim 1 de Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Rialtas na hÉireann (2021 -2030), i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus táimid ar an sprioc na hocht gcinn eile a chur i gcrích in am de réir na straitéise.
- Leanamar lenár gclár chun córas comhtháite bainistíochta sócmhainní a fhorbairt don ghréasán bóithre náisiúnta. Foilsíodh fardal sócmhainní agus tuarascálacha luachála. Ullmhaíodh dréachtcháipéisí beartais agus straitéise agus reáchtáladh ceardlanna do pháirtithe leasmhara. Tá tús curtha le hobair ar phleananna gníomhaíochta deighleoise aonair a fhorbairt.
- Leanamar leis an gclár nuachóirithe trealaimh gheimhridh lena n-áirítear athsholáthar flít agus gluaiseacht chuig cóireáil réamhfliuch in údarais áitiúla, mar aon le haon fheabhsú riachtanach ar áiseanna stórála agus iostaí.
- Leanamar orainn ag tacú agus ag riaradh na scéime Díolúine ó Dholáí do Dhaoine faoi Mhíchumas trí rannpháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú. Rinneadh suirbhé i mí Iúil agus bhí níos mó ná 90% de na freagróirí an-sásta nó sásta lena dtaithí ar an tseirbhís. Rinneadh thart ar 3,500 diosca a athnuachan in 2022 as 10,300 diosca beo a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana 2022.

Spriocanna amach anseo – 2023 agus níos faide chun cinn

- Foilseoidimid an chéad áis Páirceála agus Roinnte de chuid BIÉ.
- Leanfaimid orainn ag comhlíonadh na n-ocht bpríomhghníomhaíocht i gCéim 1 de Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Rialtas na hÉireann (2021-2030).
- Cuirfimid soláthar an chonartha dara glúin OMTTCC (An Ionad Rialaithe Oibríochtaí agus Cothabhála Tollán agus Tráchtá) chun cinn in 2023, a bhaineann le tolláin Bhaile Átha Cliath agus Jack Lynch agus an tIonad Rialaithe Oibríochtaí Mótarbhealaigh (MOCC).
- Cuirfimid cur i bhfeidhm na n-oibreacha uasghrádaithe agus athnuachana chun cinn chun comhlíonadh na Rialachán Tógála a chinntiú agus chun áiseanna Áiteanna ag Athrú a ionchorprú ar fud na 6 shuíomh MSA faoin gConradh T1MSA.
- Tá sé mar aidhm againn láithreán gréasáin nua a eisiúint do www.luas.ie, chun feabhsuithe ar inrochtaineacht a ionchorprú agus an caighdeán EN 301 549 (ceanglais inrochtaineachta do tháirgí agus seirbhísí TFC) a shásamh.
- Tar éis fógraí ceann scríbe inchloiste nua ar bord a thabhairt isteach ar fud fhliú Líne Uaine Luas chun cabhrú le custaiméirí lagamhairc, tá sé beartaithe againn feabhsuithe den chineál céanna a dhéanamh ar fhliú na Líne Deirge in 2023.



Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach

Sócmhainní agus seirbhísí cliste agus inbhuanaithe a fhorbairt trí phleanáil, dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil an ghréasáin iompair a nuálú agus a fheabhsú, comhoibriú agus smaointeoireacht chóras a mhéadú le comhghnóthachain a lorg agus le seachtracht dhiúltach a mhaolú.

Éachtaí 2022

- Forbraíodh ár mBeartas um Gheilleagair Ciorclach chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a shainiú do BIÉ le béim ar leith ar na prionsabail inbhuanaitheachta a ionchorprú.
- Leanamar le rannpháirtíocht leanúnach idir ÚNI, BIÉ, agus RI maidir le bonneagar taistil gníomhach a sheachadadh, mar chuid de Ghrúpaí Ceannaireachta agus Seachadta an Bheartais Soghluaisteachta Inbhuanaitheachta, lena n-áirítear tionscadail aimsithe cosán a aithint faoin mBeartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaitheachta.
- Reáchtáladh Seachtain Nuálaíochta BIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2022 ag ionchorprú tionscadal píolótach nuálaíochta BIÉ "All Aboard" – Podchraoladh Inrochtaineachta BIÉ.
- D'fhorbraíomar gné nua tuairiscithe ar lompar Frithshóisialta laistigh d'Áip Fíor-Ama Luas, a chinneann suíomh agus ceann scríbe an úsáideora. Reáchtáil BIÉ ceardlann ag roinnt a chuid foghlama le hoibreoírí iompair eile agus chabhraigh siad lena bhforbairtí comhchosúla féin.

Spriocanna amach anseo – 2023 agus níos faide chun cinn

- Foilseoimid Beartas Geilleagar Ciorclach BIÉ dár bpáirtithe leasmhara, ag tabhairt ar aird fócas ar leith ar na caighdeáin nua-fhorbartha chun aghaidh a thabhairt ar thaisteal gníomhach, an geilleagar ciorclach, cosáin inbhuanaithe, créfoirt agus droichid.
- Foilseoimid straitéisí nua Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha BIÉ in 2023.



Feabhsúcháin ó cheann go ceann a sholáthar

Luach breise thar shaolré a sholáthar trí thionchar a imirt ar agus dul i gcion ar pháirtithe leasmhara, ar chomhpháirtithe, agus ar sholáthraithe..

Éachtaí 2022

- Leanamar lenár mbearta um Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) lena n-áirítear laghdú ar ghearradh féir, úsáid laghdaithe lotnaidicídí/luibhicídí, agus meascán AIPP atá neamhdhíobhálach a éascú ag Timpealláin/gnéshuíomhanna.
- Leanamar orainn ag cur chun cinn cur i bhfeidhm na mbreithnithe inbhuanaitheachta trí úsáid a bhaint as na critéir dhámhachtana theicniúla agus tráchtála, go háirithe tairiscint a shainiú ar chostais saolré iomlán i gcomparáid leis an gcostas caipitil ar an bpraghas is ísle.

Spriocanna amach anseo – 2023 agus níos faide chun cinn

- Leanfaimid orainn ag leabú breithnithe inbhuanaitheachta inár bpróiseas soláthair.



Aistriú chuig neodracht ó thaobh fuinnimh de

Tionchar carbóin thógáil, oibriú agus úsáid an ghréasáin iompair a laghdú trí úsáid fheagrach a bhaint as acmhainní, athúsáid agus athearaíocht a bhaint as rudaí, chomh maith leis an aistriú chuig neodracht a thabhairt chun cinn agus a chur ar chumas custaiméirí rogha níos inbhuanaithe a dhéanamh.


Éachtaí 2022

- D'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ i Ráithe 4 2022, mar chuid de Shainordú BIÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide atá leagtha amach i CAP 21.
- Leanamar leis an gclár beart atá tíosach ar fhuinneamh i dtaobh soilsiú ar bhealaí náisiúnta ar an ngréasán neamh-mhótarbhealaigh, ar aon dul le clár coigiltis fuinnimh 2030 agus le Clár an Rialtais.
- Laghdaíomar ídiú fuinnimh ar fud gníomhaíochtaí conartha trí shoilsiú a mhúchadh agus a thiontú go LED, ídiú breosla feithiclí, téamh foirgneamh.
- Mhéadaíomar úsáid foinsí in-athnuaite chun an t-éileamh leictreachais atá fágtha a laghdú tuilleadh agus tá dearaí tosaithe againn le haghaidh úsáid mhéadaithe foinsí in-athnuaite ag láithreacha BIÉ ar fud an Ghréasáin.
- Maidir le húsáid díosail, i gcomhar lenár gconraitheoirí leanamar orainn ag cur le húsáid feithiclí leictreacha ar fud flíteanna conraitheoirí, agus is feithiclí leictreacha iad gach carr nua.
- Chuireamar aonaid luchtaithe ar fáil in iostaí gréasáin agus ag láithreacha eile ag cinntiú go n-éireoidh le húsáid feithiclí leictreacha.
- Maidir le haicmí eile feithiclí nach bhfuil réitigh FL ar fáil go héasca fós, mhéadaíomar úsáid athsholáthair breosla in-athnuaite le haghaidh díosail ar a dtugtar Ola Glasraí Hidriginithe (HVO). Ag tosú i mí Dheireadh Fómhair, tharla tomhaltas iomlán de 50,000 HVO i réigiún an Iarthair áit ar éirigh le gné shuntasach den fhlít tréimhse an gheimhridh a bhainistiú ar HVO. Tá HVO á thriail freisin ag roinnt Oibreoirí ar fud an ghréasáin. Leanfaimid orainn ag iniúchadh bealaí chun úsáid HVO ar fud an ghréasáin a mhéadú.
- Mar chuid dár saineolas agus ár gcumas a fhorbairt chun astaíochtaí áitiúla agus náisiúnta a bhaineann leis an ngréasán bóithre náisiúnta a shamhaltú, sheolamar uirlis Shamhail Astaíochtaí Bóthair BIÉ.
- D'fhoilsíomar Caighdeán nua maidir le Cáilíocht Aeráide agus Aeir do Bhóithre Náisiúnta beartaithe agus chuireamar i gcrích forbairt ar chur i bhfeidhm gréasánbhunaithe Uirlis Measúnaithe Carbóin BIÉ do Bhóithre & Iarnród Éadrom.
- Chuireamar athbhreithniú ar inbhuanaitheacht i seachadadh cré-oibreacha i gcrích agus d'fhorbraíomar uirlis anailíse olltoirte i R2 2022.
- Leanamar leis an nGrúpa Seachadta Fuinnimh agus Carbóin laistigh den phunann inbhuanaitheachta chun treoir straitéiseach a sholáthar do BIÉ maidir le bainistiú astaíochtaí carbóin, lena n-áirítear catagóirí sonraí, sainiú foinsé agus riachtanais tuairiscithe inmheánacha/seachtracha.
- Thugamar tacaíocht do bhunú agus d'úsáid Feithiclí Saor Ó Astaíochta in Éireann (ZEVI), tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann atá bunaithe sa RI.

- Leanamar orainn ag tacú agus ag riaradh na scéime Dreasachta Dolaí d'Fheithiclí Astaíochtaí Íseal (LEVTI) thar ceann na Roinne Iompair ag spreagadh ár gcustaiméirí chun bogadh i dtreo feithiclí a bhfuil breosla malartach acu. Chonaiceamar an scéim seo ag fás ó níos mó ná 4,000 feithicil in 2018 go dtí beagnach 32,000 in 2022 ag soláthar lascaí os cionn €2 mhilliún dár n-úsáideoirí bóithre.
- Leanaimid orainn ag tacú agus ag riaradh na scéime deontais ceannaigh Feithiclí Tromshaothair Breosla Mhalartaigh Cheannach (AFHDV) thar ceann na Roinne Iompair chun dícharbónú an lasta a chur chun cinn. In 2022, ceadaíodh os cionn 20 iarratas ar dheontas do 52 feithicil arbh fhiú os cionn €3.1 milliún san iomlán iad.

Spriocanna amach anseo – 2023 agus níos faide chun cinn

- Rachaimid ar aghaidh leis na tionscadail a sainathnóidh mar chuid de Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BIÉ chun laghdú ar na hastaíochtaí a thiomáint ar fud na ngréasán bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim, lena n-áirítear mar shampla:
 - Cuirfimid soilsiú féinfhaireacháin LED in ionad soilsiú sóidiam neamhéifeachtúil atá ann cheana féin ar ardáin LUAS.
 - Déanfaimid triail Teasa, Aerála agus Aerchóirithe (HVAV) trí rialuithe braiteora CO2 a chur i bhfeidhm chun teas agus aeráil a rialáil do phaisinéirí ar bord Tram na Líne Uaine & na Líne Deirge;
 - Cuirfimid an chéad tréimhse iomlán seirbhíse geimhridh i gcrích ag úsáid breosla in-athnuaite (HVO) agus leanfaimid orainn ag cur le húsáid breosla in-athnuaite i bhfeithiclí Bainistíochta Gréasán;
 - Leanfaimid orainn ag tiomáint aistriú an fhlít conraitheora go FL, nuair is cuí;
 - Méadóimid na forálacha pointe luchtaithe ag ISManna BIÉ chun freastal ar éileamh atá ag ardú agus chun ailíniú le straitéis náisiúnta a fhorbairt.
- Rachaimid i dteagmháil le hoibreoirí príobháideacha ar an ngréasán Mótarbhealaí chun tacú leis an straitéis náisiúnta bonneagair FL, agus maidir le hoibleagáidí AE, go háirithe ar phointí luchtaithe tiomnaithe d'Fheithiclí Tromshaothair;
- Leanfaimid orainn ag riaradh na scéime LEVTI in 2023 le buiséad méadaithe chun ligean do ghlacadh méadaithe i bhfeithiclí leictreacha agus astaíochtaí ísle. Déanaimid é seo i gcomhpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse náisiúnta.
- Leanfaimid orainn ag riar na scéime AFHDV in 2023 le buiséad méadaithe de €5 mhilliún chun an t-aistriú a theastaíonn chuig feithiclí a iompraíonn earraí ar bhealach inbhuanaithe ar fud ár ngréasán a spreagadh tuilleadh.



Luach iomlán a chruthú don tsochaí

Soláthar cothrom luacha gheilleagraigh, comhshaoil, agus shóisialta a chothú agus a fheabhsú trí phleanáil dhian, breithmheas dian agus cinntí a thugann tús áite d'inhuanaitheacht.

Éachtaí 2022

- Leanamar le comhoibriú leanúnach leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus le húdaráis áitiúla i gCéim 4 de Mhapáil Straitéiseach Torainn (I.R. 549/2018).
- Rinneamar prionsabail inbhuanaitheachta a leabú agus a thabhairt chun críche inár gcaighdeán nua: Measúnú Aeráide agus caighdeán meastóireachta Carbóin do Thionscadail Bóithre Náisiúnta. Chomh maith leis sin, chuireamar bailchríoch ar an Doiciméad Treorach Teicniúil Uileghabhálach maidir le Cáilíocht an Aeir.
- Choimisiúnaigh muid ocht dtionscadal Taighde faoi Chlár Taighde BIÉ. Táimid taighde ar bun againn ar shamhaltú timpistí, samhaltú torainn, caighdeán uisce talún agus dromchla, monatóireacht fána, LIDAR le haghaidh seandálaíochta, saolré na mbacainní cruach, hailt asfalt féin-chneasaithe agus bithcheangail, ceapadh móna, measúnú ar thionchair torainn, saoráidí taistil ghníomhaigh aoisbháúla, agus inbhuanaitheacht shóisialta le haghaidh taistil ghníomhaigh agus glasbhealaí

Spriocanna amach anseo – 2023 agus níos faide chun cinn

- Ullmhóimid BIÉ d'iniúchadh Chéim 1 chun Córas Bainistíochta Comhshaoil a bhaint amach go ISO 14001.
- Leanfaimid orainn ag forbairt Bhailiúcháin Oidhreachtá Digití BIÉ, chun a chinntiú go mbeidh torthaí obair seandálaíochta BIÉ inrochtana do lucht féachana iomadúla chomh maith leis an bpobal, m.sh. taighdeoirí, pleanálaithe agus ealaíontóirí.





Pointí Luchtaithe EV, Oifig Bhoneagar Iompair Éireann, Baile Átha Cliath

Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (FL)

Cuirtear pointí luchtaithe Feithiclí Leictreacha (FL) ar fáil i ngach ceann de naoi n-ionad seirbhísí BIÉ do thiománaithe. Déanann an réimse áiseanna luchtaithe atá ar fáil aonaid chaighdeánacha agus mhearluchtaithe araon a sholáthar. Feabhsaíodh na seirbhísí pointe luchtaithe atá ar fáil freisin ag láithreacha i gcomhar leis an oibreoir mótarbhealaigh. Rinne BIÉ na háiseanna luchtaithe ag gach ceann de na naoi n-áis a léarscáiliú agus ag an dá áis déag de limistéar seirbhíse príobháidí atá suite ag aomhail mhótarbhealaigh nó i ngar dóibh.

Leanaimid orainn ag obair chun tacú leis an sprioc 660,000 Feithicil Leictreach Chadhnra a bheith ar an mbóthar faoin mbliain 2030, faoi mar a luaitear i PGA 2021 an Rialtais. Is dúshlánach don scála bonneagair leictreach a theastaíonn chun tacú le spriocanna an PGA agus leis na riachtanais fhéideartha i dtaobh Feithiclí Tromshaothair agus tá an scála sin an-substainteach nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil na hionaid seirbhísí ina suíomhanna atá sách scoite.

In 2022 chuireamar staidéar samhaltaithe leis na spriocfhigiúirí don fhlít FLanna a thiontú ina n-acmhainn luchtaithe agus ina riachtanais bhonneagair Leanann ár gcuid oibre samhaltaithe ar aghaidh in 2023 i gcomhar le ZEV1 agus ESB Networks. Tá tuiscint á forbairt againn uaidh seo ar an infheistíocht chaipitil a theastaíonn leis an mbonneagar luchtaithe a sholáthar do ghluaisteáin agus d'fheithiclí tromshaothair amach go 2030, atá le tabhairt chun críche a luaitear a bheidh oibleagáidí náisiúnta agus AE sainithe go hiomlán.

Ár nDaoine

Go luath in 2022, thosaigh deireadh ag teacht le bearta paindéime COVID-19, agus thosaigh foireann BIÉ ag filleadh ar an oifig ar bhonn céimnithe. Cuireadh treoir ar fáil don fhoireann maidir le filleadh sábháilte ar an oifig agus cuireadh bearta sábháilteachta i bhfeidhm san oifig chun oifigí Shráid Gheata na Páirce a áitiú go sábháilte, lena n-áirítear spás an cheaintín, seomraí cruinnithe agus áiseanna eile. Faoi shamhradh 2022, bhí an fhoireann ar fad tar éis filleadh go sábháilte ar an oifig. I mí Mheán Fómhair 2022, sheol BIÉ a bheartas um Obair Chumaisc inar breithníodh treoir a eisíodh ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe. Tá rath an bheartais seo agus na gníomhaíochtaí gaolmhara á dtomhas ag BIÉ agus cuirfidh siad bonn eolais faoi aon athruithe ar an mbeartas amach anseo.

Lean BIÉ lena thairiscint folláine freisin trí shraith seimineár gréasáin a reáchtáil, doiciméid treorach agus imeachtaí pearsanta a eisiúint chun athnascadh a spreagadh. Chomh maith lena chinntiú gur nasc baill foirne nuair a d'fhill siad ar an oifig, d'ea-graigh BIÉ sraith imeachtaí lóin sláintiúla agus ghlac siad páirt i siúlóidí.

Chuireamar roinnt tionscnamh i gcrích chun an cuspóir straitéiseach a bhaint amach chun 'Eispéireas dearfach fostaithe a sholáthar, glacadh le héagsúlacht agus cuimsiú' agus i dtreo na sprice 'Daoine' níos leithne chun 'Cumas ár ndaoine a chothabháil, a fheabhsú agus a shaothrú, agus luachanna BIÉ á gcur chun cinn i gcomhthráth, lena chinntiú go soláthraítear ár spriocanna. Áiríodh leis seo clár de thionscnaimh Folláine agus Seachtain Folláine 2022, sraith seimineár gréasáin ar an Lucht Saothair Ilghlúine, Oiliúint ar an gClautuairim Neamh-Chomhfhiosach don fhoireann go léir, agus imeacht Lá Idirnáisiúnta na mBan le cainteoir abhcóideachta míchumais, i measc tionscnamh eile.

Tionscnaimh Éagsúlachta, Chothroime agus Ionchuimsithe

Is é uailmhian BIÉ a bheith ina eagraíocht rathúil a léiríonn cleachtais agus córais chothroma agus chuimsitheacha, arna spreagadh ag rannchuidiú líonra fostaithe agus páirtithe leasmhara éagsúla. Dhírigh BIÉ ar thrí phríomhréimse i rith 2022 chun cabhrú leis seachadadh a fhíse agus a chuspóirí a luathú:

- Oiliúint maidir le claonadh i ngan fhios do gach ball foirne;
- Oiliúint Chuimsitheach Ceannaireachta don Fhoireann Feidhmiúcháin; agus
- Sraith seimineáir ghréasáin a rolladh amach don fhoireann go léir.

D'fhoilsigh BIÉ a chéad tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Nollag 2022. D'aithin an tuarascáil seo gníomhartha straitéiseacha a dhéanfaidh BIÉ chun a bhearna pá a laghdú amach anseo. Rinne BIÉ Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh freisin le cainteoir ag labhairt faoi dheacrachtaí a shárú.

Trí na tionscnaimh seo, tá sé mar aidhm againn cultúr uilechuimsitheachta agus comhionannais a thógáil laistigh de BIÉ féin, áit a ndéantar éagsúlacht a cheiliúradh agus ina n-aithnítear iompraíochtaí millteach nó a d'fhéadfadh a bheith idirdhealaitheach, agus ina dtugtar aghaidh orthu agus ina gceartaítear iad. Aithníonn BIÉ gurb é seo tús an turais, agus go mbeidh gá le hiar-rachtaí spriocdhírith chun oideachas a chur ar ár n-eagraíocht agus chun a chinntiú go ndéantar feabhsuithe leanúnacha chun tacú le baill foirne, go háirithe iad siúd atá níos leochailí ó iompar a d'fhéadfadh a bheith idirdhealaitheach, a bheith rathúil, ag cur comhionannas deiseanna chun cinn do chách.





Bainistíocht & Oibríochtaí an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta

Trácht Líonra agus Oibríochtaí

Bóithre Náisiúnta

Tá freagracht fhoriomlán BIÉ as bainistiú agus oibriú an ghréasáin bhóithre náisiúnta, a oibríonn sé i gcomhar le húdarais áitiúla. Déanann BIÉ bainistiú díreach ar thart ar 50% den ghréasán náisiúnta príomhbhóithre, arb ionann sin agus fad 1,300 ciliméadar de mhótarbhealach agus de dhébhealach. Chuige sin, déantar bainistíocht ar thart ar 460 ciliméadar den ghréasán mótarbhealaí trí thrí chonradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) dhéag, agus déanann trí Chonradh Athnuachaintí agus Cothabhála Mótarbhealaigh (MMaRC) cothabháil ar an gcuid eile den ghréasán.

Déanann BIÉ bainistiú ar Thollán Bhaile Átha Cliath agus Tollán Jack Lynch trí chonradh an Ionaid Rialaithe Oibríochtaí agus Cothabhála Tollán agus Tráchta (OMTTCC). Bainistítear Tollán Luimnigh faoi chonradh CPP. Oibríonn BIÉ naoi nIonad Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an líne faoi shocrú lamhátais CPP. Ní hionann iad seo agus na hIonaid Seirbhíse as an líne, atá suite taobh le hacomhail agus atá faoi úinéireacht phríobháideach.

Trácht an Ghréasáin

In 2022 scaoileadh go forásach le go leor srianta a bhain le COVID-19 a cuireadh i bhfeidhm in 2020 agus a lean ar aghaidh ar feadh cuid mhaith de 2021. Ar an iomlán, in 2022, ba ionann na líonta tráchta ar an ngréasán agus 95% de na líonta in 2019. Bhí líonta feithiclí do Thollán Bhaile Átha Cliath in 2022 thart ar 3% faoi bhun fhigiúirí 2019 arna

dtomhas le linn na bliana. Tháinig athrú suntasach ar chomhdhéanamh an tráchta i gcomparáid le 2019. Tháinig laghdú 13% ar ghluaiseachtaí HGV tríd an tollán, rud a léiríonn an dá phatrún athraithe gluaiseachta trí chalafoirt na hÉireann tar éis an Bhreimeachta agus b'fhéidir moilliú éigin sa gheilleagar iomlán. Bhí líon na mbusanna agus na gcóistí tríd an tollán suas 21% agus ní raibh aon athrú ar ghluaiseachtaí carranna.

Le linn 2022, leanadh le suiteáil trealaimh lena n-áirítear comharthaí rialaithe lána, comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha (VMS) agus ceamaraí CCTV do na córais luasteorann athraitheacha agus comharthaíocht rialaithe lána (Red X) ar an M50. Leathnaíodh feidhmiú na scéime ó Acomhal 6 Baile Bhlainséir go Acomhal 9 An Bhó Dhearg i mí na Bealtaine agus ó Acomhal 3 M1 go Acomhal 4 Baile Munna i mí na Samhna. Tá comharthaí luais rabhaidh fós ar taispeáint go dtí go n-achtófar reachtaíocht phríomhúil nua, a bhfuiltear ag súil léi i Ráithe 2 de 2023. Tá sé beartaithe imscaradh trealaimh a chur i gcrích i Samhradh 2023, agus an t-aistriú chuig luasteorainneacha rialála, rialú Lána Red X agus forfheidhmiú gaolmhar a thaispeáint tar éis an reachtaíocht riachtanach a achtú. Tá dréachtú na Rialachán gaolmhar agus na nuashonruithe riachtanacha ar an Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta ar siúl, agus táthar ag súil go gcuirfear an obair seo i gcrích chun cur i bhfeidhm pras a cheadú tar éis achtú na reachtaíochta príomhúla.



Bainistíocht Teagmhas

De réir mar a athbhunaíodh méideanna tráchta tar éis srianta COVID-19 a mhaolú agus a bhaint ansin, ní haon ionadh go bhfuil méadú ar theagmhais ar fud an ghréasáin mar thoradh air seo. Mar sin féin, níor tháinig leibhéal an mhéadaithe ar theagmhais leis an bhfás ar thrácht. D'fhéadfadh roinnt fachtóirí é seo a mhíniú. Ar an gcéad dul síos, níor shroich leibhéal an phlódaithe buaic-ama ar an M50 na leibhéal a bhí ann roimh COVID-19. Tá plódú tráchta ina phríomhthiománaí le haghaidh teagmhais, go háirithe imbhualadh ón taobh thiar agus buillí ón gcúl. In 2022 d'fhreagair oibreoirí bóthair a bhí ag obair do BIÉ do 8,323 teagmhas tráchta (2021: 8,323) ar fud an ghréasáin bhóithre náisiúnta, arbh imbhualtí um thrácht ar bhóithre 1,937 díobh (2021: 1,320).

Cé gur féidir le teagmhais titim amach ar aon chuid den ghréasán, titeann an dlús is mó díobh amach ar mhótarbhealaí uirbeacha ar a mbíonn an brú tráchta is mó. Thit 1,686 teagmhas tráchta ar mhótarbhealach an M50 in 2022, 2021 (2021: 1,335), arbh imbhualtí um thrácht ar bhóithre 684 díobh (2021: 475). Anuas air seo, bhain oibreoirí aisghabhála 3,938 feithicil a chlis ón M50 i rith na tréimhse céanna (2021: 3,794). Cé go léiríonn líon iomlán na dteagmhais treocht atá ag méadú le himeacht ama, d'fhan an t-am freagartha gaolmhar seasmhach agus laghdaigh an cur isteach meánach a bhaineann le teagmhais thar an tréimhse chéanna.

Tollán Bhaile Átha Cliath

In 2022, cuireadh tús le hoibreacha ar theicneolaíocht LED a chur in ionad SON (sódiam) bunaidh Thollán Bhaile Átha Cliath. Tháinig 1,800 aonad nua in áit an dá bhorra raibh coigilt fuinnimh bliantúil 1.5 milliún kWh mar thoradh orthu le laghdú bliantúil comhfhreagrach de thart ar 500 tona carbóin a táirgeadh – nó is ionann é agus cumhacht a thabhairt do 300 gnáth-theach in Éirinn ar feadh bliana.

Oibríochtaí an Gheimhridh

Bainistíonn BIÉ breis agus 116 stáisiún aimsire, atá suite go príomha ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Freastalaíonn na stáisiúin seo ar ár ngréasán bóithre agus ar chóras LUAS. Soláthraíonn na stáisiúin seo mionsonraí aimsire fíor-ama a úsáidtear chun na réamhaisnéisí aimsire sa gheimhreadh a chruthú a theastaíonn le cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé riachtanach na bóithre a chóireáil. Tá Córas Faisnéise Aimsire Bóithre á fheidhmiú ag BIÉ agus, le tacaíocht réamhaisnéise ó Met Éireann, cuireann an córas seo ar chumas údarás áitiúil agus oibreoirí mótarbhealaí monatóireacht a dhéanamh ar an aimsir agus cinntí a dhéanamh maidir le húsáid a bhaint as leatóirí grin salainn i rith shéasúr an gheimhridh chun cabhrú le húsáideoirí bóithre taisteal go sábháilte ar an ngréasán.

Táimid freagrach as salann a cheannach chun bóithre uile na hÉireann a chóireáil i rith an

gheimhridh, rud atá á dhéanamh trí shocrú creata ilbhliantúil. D'fhonn an soláthar salainn do bhóithre náisiúnta a chinntiú (agus costais stórála a íoslaghdú), tá ceithre iosta straitéiseacha stórála salainn tógtha againn ag roinnt campúin chothabhála mótarbhealaigh. Le linn shéasúr 2021/2022, d'úsáid oibreoirí MMarC BIÉ 9,300 tonna de shalann agus d'úsáid conraitheoirí CPP 3,651 tonna i gcóireálacha a rinneadh thar 74 lá i rith an gheimhridh (2020/2021: úsáideadh 15,300 agus 80,322 tonna de shalann i gcóireálacha a rinneadh thar 75 lá). D'úsáid Údarás Áitiúla thart ar 26,185 tonna de shalann i rith na bliana ar bhóithre náisiúnta neamh-mhótarbhealaigh (2020/2021: 45,800 tonna). Bhí ceathanna clocha sneachta mar thoradh arís eile le fadhbanna áitiúla ar mhótarbhealaí roinnt uaireanta i gcaitheamh na bliana. Bhí ceathanna clocha sneachta mar bhonn le laghdú tapa ar theocht an dromchla pábhála agus ar shraith oighir a chruthú ar dhromchla an bhóthair. Ar luasanna mótarbhealaigh, má thagann feithicil ar bhrat clocha sneachta gan choinne ar an mbóthar, d'fhéadfaí smacht a chailleadh ar an bhfeithicil agus d'fhéadfadh imbhuailtí tromchúiseacha titim amach dá bharr.

Ní oibríonn réamhchóireáil le salann i gcás clocha sneachta. Leanaimid ag comhoibriú go dlúth leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána i bhfeachtas le béim a leagan ar an mbaol a chruthaíonn clocha sneachta agus le tiománaithe a spreagadh a luasanna a laghdú nuair a bhíonn baol le leith clocha sneachta ann. Tá prótacal tosaithe againn le Met Éireann, a sholáthraíonn foláirimh réigiúnacha maidir le clocha sneachta a thaispeántar ar chomharthaí teachtaireachtaí athraitheacha ar ár ngréasán. I mí Eanáir 2023 sheolamar scéim phíolótach nua lena mbaineann braiteadh níos fearr ar tharlú clocha sneachta. Ligfidh an córas seo dúinn imscrúdú a dhéanamh an féidir linn brath imeachtaí clocha sneachta a uathoibriú agus rabhaidh a thaispeántar ar chomharthaí VMS ar thaobh an bhóthair atá suite i gcóngarach don tarlú clocha sneachta.

Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh

Oibríonn BIÉ naoi n-ionad seirbhísí, faoi shocrúithe CPP, ag sé láthair feadh an ghréasáin mhótarbhealaí. Tá dhá thaobh ar na háiseanna seo a fhreastalaíonn ar gach treo den mhótarbhealach, nó tá taobh amháin orthu agus freastalaíonn siad ar an dá threo trí acomhal bóithre a tógadh le sainchuspóir. Tá siad suite ag:

- An M1 ag Lusca (déthaobhach)
- An M1 ag Baile an Ghearlánaigh (déthaobhach)
- An M4 ag an mBóthar Buí (déthaobhach)
- An M6 ag Baile Átha Luain (aontaobhach)
- An M9 ag Cill Chuilinn (aontaobhach)
- An M11 ag Guaire (aontaobhach)

Choimisiúnaigh BIÉ iniúchadh neamhspleách inrochtaineachta chun measúnú a dhéanamh ar fhoirgneamh agus áiseanna uile Tráinse 1 MSA i gcoinne na gcaighdeán reatha chun timpeallacht inrochtana agus chuimsitheach a dhearadh. In 2021, choimisiúnaíomar dearadh ar scéim uasghrádaithe d'Ionad Seirbhísí an Bhóthair Bhuí ar an M4 (Siar) lena chinntiú gur sásaíodh na rialacháin foirgníochta reatha chun timpeallacht thógtha inrochtana agus ionchuimsitheach a dhearadh agus tabharfaimid faoi oibreacha den chineál céanna ag limistéar seirbhíse eile in 2023, ag leanúint ar aghaidh go 2024.

Córais Iompair Chliste agus Teicneolaíocht a Chur chun Feidhme

Leanamar lenár gclár um chur chun feidhme teicneolaíochta ar fud an ghréasáin mhótarbhealaí in 2022. Rinneadh cur chun feidhme comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha, comharthaí rialaithe lána agus ceamaraí CCTV nua a chur in airde ó Acomhal 3 go hAcomhal 6 ó dheas, Acomhal 6 go hAcomhal 9 agus ó Acomhal 14 go dtí an M11 a bhain le Tionscadal Bainistíochta Tráichta Dinimiciúla an M50.

Leanadh i gCorcaigh le comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha agus CCTV a chur chun feidhme in 2022, ar bhóthar an N40 agus ar na stráicí bóthair a thagann faoi dhéin Acomhal Dhún Cítill. Is gné riachtanach é an t-imscaradh dian seo chun sreafaí tráichta a bhainistiú agus tionchar teagmhais ar an idirmhalartú mótarbhealaigh is casta in Éirinn a íoslaghdú.

Cuireadh comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha nua in airde in áiteanna eile ar an ngréasán mótarbhealaí ar an M6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe, a sholáthair an acmhainn le foláireamh a thabhairt do thiománaithe go dtiteann clocha sneachta agus teagmhais eile amach.

Suiteáladh CCTV breise i suíomhanna tábhachta-

cha ar na cuir chuige gathacha i leith an M50 chun ligean don Ionad Rialaithe Oibríochtaí Mótarbhealaigh (MOCC) monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí tráchta atá i réim.

Leanamar in 2021 le Tionscadal Píolótach C-ITS, atá comhchistithe ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an AE, a chur chun cinn. Is éard a bhaineann leis an tionscadal seo ná bonneagar cumarsáide cois bóthair, glacadóirí infheithicle agus taispeántí tiománaí a chur chun feidhme. Déantar é seo lenár dtuiscint a fhorbairt ar riachtanais an bhonneagair a theastóidh ó fheithiclí ceanailte agus féinrialaitheacha amach anseo. D'imir COVID-19 tionchar ar an tionscadal seo agus faoi réir a fhaofa ag gníomhaireacht CINEA an AE, táthar ag súil go gcuirfear síneadh le dáta críochnaithe an tionscadail go dtí deireadh 2024.

Athnuachaintí Sócmhainní

Is ionann luach sócmhainne an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus thart ar €31 billiún agus teastaíonn infheistíocht leanúnach uaidh le luach na buninfheistíochta a chosaint agus lena chinntiú go leanann sé ag feidhmiú faoi mar atá sé ceaptha feidhmiú i rith a shaolré beartaithe dearaidh. Ar aon dul leis an gcleachtas reatha, thug comhairleoirí speisialtóra teicniúla BIÉ faoin suirbhé bliantúil ar bhail le monatóireacht a dhéanamh ar an mbail atá ar dhromchlaí pábhála ár ngréasáin. Leanamar leis an gclár bliantúil cigireachtaí droichead freisin, agus thugamar faoi bhreis agus 655 príomhchigireacht in 2021 (2021: 654 cigireacht) agus thugamar faoi chothabháil ar thart ar 1,650 struchtúr faoinár gconarthaí gnáthchothabhála réigiúnacha, líon a bhí cosúil leis an líon a rinneadh in 2021.

Dromchlaí Pábhála an Ghréasáin

Forbraíodh clár rollach trí bliana nuashonraithe le haghaidh athnuachaintí pábhála i ndiaidh gur críochnaíodh suirbhé bliantúil 2022 ar bhail dhromchla pábhála an ghréasáin. Cinntíonn seo go mbíonn líne tháirgthe láidir ann de chosaint agus d'athnuachan sócmhainní dromchla pábhála atá le soláthar ag údarais áitiúla. Críochnaíodh thart ar fhad 264 ciliméadar d'oibreacha athnuachaintí dromchla pábhála in 2022 (2021: 300 ciliméadar). Tugadh le fios inár dTuarascáil ar Bhail Bhliantúil arna foilsiú in 2022, atá bunaithe ar shuirbhé ar bhail dromchla pábhála 2021, gur tháinig feabhas leanúnach measartha ar bhail struchtúrach

agus dromchla na pábhála, go háirithe i gcás ár ndromchlaí pábhála bóithre náisiúnta den dara grád. Tugann seo le fios go bhfuil tús áite á thabhairt d'idirghabháil agus go bhfuil córas éifeachtach cosanta agus athnuachana á sholáthar ag na hoibreacha faoina dtugtar.

Athshlánú agus Neartú Droichead

Leanamar lenár gclár oibreacha athshlánaithe agus neartaithe droichead in 2022. Faoi bhrat chóras bainistíochta droichead EIRSPAN BIÉ, thugamar faoi chlár gnáthchigireachtaí ar thart ar leath na ndroichead go léir ar an ngréasán. Críochnaíodh oibreacha móra athchóirithe ar 22 droichead, ar an iomlán, (2021: 23 droichead).

Comharthaí agus Línte

Is tábhachtach go ndéantar caighdeán na líneála agus an línithe a chothabháil lena chinntiú go lean-tar leis an ngréasán bhóithre náisiúnta a oibriú go sábháilte. In 2021, chríochnaíomar fad 570 ciliméadar, thart ar 420 ciliméadar ar charrbhealach aonair agus 150 ciliméadar ar mhótarbhealach bainistithe, d'athlíneáil an ghréasáin (2021: 565 ciliméadar), agus bhí an bhail a bhí ar líniú ár ngréasáin mórán mar an gcéanna leis an mbail a bhí air an bhliain roimhe sin. Tugadh faoi chomharthaí um thrácht ar bhóithre a chothabháil, níochán, deisiú agus fásra a ghearradh siar san áireamh, faoinár gceithre Chonradh Cothabhála Comharthaí Réigiúnacha.

Feidhmíocht agus Torthaí 2022

- Déileáladh le 11,891 teagmhas aonair ar an mótarbhealach agus rinneadh 3,938 feithicil a tharrtháil (ar fud an ghréasáin MMarC agus CPP);
- Tugadh faoi chóras cuimsitheach cothabhála tírdhreacha ar fud an ghréasáin MMarC agus CPP agus inár n-ionaid seirbhíse. Leanamar leis an gclár píolótach cúnaimh pailneora in 2022, a tosaíodh in 2020, faoina ndearnadh bearradh féir ar an ngréasán a chur ar athlath go luath sa séasúr fáis. Cuirfear an clár seo i bhfeidhm arís in 2023;
- Leanadh ar aghaidh le bruscar a bhailiú ar fud ár ngréasáin, lena n-áirítear scuabadh bóithre príomhlíne. Faoi tionscnamh seo, bhailíomar 831 tonna de bhruscar ar an ngréasán MMarC in 2022 (2022: 621 tonna);

- Thugamar faoi chóireálacha geimhridh a d'úsáid 12,951 tonna de shalann i rith an gheimhridh i gcaitheamh 74 lá, ar fud an ghréasáin mhótarbhealaí MMaRC agus CPP (2021: 18,500 tonna salainn i gcaitheamh 75 lá);
- Rinneadh obair chothabhála ar an tsuiteáil draenála ar fud ghréasán MMaRC agus CPP, lena n-áirítear 40,000 silteán a ghlanadh faoi dhó sa bhliain;
- Tá an sciorrdhíonacht feabhsaithe ag cúig suíomh ar fud an ghréasáin faoi bhainistiú MMaRC; agus
- Rinneadh fad 10 gciliméadar de dhromchla pábhála ar Sheachbhóthar an M7 ag Mainistir Eimhín agus fad 5.5 ciliméadar de dhromchla pábhála ar an M8 ag an gCaiseal a ionadú.

Ár Spriocanna don bhliain 2023

- Ag leanúint ar aghaidh ó thorthaí an iniúchta ar Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh BIÉ, críochnóimid cur i bhfeidhm na n-oibreacha uasghrádaithe ag ISM An Bhóthair Bhuí, agus ansin comhaontóimid liostú tosaíochta agus clár le Applegreen chun dul chun cinn a dhéanamh ar fud na 5 shuíomh eile go léir mar chuid de Chonradh T1MSA CPP;
- Oibreoidimid freisin lenár gConraitheoirí Seirbhíse chun deiseanna uasghrádaithe bonneagar luchtaithe FL a uasmhéadú ar fud a naoi láithreán ISM de réir Straitéis an Rialtais ar mhuirearú FL a foilsíodh le déanaí;
- Athnuachaintí Sócmhainní Dromchla Pábhála: Cuirfidh BIÉ 98 scéim ar fad iomlán 246 ciliméadar i bhfeidhm;
- Tá sé mar aidhm againn an dara glúin den Chreat Pábhála Ardлуais a chur i bhfeidhm do scéimeanna deisithe agus athnuachana cosáin dámhachtana díreacha BIÉ ar an ngréasán mótarbhealaí;
- Tá sé mar aidhm againn an dara glúin de chonradh Chórais Bainistíochta Sócmhainní Pábhála BIÉ a bhronnadh;
- Leanfaidh BIÉ ar aghaidh le roinnt dár bpríomhchórais tolláin a uasghrádú nó a ionadú, an

méid seo a leanas ina measc:

- Coimisiúnú an Chórais Fógartha Phoiblí a chríochnú ag Tolláin Bhaile Átha Cliath agus Jack Lynch;
- An córas SCADA (Rialú Maoirseachta agus Fáil Sonraí) a ionadú faoin R2 in 2024;
- Córais cheamaraí CCTV a ionadú i dtollán Bhaile Átha Cliath in 2023;
- Doiciméid tairisceana a fhorbairt chun an chomharthaíocht rialaithe tráchta leictreonach a athsholáthar i dTollán Bhaile Átha Cliath;
- Eagar griancheall FV a shuiteáil ag Tollán Bhaile Átha Cliath in 2023;
- Doiciméid tairisceana a fhorbairt chun doirse trasphasáiste a athsholáthar i dTollán Jack Lynch in 2023;
- Bogearraí do chórais dolaí nua do Thollán Bhaile Átha Cliath a sholáthar, agus an t-uasghrádú le críochnú go déanach in 2023; agus
- Seirbhísí agus riachtanais oibríochtúla nua a
- Beartaímid tabhairt faoi oibreacha cothabhála ar bhreis agus 1,600 struchtúr droichid mar chuid dár dtrí chonradh cothabhála droichead réigiúnach, agus go hindíreach trínár gclár CPP ar an líon tuairim is 500 struchtúr atá á mbainistiú faoi láthair ag cuideachtaí CPP; agus
- Leanaimid ar aghaidh i mbun idirchaidrimh le conraitheoirí cothabhála mótarbhealaigh chun córais chothabhála tírdhreacha mótarbhealaí a thacaíonn le pailneoirí a bhaint amach. Tá BIÉ chun an dara bliain den chóras cothabhála tírdhreacha a thacaíonn le pailneoirí a chur i bhfeidhm mar chuid dár gConradh CPP Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh Thráinse 1.





Oibríochtaí Tráchtála Luas agus Dolaghnó

Oibríochtaí Iarnróid Éadroim Luas

Déanann BIÉ maoirseacht ar oibriú agus cothabháil ghréasán Luas i gcomhpháirtíocht leis an ÚNI.

Áirítear le freagrachtaí BIÉ, bainistiú an chonartha oibríochtaí agus cothabhála le Transdev, Oibreoir Luas, chomh maith le:

- Maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta oibríochta;
- Ioncam, bainistíocht buiséid agus beartas ticéadaithe agus táillí, i gcomhar leis an ÚNI;
- Bainistíocht sócmhainní saolré, athnuachan ar bhonneagar agus rothstoc Luas;
- Pleanáil seirbhíse agus socrú amchláir;
- Maoirseacht ar fhógraíocht agus ar sholáthar margaíochta agus eolais phoiblí; agus
- Bainistíocht páirtithe leasmhara a dhéanann comhéadan le gréasán Luas (e.g. pleanáil agus forbairt).

Feidhmíocht agus Torthaí 2022

Tháinig méadú suntasach ar phátrúnacht ar línte dearga agus glasa Luas in 2022 go dtí thart ar 38.6 milliún turas paisinéirí, arb ionann é agus méadú 98% ar leibhéal 2021 agus laghdú 20% ar leibhéal 2019. D'oibrigh Luas fad 4.2 milliún ciliméadar tram in 2022, arb ionann sin agus 94% de na ciliméadair sceidealaithe sheirbhíse. Ar mhaithe le comparáid, d'oibrigh Luas 95% de na ciliméadair sceidealaithe sheirbhíse in 2021.

Tharla an laghdú ar phátrúnacht i gcomparáid le 2019 go príomha mar gheall ar leibhéal 'níos ísle ná mar is gnách' a taifeadadh le linn na chéad ráithe de 2022, áit a raibh tionchar diúltach COVID-19 fós ag dul i bhfeidhm go mór ar an earnáil iompair.

Faoin gceathrú ráithe 2022, bhí líon na bpaisinéirí Luas tar éis filleadh den chuid is mó ar leibhéal réamh-phaindéime ar fud an dá líne, agus BIÉ ag breathnú ar roinnt patrúin taistil éagsúla. Mar shampla, cé go bhfuil tréimhsí láidre 'buaicphointí' comaitéirí fós ar an dá líne, tá níos mó taistil seachbhuaice ann anois agus níos mó taistil deireadh seachtaine ar fud ghréasán Luas.

Ár Spriocanna Iarnróid Éadroim don bhliain 2023

- Leanúint de sheirbhísí paisinéirí Luas a sholáthar ar bhonn sábháilte agus éifeachtach i gcomhréir leis na hamchláir shonraithe, chomh fada agus a leanann an ÚNI le fóirdheontais oibriúcháin a sholáthar;
- Bainistiú agus monatóireacht laethúil a dhéanamh ar oibríochtaí iarnróid éadroim agus ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha seachfhoinsithe, an Conradh Reatha Oibríochtaí agus Cothabhála (OC) le Transdev, lena n-áirítear cothabháil Feithiclí Iarnróid Éadrom (FIÉ) agus bonneagair.;
- Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus tabhairt faoi thionscnaimh chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar shábháilteacht;




- Plean bainistíochta sócmhainní ilbhliantúil a ullmhú agus an plean athnuachana sócmhainní bonneagair a chur i bhfeidhm don bhliain 2023;
- Athléimneacht oibríochtúil a fheabhsú, bearta san áireamh le hathléimneacht phríomhshaoráidí Luas i leith adhaimsire agus eachtraí eile a mhéadú. Áireofar tionscadail in 2023 le córais rialaithe áirithe a athnuachan, agus lena chinntiú go soláthraítear seomra

Freastalaí Córas cúltaca agus go ndéantar athchóiriú ar fhoirgnimh fostáisiúin agus iosta na Bó Deirge; agus

- Feachtas margaíochta eolais phoiblí a chur ar siúl ag díriú ar shábháilteacht agus ar shlándáil, mar chuid d'oibleagáidí conarthacha Transdev.

Pátrúnacht Luas



Oibríochtaí Dolaí

Bailíonn oibríochtaí dolaí BIÉ muirir shuntasacha úsáideora gach aon bhliain ó bhonn leathan custaiméirí de bhreis ar dhá mhiliún tiománaí intíre agus eachtrach a úsáideann bóithre dola an M50 agus Thollán Bhaile Átha Cliath. Déantar an glanioncam a bhailítear, lena n-áirítear; ollioncain líuide costais oibriúcháin, cánacha, agus rátaí údaráis áitiúil, a infheistiú in oibriú agus cothabháil an ghréasáin bhóithre náisiúnta, rud a laghdaíonn riachtanais chistithe ón Státchiste dá bharr.

I measc fhreagrachtaí BIÉ, tá :

- Oibriú dhola eFlow M50 agus bailiúcháin dolaí Thollán Bhaile Átha Cliath a bhainistiú, lena n-áirítear na hoibreachaí faoi seach a bhfuil seirbhísí á soláthar acu faoi chonradh do BIÉ a bhainistiú;
- Bainistiú a dhéanamh ar leibhéil chomhlíontachta ar dholaí eFlow an M50 trí úsáid a bhaint as soláthraí seirbhíse forfheidhmiúcháin seachfhoinisithe agus eolas poiblí a sholáthar chun comhlíonadh agus feasacht ar conas dola an M50 a íoc;
- Na socruithe idir-inoibritheachta náisiúnta a bhainistiú, an conradh soláthraí seirbhíse bainistíochta idir-inoibritheachta agus na socruithe dlíthiúla a bhuntacaíonn le hidir-inoibritheacht san áireamh;
- Pleanáil straitéiseach a bhaineann le teacht chun cinn na hearnála dolaí in Éirinn ar aon dul le beartais Rialtais agus AE maidir le muirir a ghearradh ar úsáideoirí agus cistiú bonneagair. Áirítear leis seo pleanáil a dhéanamh do bhóithre CPP a thabhairt ar ais do BIÉ idir 2030 agus 2040; agus
- An caidreamh le raon páirtithe leasmhara atá bainteach le dolaí agus le muirir a ghearradh ar úsáideoirí bóithre, lena n-áirítear an RI agus DG Move (an Coimisiún Eorpach) agus fóraim dholaí agus mhuirearaithe úsáideoirí bóithre Eorpacha.

Feidhmíocht agus Torthaí 2022 - Dolaí eFlow an M50

Tháinig líonta tráchta agus ioncam Dola eFlow an M50 ar ais in 2022 go leibhéil réamh-COVID-19 tar éis tús réasúnta ciúin leis an mbliain. B'ionann an Meántrácht Laethúil Bliantúil (AADT) i gcás Dhola eFlow an M50 agus 149,010 turas, ar méadú 20% é seo aníos ón mbliain roimhe sin (2021: 123,667)

ach ba lú é ná leibhéil 2019. Cuireadh i gcuntas go ndearnadh 54 milliún turas ar an mbóthar dola, ar méadú 20% é seo aníos ón mbliain roimhe sin (2021: 45.1 milliún)

Tháinig feabhas beag ar an ráta comhlíonta foriomlán measta dolaí ag 97% in 2022 ó leibhéil 2021 (96.8%) de réir mar a sháraigh an t-oibreachaí dolaí nua fadhbanna tosaigh agus de réir mar a tháinig feabhas ar leibhéil sástachta custaiméirí tar éis seoladh an chórais dolaí nua i mí Lúnasa 2021.

Tá an t-athshlánú láidir ar mhéideanna tráchta in 2022, agus go háirithe, trácht lasta, fós ina riosca straitéiseach do chonair an M50 de réir mar a mhéadaíonn leibhéil an phlódaithe leis an athshlánú ar mhéideanna tráchta. Tugann BIÉ dá aire go nglacann Feithiclí Tromshaothair (HDV) ar an M50 suas le 33% den spás bóthair atá ar fáil agus gur conair lasta chriticiúil é an M50 agus go nascann sé, trí Thollán Bhaile Átha Cliath, le Calafort Bhaile Átha Cliath. Ní amháin go mbíonn tionchar ag brú tráchta ar éifeachtúlacht na hearnála lasta ach tá costas comhshaoil ann freisin i dtéarmaí astaíochtaí níos airde ó thrácht lasta mallghluaiste nó stoptha.

Feidhmíocht agus Torthaí 2022 - dola Thollán Bhaile Átha Cliath

B'ionann an AADT don bhliain 2022 agus 23,355 turas, ar méadú 36% é seo aníos ón mbliain roimhe sin (2021: 17,121). San iomlán, taifeadadh thart ar 8.5 milliún turas ag baint úsáide as an tollán in 2022, agus bhí 62% díobh sin ina dtrácht 'dola' (i.e. dlite muirear dola a íoc) agus bhí 38% neamhdhola (i.e. díolmhaithe faoi na Fodhlíthe ó tháillí dola).

Borrhadh faoi mhéideanna AADT eFlow an M50 Bliain ar Bhliain

2012	2013	2014	2015	2016	2017
2%	3%	5%	7%	7%	5%

2018	2019	2020	2021	2022
2%	4%	-28%	13%	20%

B'ionann an t-ioncam do Thollán Bhaile Átha Cliath agus €22.6 milliún do 2022, a bailíodh ó 5.3 milliún turas agus arb ionann é agus méadú beagnach 63% ar an mbliain roimhe sin (2021: €13.9 milliún a bailíodh ó 3.2 milliún turas).

Idir-Inoibritheacht Dolaí

Sholáthair BIÉ Seirbhísí Bainistíochta Idir-Inoibritheachta le haghaidh breis is deich mbliana chun oibriú na gclibeanna leictreonacha ar fad ag gach dola-phlás in Éirinn a éascú. Tháinig líonta feithiclí agus aistir ghaolmhara ar fud an ghréasáin bhóithre náisiúnta ar ais den chuid is mó in 2022 ó thionchar shrianta COVID-19. Ba iad seo a leanas na hidirbhearta agus na hioncaim ó Ríomhbhailiúchán Dolaí (RBD) Idir-Inoibritheacha in 2022:

- Próiseáladh 61.1 milliún idirbheart dolaí leis an Ardán Bainistíochta Idir-inoibritheachta (IMP) do 2022, méadú os cionn 20% ar an mbliain roimhe sin (2021: 50.7 milliún).
- Ba ionann luach airgeadais na n-idirbheart seo in 2022 agus €187 milliún, méadú thart ar 22% ar an mbliain roimhe sin (2021: €153.8 milliún).


Idirbhearta RBD Idir-inoibritheacha Náisiúnta (na figiúirí faoi mhilliún)					
2018	2019	2020	2021	2022	% 2021 - 2022
56.4	60.5	45.5	50.7	61.1	20.5%

Rinne BIÉ bainistiú freisin ar an aistriú chuig an gconradh nua ardáin bainistíochta idir-inoibritheachta 3ú glúin le linn 2022 agus bhí 'Go Live' an ardáin nua sceidealaithe go luath in 2023.

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhstaitisticí dolaí don tréimhse ó 2018 go 2022:

Ár Spriocanna Dolaí don bhliain 2023

- Cobhsaíocht agus athléimneacht oibríocht dolaí agus shruth ioncaim dholaí eFlow an M50 a chosaint trí sheirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar agus feabhsú leanúnach a chur chun cinn. Cuirfear comhlíonadh chun cinn trí fheachtas éifeachtach eolais phoiblí a sholáthar a thugann feachtas, modhanna íocaíochta agus na hiarmhairtí a bhíonn i gceist má theipeann ar dhaoine íocaíocht a dhéanamh, chun solais.
- Leanúint de chobhsaíocht agus d'athléimneacht na hoibríochta náisiúnta idir-inoibritheachta a chosaint don ghréasán náisiúnta úsáideoirí bóithre. Áirítear leis seo oibriú na gclibeanna dolaí leictreonacha go léir a éascú ag na dola-phláis go léir in Éirinn agus aistriú agus seoladh an 3ú ardán giniúna a bhainistiú in 2023;
- Leanúint ar aghaidh le deiseanna straitéiseacha a fhiosrú i dtaobh cistiú agus roghanna muirearaithe úsáideoirí bóithre a bhaineann leis an tréimhse tar éis go n-éagfaidh na lamháltais dolaí CPP (thart ar an tréimhse 2030-2040), mar chuid de shruth oibre Thionscadal BRUCE i gcomhréir le gníomhaíochtaí sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide; agus .
- Leanúint d'oibriú leis an RI i dtaobh tacú lenár gclár um ghníomhú ar son na haeráide trí scéimeanna deontais na Dreasachta Dolaí Astaíochtaí Ísle (LEVTI) agus Feithiclí Tromshaothair Breosla Mhalartaigh (AFHDV) a bhainistiú agus a riar.




Dola an M50, Baile Átha Cliath

Fíricí 2022

FÍRICÍ LUAS

38.7m turas paisinéirí



FÍRICÍ BAINISTÍOCHTA LÍONRA

Is éard atá inár bhflít seirbhíse geimhridh ná



327

céachta sneachta in-díshuite



388

leatóir salainn

Baineadh úsáid as

33,536

tonna salainn ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta in 2022




15,082

gach glao éigeandála a fuair an tIonad Rialaithe Tráchta Mótarbhealaigh lena n-áirítear fóin SOS



1,608

fón SOS sa tír



74

oíche in 2022 ina ndeachaigh an teocht faoi bhun

NIALAS



Tá

119

stáisiún aimsire i bhfeidhm ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta.



Luas, an M50, Baile Átha Cliath © Donal Murphy Photography



Cláir Chaipitil

Bóithre Náisiúnta, Taisteal Gníomhach/ Glasbhealaí, Iarnród Éadrom (Luas) agus Metrolink

Plean Infheistíochta Caipitil

Tugtar sainordú in Acht na mBóithre, 1993 do BIÉ chun soláthar gréasán sábháilte agus éifeachtúil bóithre náisiúnta a bhaint amach. Déantar Cláir Chaipitil bóithre, taisteal gníomhach agus glasbhealaí a sheachadadh i gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla agus trí gréasán Oifigí Bóithre Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil. Seachadtar tionscadail ón gcoincheap agus ón bhféidearthacht go dtí an tógáil agus an oibríocht.

Leithdháiltear i bplean infheistíochta caipitil an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) cistiú caipitil Státhchiste thart ar €2,400 milliún ar BIÉ i gcaitheamh na tréimhse 2021-2025 agus thart ar €5,600 milliún i gcaitheamh na tréimhse 2026-2030. Soláthraíonn an cistiú seo tiomantas do chistiú seasta ón státhchiste chun an gréasán atá ann cheana a chosaint agus a athnuachan thar gach tréimhse. Tá an cistiú le haghaidh Feabhsúcháin Bóithre Nua ualaithe go dtí an tréimhse 2026 go 2030, agus is dóigh go rachaidh an seachadadh ar aghaidh níos gasta sna blianta seo. Dá bhrí sin, tugtar tús áite do chistiú Caipitil Bóithre ar Bhóithre Náisiúnta mar seo a leanas:

- An tsócmhainn bhóthair atá ann cheana a chothabháil;
- Tionscadail atá á dtógáil a chur ar aghaidh nó dul ar aghaidh go tógáil;
- Tionscadail a chur chun cinn le faomhadh pleanála nó sa phróiseas ceadaithe pleanála; agus

- Maidir le tionscadail i luathphleanáil, díritear ar sheachbhóithre agus tionscadail eile a thacaíonn leis an gCuspóir Baile ar dTús agus le borradh dlúth a chur chun cinn.

Tá tiomantas ón státhchiste freisin do mhaoiniú bliantúil de thart ar €60 milliún chun clár na nGlasbhealaí a sheachadadh. Tá thart ar leath den mhaoiniú seo á dhíriú ar thógáil agus an chuid eile ar phunann tionscadal a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála agus dearaidh.

Tionscadail Mhóra

Tionscadail a Críochnaíodh

- An N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha – Comhairle Contae Chorcaí: D’oscail an Taoiseach Micheál Martin agus Méara Chomhairle Contae Chorcaí, an Comhairleoir Danny Collins, seachbhóthar Mhaigh Chromtha go hoifigiúil an 9 Nollaig 2022. Tá an chuid 8km seo den débhealach nua mar chuid de Mhórtionscadal an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha. Chuir an oscailt seo feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre, laghdaigh sé brú tráchta agus chuir sé feabhas ar an timpeallacht i mbaile Mhaigh Chromtha do na cónaitheoirí, do ghnólachtaí agus do chuireoirí. Cuimsíonn an seachbhóthar timpeallán chun ceangal isteach sa taobh thoir de Mhaigh Chromtha, aomhal grád- scartha ag an nGoirtín Rua ar an taobh thiar de Mhaigh Chromtha agus ceangal sealadach i gCarraig an Phúca. Soláthraíonn an seachbhóthar



nua dhá lána sa dá threo scartha le bacainn airmheánach cruach a chuireann le sábháilteacht na n-úsáideoirí bóthair. Tá dul chun cinn suntasach déanta freisin ar an 14km eile den Mórthionscadal.

Á Thógáil

- Acomhal Dhún Citil an N40, Comhairle Contae Chorcaí – BIÉ: Tá uasghrádú á dhéanamh againn faoi láthair ar Acomhal Dhún Citil. Cuireadh tús leis an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus rinneadh dul chun cinn suntasach eile in 2022. Leis an tionscadal seo, nuair a bheidh sé críochnaithe, déanfar uasghrádú ar Acomhal Dhún Citil go dtí acomhal saorshrutha agus cuirfear acomhal nua ar fáil soir ón bpríomhacomhal do thrácht áitiúil. Osclaíodh naoi gcinn de na nascbhóithre buana in 2022 agus osclófar na sé cinn eile roimh dheireadh 2023. Cuimsíonn an tionscadal soláthar do rothaithe freisin.
- Tionscadal Bhóthar Chathair na Mart go Turlach an N5 - Comhairle Contae Mhaigh Eo: Bronnadh an príomhchonradh tógála don tionscadal seo i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus táthar ag súil go gcríochnófar é in 2023, lena n-áirítear oscailt sheachbhóthar Chaisleán an Bharraigh. Is éard atá i gceist leis an scéim ná 20.3 ciliméadar de dhébhealach a thógáil ó Chathair na Mart go dtí oirthear Chaisleán an Bharraigh agus nasc carrbhealaigh singil 2.3km leis an N59 ó Chathair na Mart go dtí Mala Raithní. Áirítear leis an scéim freisin

uasghrádú 2.5km ar bhóthar reatha an N59 ó Chathair na Mart go Mala Raithní ag Cnoc na hEorna.

- Seachbhóthar Lios Tuathail an N69 - Comhairle Contae Chiarraí: Tá an tionscadal seo thart ar 6km ar fhad agus áirítear leis uasghrádú ar bhóthar faoisimh atá ann cheana agus forbairt ar sheachbhóthar thiar agus thuaidh de bhaile Lios Tuathail. Is tógáil nua den chuid is mó é agus cuimsíonn sé feabhsúcháin cois bóthair agus ar an bpríomhlíne. Cuimsíonn sé freisin trasnú abhann na Féile. Cuireadh tús leis an tionscadal i mí na Nollag 2021 agus tá sé le críochnú in 2024.
- Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 – Comhairle Chontae na Gaillimhe: Táimid ag tabhairt faoi fhad 4.3 ciliméadar de charrbhealach singil a thógáil mar sheachbhóthar a ghabhfaidh timpeall ar shráidbhaile Mhaigh Cuilinn soir ó thuaidh den sráidbhaile go dtí baile fearainn an Chlaídi siar ó dheas. Cuireadh tús leis an tógáil i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche í go suntasach i R4 2023.
- An N56 ón Clochán Liath go dtí na Gleannta - Comhairle Contae Dhún na nGall: Nuair a bheidh an tionscadal seo curtha i gcrích, déanfar athailíniú 27km ar bhóthar náisiúnta an N56 agus cuirfear rotharbhealach scartha ar fáil ar feadh fhad na scéime. Tá cur i bhfeidhm an tionscadail seo briste síos i roinnt codanna. Tá ceithre chuid críochnaithe go hiomlán anois,

agus tháinig an chéad chonradh ar stráice a cúig chun críche in 2022. Cuirfear an scéim iomlán i gcrích faoi 2024.

- An N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg – Comhairle Contae Ros Comáin: Tógfaidh an tionscadal seo 33.4km de bhóthar carrbhealaigh aonair nua. Ceanglóidh an bóthar nua le Seachbhóthar Bhealach an Doirín atá ann cheana féin agus seachnófar Dhún Gar, Bhéal Átha na gCarr, Thuilsce agus Bhéal na mBuillí. Bronnadh an conradh bunaidh i mí an Mheithimh 2021 ach toisc go ndeachaigh an conraitheoir faoi ghlacadóireacht i mí an Mhárta 2022, cuireadh deireadh leis an gconradh agus rinneadh é a athnuachan. Tá sé beartaithe conraitheoir nua a cheapadh i Ráithe 3 2023.

Feabhsú Toillte Líne Uaine Luas

Síneadh na 26 feithiclí iarnróid éadroim Alstom Citadis 402 deireanacha ó 44 go 55 méadar ar fad in 2021 agus leanann na 15 de LRVanna nua Alstom Citadis 502 a chuaigh i mbun seirbhíse de sheirbhís ionfaofa agus rialta a sholáthar le feithiclí níos faide agus méadú ar thuilleadh agus ar leibhéal compoird.

MetroLink

Príomhthionscadal é MetroLink sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus cuirtear a dhul chun cinn chomh fada le cur i bhfeidhm san áireamh mar ghníomh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021. In 2022, thug comh-aireacht an rialtais cead i bprionsabal don Réamhchás Gnó, ar aon dul leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Tar éis an fhaofa seo, chuireamar an t-ordú iarnróid agus an tuarascáil mheasúnachta tionchair timpeallachta faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Tá obair ar siúl ar an straitéis soláthair agus ar na doiciméid tairisceana chun na príomhchonarthaí bonneagair a fháil.

Luas Fhionnghlaise, Iarnród Éadrom Meariompair Chorcaí (IÉM) agus Luas Leamhcáin

- Luas Fhionnghlaise: Le linn 2022, tar éis an tsainmhínte ar an mbealach is fearr, lean obair ar aghaidh ar an réamhchás gnó agus cáipéisíocht ábhartha eile a chríochnú le hiarratas an Ordaithe Iarnróid a chumasú go déanach in 2023.

- IÉM Chorcaí: In 2022, rinneamar dul chun cinn suntasach maidir leis an mbealach is dealraithe a roghnófar do IÉM Chorcaí a chríochnú, in éineacht leis an gcomhairliúchán poiblí gaolmhar a bheidh le reáchtáil i gcomhordú le scéimeanna eile i gCorcaigh agus lena n-áirítear BusConnects.
- Luas Leamhcáin: Cuireadh staidéar indéantachta maidir le Luas Leamhcáin faoi bhráid an ÚNI lena athbhreithniú go déanach in 2021. I gcomhréir leis an gclár a comhaontaíodh leis an ÚNI, cuirfear foireann an tionscadail le chéile in 2023 le haghaidh roghnú na rogha bealaigh agus céimeanna roghnaithe bealaigh.

Tionscadail Mhóra Bhreise

I measc na Tionscadail Mhóra Bhreise atá gníomhach sa chéim Pleanála & Deartha tá:

- Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6: Príomhchuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe é an tionscadal seo. Cuimsíonn an bóthar náisiúnta nua atá beartaithe 11.8km de mhótarbhealach, 5.6km de charrbhealach aonair, agus trasnú droichid nua ar abhainn na Gaillimhe. Cuireadh an scéim ar aghaidh i nDeireadh Fómhair 2018 go dtí an Bord Pleanála le faomhadh pleanála a fháil agus d'fhaomh an Bord Pleanála é i mí na Nollag 2021. Bhí an scéim faoi réir trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach agus mar thoradh air sin cuireadh an scéim ar ais chuig an mBord Pleanála lena breithniú tuilleadh agus cinneadh nua.
- An N21 ó Fhaing go Luimneach: Tá an scéim seo le huasghrádú mótarbhealaigh ar bhealach an N21 ó Luimneach go Ciarraí a sholáthar, anuas ar nasc nua le Calafort Leibhéal 1 Fhaighne. Fad 16 chiliméadar de bhóthar nua ó Fhaing go Ráth Caola atá ann ina bhfuil nascbhóthar carrbhealaigh shingil leis an N69 ag Eas Géitine agus fad 16 chiliméadar de mhótarbhealach ó Ráth Caola go hÁit Tí Flainn, lastoir d'Áth Dara, ina gcuimsítear Seachbhóthar Áth Dara. Cuireadh an tionscadal ar aghaidh i mí na Nollag 2019 go dtí an Bord Pleanála le faomhadh pleanála a fháil agus dhearbhaigh an Bord Pleanála faomhadh pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá an faomhadh pleanála faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh.
- Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia an N52: : Is éard atá sa scéim seo ná fad 4.5 ciliméadar de

charrbhealach singil laghdaithe, sé aomhal bóithre, timpeallán beartaithe ar an N2, agus dhá struchtúr droichid abhann san áireamh. Tá an scagadh le haghaidh measúnacht chuí faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, agus tá moill ar sholáthar an tionscadail dá bharr.

- An N/M20 Corcaigh go Luimneach: Sainnithníodh na conairí lompair is fearr le haghaidh 80km de bhóthar nua idir Corcaigh agus Luimneach agus cuireadh i láthair an phobail iad in 2022. Baineann an tionscadal atá beartaithe úsáid as cuid den lorg bóthair atá ag imeacht agus áirítear leis iompar poiblí agus taisteal gníomhach. Tá obair ar siúl ar phleanáil agus ar dhearadh mionsonraithe. Tá iarratas ar fhaomhadh pleanála dírithe ar 2024.
- Seachbhóthar Shláine agus Scéim Feabhsúcháin Réimse Phoiblí an N2: Tá an tionscadal beartaithe 3.4km ar fhad agus táthar ag súil go rithfidh sé soir ó Shráidbhaile Shláine ar an N2. Cuimseoidh an tionscadal bearta bainistíochta tráchta laistigh de shráidbhaile Shláine agus feabhsuithe ar an réimse poiblí freisin. Tá iarratas ar fhaomhadh pleanála dírithe ar 2023.
- TENT Dhún na nGall: Tugtar tús áite sa tionscadal seo d'fheabhsúcháin ar thrí chuid straitéiseacha den ghréasán bóithre i nDún na nGall. Tá iarratas ar fhaomhadh pleanála dírithe ar 2023.
- Faoi láthair tá píblíne de 21 mórthionscadal eile ar na bacáin againn le fócas ar sheachbhóithre a thacaíonn le beartas Lár an Bhaile ar dTús agus le fás dlúth.

Scéimeanna a Ullmhú do Thairiscint/Thógáil

An M28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh: Tá mar chuspóir ag an tionscadal seo fad thart ar 12.5 ciliméadar de bhealach an N28 ó Chuarbhóthar Theas an N40 go dtí an calafort i Rinn an Scidígh a uasghrádú. Rinneadh réamhoibreacha suntasacha lena n-áirítear seandálaíocht agus fálú in 2022. Cuirfear tús leis an bpróiseas soláthair in 2023, agus táthar ag súil go dtosóidh an tógáil in 2024.

Mionthionscadail Bhóithre

Is éard atá i gceist le tionscadail mhionoibreacha feabhsuithe áitiúla a dhíríonn go príomha ar shaincheisteanna sábháilteachta cosúil le dro-

chailíniú, drochléargas agus trasghearrthacha cúnga. Cuireadh ceithre thionscadal den chineál sin i gcrích in 2022. Tá naoi dtionscadal breise á dtógáil faoi láthair.

Taisteal Gníomhach

Lean BIÉ de bheith bainteach in 2022 le bonneagar taistil ghníomhaigh a phleanáil agus a sholáthar lena n-áirítear rotharbhealaí agus taisteal gníomhach a bhaineann leis an nGréasán Bóithre Náisiúnta. Críochnaíodh 11km eile de de rotharbhealach scartha nuair a osclaíodh scéim Chéim 1 an N56 ón gClochán Liath go dtí an Chlochbhuaile agus ó Leitir Oilí go dtí na Gleannta i nDún na nGall, agus seachadadh 1.5km de rotharbhealach scartha le scéim mionfheabhsúcháin Bhrá Chathrach. Ina theannta sin, fuair 28 tionscadal taistil ghníomhaigh cistiú le haghaidh oibreacha pleanála agus dearaidh in 2022.

Rinneamar dul chun cinn suntasach ar an bplean Náisiúnta Rothaíochta in 2022. Bhí an plean agus a Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ina n-ábhar do chomhairliúchán poiblí i rith na bliana, agus tá an plean á ullmhú faoi láthair lena fhoilsiú. Leanaimid orainn ag plé go gníomhach leis an Roinn lompair agus le gníomhaireachtaí eile chun caighdeán agus treoir theicniúil a fhorbairt agus a nuashonrú chun bonn eolais a chur faoi sheachadadh tionscadal taistil ghníomhaigh ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta.

Clár na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha

Le linn 2022, baineadh dul chun cinn suntasach amach maidir le seachadadh an chláir Glasbhealaigh Náisiúnta agus Réigiúnacha. Maoíodh 70 tionscadal Glasbhealaigh in 2022 ag céimeanna éagsúla seachadta. Críochnaíodh 33 ciliméadar san iomlán agus osclaíodh don phobal é i rith na bliana agus 79 ciliméadar eile á dtógáil thar naoi dtionscadal éagsúla. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar Ghlasbhealach

Chiarraí Thuaidh a seachadadh trí shaothar díreach. Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha tógála ar Ghlasbhealach Mhainistir na Corann go hEochail, a bhfuiltear ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2023.

Rinneamar dul chun cinn ar thógáil Ghlasbhealach na Canálach Móire áit ar cuireadh tús le hobair ar an gcuid idir Droichead Ayers agus na Solláin. Bhí oibreacha tógála ar siúl freisin idir an Daingean agus an Tulach agus Droichead Henesy go dtí an Torán. Tá ceithre cinn de na cúig chuid idir an Daingean agus Éadan Doire críochnaithe anois, agus tá an chuid dheiridh le críochnú in 2023. Chuaigh an Dara Loch Déag go Collchoill chun tairisceana in 2022, agus bhí codanna de Ghlasbhealach an Oirdheiscirt, ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin, á dtógáil in 2022 freisin.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le droichead coisithe agus rotharbhealaigh Bhaile Átha Luain a thógáil thar an tSionainn in 2022. Súiteáladh na príomhbhíomaí deice, agus táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha tógála críochnaithe i R2 2023. Chuaigh pleanáil agus dearadh ar aghaidh ar roghnú an bhealaigh idir Baile Átha Luain agus Gaillimh.

Leanadh le hoibreacha féidearthachta, pleanála agus forbartha ar raon tionscadal glasbhealaigh náisiúnta agus réigiúnacha in 2022 faoin Straitéis d’Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo. Caitheadh €43 milliún san iomlán ar thógáil agus dearadh na nGlasbhealaí faoin gclár seo. Méadóidh an seachadadh seo in 2023.

Feidhmíocht agus Torthaí 2022

Osclaíodh na Mionscéimeanna seo a leanas do thrácht:

- Crosaire Chearúill ar an N25
- Droichead Chluain Gallán an N26
- An Clochán Liath go dtí an Clochbhuaile ar an N56 (cuid den N56 ón Clochán Liath go dtí na Gleannta)
- Brá Chathrach ar an N70

Tá na Mionscéimeanna seo a leanas á dtógáil:

- Log an Tobair ar an N16
- Beary’s Cross ar an N24

- Dún Maonais ar an N51
- An Chorr Dhubh go Cill Dónall Cuid B ar an N55
- Cligher Cross ar an N73
- Baile Hoiste ar an N74
- Cnoc na mBuachalán Theas ar an N60
- Cill Mheáin - Bóthar Shruthair go dtí an Goirtín ar an N84
- Ballynare go dtí Baile Ghearóid ar an N86

Críochnaíodh na Scéimeanna Glasbhealaigh seo a leanas in 2022:

- Trá Lí go dtí an Fhianait 11.2 ciliméadar
- Lios Tuathail go Teorainn Luimnigh 10.5 ciliméadar
- Glasbhealach Limistéar Fiáin Lár na Sionainne – Portach na Coirre Léithe 5.6 ciliméadar
- An Clochán go dtí an Sraith Salach 2.6 ciliméadar
- Cuan Mó 0.5 ciliméadar
- An Chanáil Mhór – Killina go dtí Scoil Killina 0.5 ciliméadar

Ár Spriocanna don bhliain 2023:

- Tógáil thionscadal an N5 ó Chathair na Mart go Turlach a chur i gcrích;
- Críoch a chur le tógáil Sheachbhóthar an N59 i Maigh Cuilinn;
- Faomhadh geata an Chóid Chaiteachais Phoiblí a bhaint amach agus tús a chur leis an bpróiseas tairisceana don M28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidigh;
- Príomhchonradh tógála an N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg a bhronnadh;
- Faomhadh geata an Chóid Chaiteachais Phoiblí a bhaint amach chun tús a chur leis an bpróiseas ceadaithe pleanála do Sheachbhóthar Shláine N2 agus do thionscadal TENT i nDún na nGall;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar thógáil naoi mionthionscadal atá á dtógáil faoi láthair;
- Soláthar clár taistil ghníomhaigh agus Glasbhealaí a leathnú; agus
- Seachadadh chlár na gcosán a leathnú chun saolré shócmhainn na mBóithre Náisiúnta a leathnú.

Fíricí

ACHOIMRE AR FHEIDHMÍOCHT AN M50

Is é an M50 an bóthar is mó a bhfuil trácht air sa tír le níos mó ná 145,000 feithicil ag úsáid roinnt codanna ar meánlá in 2021.



13,575

Sreabhadh is airde in aghaidh na huaire taifeadta ar an stráice N3 - N2 idir 4pm agus 5pm an 4 Bealtaine



1,751

Líon iomlán na dTimpistí ar Tuairteanna Tráchta iad 698 díobh




181,839

Sreabhadh Laethúil is airde a taifeadadh ar an M50 idir an N3-N2

1.6 billiún

km Feithicle taistealta arb ionann é agus méadú 29% ar 2021



ACHOIMRE FEIDHMÍOCHTA AN N40

Iompraíonn roinnt stráicí den N40 Cuarbhóthar Dheisceart Chorcaí breis agus 75,000 feithicil ar an meán gach lá



7,631

Sreabhadh is airde in aghaidh na huaire taifeadta ar stráice Bhóthar Chionn tSáile - Dhúglais idir 8am agus 9am an 21 Deireadh Fómhair

0.31 billiún

km Feithicle taistealta arb ionann é agus méadú 12% ar 2021



97,914

Sreabhadh Laethúil is Airde Taifeadta ar stráice Bhóthar Chionn tSáile - Dúglas.



an Lá is Gnóthaí de ghnáth



245

Líon iomlán na d arTimpistí ar Tuairteanna Tráchta iad 60 díobh



07:00 - 08:00

Buaic-am Timpistí




14 nóiméad

Meán - Am Freagartha



40 nóiméad

Meánfhad na dTimpistí



Seirbhísí Gairmiúla

Foilsíonn an Rannán Seirbhísí Gairmiúla cáipéisí teorach agus cuireann sé tacaíocht theicniúil ar fáil do rannáin eile BIÉ, an méid seo a leanas ina measc:

1. Pleanáil Straitéiseach agus Iompair;
2. Seandálaíocht agus Oidhreacht;
3. Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil;
4. Caighdeáin agus Taighde; agus
5. Sábháilteacht ag BIÉ:
 - Sábháilteacht ar bhóithre;
 - Sláinte agus sábháilteacht tógála; agus
 - Sábháilteacht Iarnróid Éadroim.

Pleanáil Straitéiseach agus Iompair

Déanann Pleanáil Straitéiseach agus Iompair monatóireacht ar fheidhmiú an ghréasáin bhóithre agus iarnróid éadroim náisiúnta, chun éilimh ar an ngréasán a bheidh ann amach anseo a mheas agus tugann sé faoi staidéir straitéiseacha.

In 2022, tháinig deireadh leis na srianta taistil go léir a bhaineann le paidéim COVID-19. Mar thoradh air sin, d'fhill líonta feithiclí ar na bóithre náisiúnta go gar do leibhéal réamh-phaindéime. Ar bhealaí áirithe amhail na bealaí comaitéireachta gathacha i dtreo na gcathracha, d'fhan leibhéal tráchta faoi bhun leibhéal 2019, rud a léiríonn na treochtaí leanúnacha maidir le bheith ag obair ón mbaile in earnálacha fostaíochta áirithe.

Le linn 2022, d'fhoilsíomar treoir nuashonraithe maidir le breithmheas ar thionscadail atá maoinithe ag BIÉ, lena n-áirítear rolladh amach na huirlise TEAM chun breithmheas eacnamaíoch a dhéanamh ar bhonneagar glasbhealaigh agus taistil ghníomhaigh. D'fhoilsíomar treoir freisin maidir leis an measúnú straitéiseach ar thionscadail glasbhealaigh agus taistil ghníomhaigh. Ina theannta sin, i mí an Mhárta 2022, foilsíodh tuarascáil ar thionchar na laghduithe ar theorainneacha luais bóthair náisiúnta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chuaigh dréachtstraitéis BIÉ do bhóithre náisiúnta, NR2040, chuig comhairliúchán poiblí i mí Lúnasa 2022 agus seoladh uirlis Shamhaltú Astaíochtaí Bóthair (REM) BIÉ i mí na Nollag 2022.



Seandálaíocht agus Oidhreacht

Is é príomhchuspóir Sheandálaíocht agus Oidhreacht na tionchair sheandálaíochta agus oidhreachta a íoslaghdú bhaineann le tionscadail agus cláir BIÉ. Cinntimid seo trí chomhlíonadh reachtaíochta agus beartais, agus trí bhainistíocht riosca réamhghníomhach, a chabhraíonn, ar a uain sin, le hiontaoibh an phobail a fhorbairt.

Rinneamar bainistiú i rith 2022 ar sheandálaíocht, oidhreacht thógtha agus chultúrtha ar 240 scéim (2021: 184) scéimeanna bóithre náisiúnta, iompair phoiblí agus glabhealaigh ina measc. I measc na n-oibreacha láithreáinbhí suirbhéanna oidhreachta tógtha agus pailé-chomhshaoil, imscrúduithe agus tochairtí seandálaíochta agus monatóireacht seandálaíochta ar ghníomhaíochtaí tógála.

Cuireadh tús arís le clár náisiúnta Sheachtain na hOidhreachta BIÉ i bpearsa in 2022, agus d'fhreastail níos mó ná 1,500 duine ar imeacht amháin nó níos mó. Ina measc seo bhí dhá chomhdháil; ceann amháin i mBaile Átha Cliath, ag ceiliúradh seoladh cúig leabhar le linn dhianghlaisáil COVID-19, agus ceann eile i gCo. Ros Comáin ag cur torthaí scéim an N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg i láthair i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta.

D'fhreastail an tAire Stáit Oidhreachta ar Lá Oidhreachta na Lochlannach i mBaile na Coille, Co. Phort Láirge. Reáchtáladh léachtaí freisin i gcontaetha Chorcaí agus Loch Garman. Bhí roinnt de na himeachtaí seo hibrideach, le níos mó ná 11,000 coinní ar líne go dtí seo. Tugadh cuireadh do BIÉ páirt a ghlacadh in Oíche Chultúir Acadamh

Ríoga na hÉireann chun Bailiúcháin Oidhreachta Digití BIÉ a chur i láthair.

I rith na bliana, rinneadh taisí daonna a théann siar go dtí an eipidéim chailir in 1832, agus a aimsíodh le linn oibreacha Luas Trasathrach, a athadhlacadh i Reilig Ghlas Naíon i searmanas il-sainchreidmheach faoi stiúir na seirbhíse séiplíneachta TU Bhaile Átha Cliath. Tá seirbhís chuimhneacháin phoiblí beartaithe do 2023 chun na daoine seo a mharcáil.

Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil

De réir Phlean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta agus Straitéis Comhtháthaithe Comhshaoil BIÉ, cuireann BIÉ cúrsaí comhshaoil i bpleanáil, i dtógáil agus in oibríochtaí gach tionscadail bóithre náisiúnta, iarnróid éadroim agus glabhealaigh. Baintear é seo amach trína chinntiú go gcuirtear treoirlínte/caighdeáin maidir le Dearadh, Measúnú agus Tógáil Comhshaoil agus beartais eile BIÉ i bhfeidhm ar gach tionscadal agus oibríocht atá maoinithe ag BIÉ.

In 2022, rinneamar athbhreithniú ar ár Straitéis um Oiriúnú Aeráide, ina leagtar amach conas a dhéanfaidh BIÉ a ghréasáin a oiriúnú i bhfiannaise aeráide atá ag athrú agus ar ghníomh é sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021. D'fhorbraíomar aip gréasánbhunaithe d'uirlis measúnaithe carbóin BIÉ do thionscadail bóithre agus iarnróid éadroim. D'fhoilsíomar caighdeáin nua maidir leis an aeráid agus cáilíocht an aeir freisin chun mórtionscadail bóithre, iarnróid éadroim agus glabhealaigh a phleanáil. Tacóidh na caighdeáin seo le cuspóirí aeráide agus dícharbónaithe níos leithne BIÉ a bhaint amach.



In 2022, d'fhorbraíomar fachtóirí ceartúcháin iomadaithe Foinsí Sonracha na hÉireann freisin (Bóthar Náisiúnta agus Iarnród Éadrom) a ionchorpraíodh sa tsamhail nua tuartha torainn CNOSSOS-EU agus a úsáidtear faoi láthair chun léarscáileanna torainn straitéiseacha 2022/2023 a ullmhú do na gréasáin bóithre náisiúnta agus iarnróid éadrom.

Caighdeán agus Taighde

Coinníonn agus déanann BIÉ nuashonrú rialta ar raon leathan caighdeán, treoirlínite agus cáipéisí teicniúla a bhaineann le pleanáil, dearadh, tógáil, cothabháil agus feidhmiú bóithre náisiúnta atá ar fáil ar líne trí láithreán gréasáin foilseachán BIÉ (<https://www.tiipublications.ie/>). In 2022, rinneadh sé nuashonrú agus foilsíodh 27 doiciméad, lena n-áirítear seacht gCaighdeán BIÉ nua (2021: 19) agus 13 dhoiciméad theicniúla nua (2021: 25). Áiríodh orthu sin doiciméid a bhaineann le Sábháilteacht, Soghluaisteacht Inbhuanaithe (taisteal gníomhach, geilleagar ciorclach, bearta tosaíochta bus) agus Gníomhú ar son na hAeráide (measúnú aeráide, cuntasaíocht carbóin, cáilíocht torainn agus aeir, samhaltú astaíochtaí bóthair, bainistiú sócmhainní). Rinneamar athbhreithniú freisin ar ár dTreoirlínite Bainistíochta Tionscadail agus Breithmheasa Tionscadal chun glabhealaí agus taisteal gníomhach a áireamh agus chun breithmheas airgeadais a ionchorprú i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí athbhreithnithe.

Leanamar orainn ag soláthar cúrsaí oiliúna ar chaighdeán theicniúla d'innealtóirí bóthair in 2022. Chlúdaigh na seacht gcúrsa a reáchtáladh i rith na bliana ábhair ar nós cigireacht agus iniúchadh sábháilteachta ar bhóithre, dearadh córais srianta feithiclí, dearadh geoiméadrach bóithre agus dearadh dromchla pábhála bóithre. Reáchtáladh dhá imeacht "Seó Bóthair BIÉ" ar líne freisin chun forbairtí le déanaí i gcaighdeán deartha bóithre BIÉ a chur i láthair. Tionóladh comhdháil Bhliantúil Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí BIÉ i Sligeach i mí Mheán Fómhair 2022 agus d'fhreastail níos mó ná 300 oifigeach Údarás Áitiúil a bhí ag gabháil do thionscadail bóithre náisiúnta agus glabhealaigh uirthi. Ba é seo an chéad chomhdháil phearsanta ó 2019 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Díríonn an ócáid seo ar fhoireann na n-údarás áitiúil atá ag gabháil do thionscadail bhóithre náisiúnta agus d'úsáideoirí eile ar gcaighdeán.

N59 An Teach Dóite go Bur na Cille, Gaillimh

Rinneamar nuashonrú ar ár Straitéis Taighde BIÉ (2022-2026) a foilsíodh i mí Iúil 2022. Tar éis glao bliantúil ar thograí taighde, coimisiúnaíodh ceithre thionscadal taighde nua. Tá 12 thionscadal taighde idir lámha faoi láthair. Ina theannta sin, lean ár gcomhoibriú le Comhdháil do Stiúrtóirí Eorpacha Bóithre (CEDR) ar aghaidh in 2022, agus tá BIÉ ag glacadh páirte i roinnt tionscadal taighde comhoibríoch leis an CEDR a chlúdaíonn raon gníomhaíochtaí a bhaineann le gréasáin bhóithre náisiúnta a bhainistiú. Ligeann sé seo do BIÉ taithí a roinnt agus taighde comhoibritheach a dhéanamh le riaracháin bhóithre Eorpacha eile.

I rith na bliana, chuireamar tús le heagrú Chomhdháil na Láithreach Iompair (TRA) 2024, thar ceann na Roinne Iompair. Reáchtálfar an chomhdháil, arb í an chomhdháil iompair is mó san Eoraip í, i mBaile Átha Cliath an 15 go 18 Aibreán 2024 agus táthar ag súil go meallfaidh sí os cionn 3,000 toscaire go Baile Átha Cliath.

Sábháilteacht ag BIÉ

Is ceann dár bpríomhchuspóirí straitéiseacha é feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim, agus tús áite á thabhairt don tsábháilteacht ar fud réimse iomlán ghníomhaíochtaí BIÉ. Déanaimid athbhreithniú ar shábháilteacht ar fud ár mbonneagair bhóithre agus iarnróid, chomh maith le tuairisciú ar shláinte agus sábháilteacht oibríthe agus conraitheoirí ar ár láithreáin tógála.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Cuimsítear i sainchúram reachtúil BIÉ gréasán bóithre náisiúnta sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar. Cuireann BIÉ an Treoir ón AE maidir le bainistíocht sábháilteachta ar bhonneagar bóthair i bhfeidhm, a bhaineann le gach mótarbhealach agus príomhbhealach náisiúnta. Chuir BIÉ an Treoir i bhfeidhm ar gach bóthar náisiúnta ó Mheitheamh 2012 ar aghaidh. Tá sé mar aidhm againn líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre náisiúnta a laghdú faoina leath faoi 2030, i gcomhréir le Creat Beartais Sábháilteachta ar Bhóithre an AE 2021-2030 agus le ‘Vision Zero’.

In 2022, ba é 168 an líon iomlán básanna ar gach bóthar in Éirinn, méadú de 16 bás i gcomparáid le 2021. As na básanna sin, tharla 64 ar bhóithre náisiúnta, arb ionann iad agus méadú 5 bhás ar

bhóithre náisiúnta i gcomparáid le 2021. Mhéadaigh líon na mbásanna do choisithe ar bhóithre náisiúnta in 2022 go 14 in 2022 (2021: sé bhás). Tá na figiúirí go léir bunaithe ar anailís ar thuarascálacha sealadacha imbhualtí marfacha ón nGarda Síochána.

In 2022, sholáthair BIÉ cistiú €28 milliún do 161 scéim feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre le taobhanna bóthair níos sábháilte, bóithre atá níos sábháilte de bharr a ndearaidh, agus timpeallacht sábháilte a chruthú d’úsáideoirí bóithre leochaileacha (2021: €26 milliún). Tá BIÉ freagrach as 12 ghníomh i gCéim 1 de Straitéis um Shábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais (2021-2030) agus tá sé ar an sprioc faoi láthair na gníomhartha go léir a chur i gcrích laistigh den chreat ama a chuirtear ar fáil.

Sláinte agus Sábháilteacht Tógála

Cuirimid sláinte agus sábháilteacht chun cinn inár dtionscadail tógála arna gcistiú ag BIÉ. Déanaimid cigireachtaí sábháilteachta rialta chun monatóireacht agus seiceáil a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta ar dtionscadal agus chun dea-chleachtas i sláinte agus sábháilteacht oibríochtúil agus tógála a chomhlíonadh.

Fostaímid comhairleoirí sláinte agus sábháilteachta a thugann faoi chigireachtaí ráithiúla neamhspleácha sábháilteachta ar thionscadail a chistíonn BIÉ. Tugtar chun solais sna seiceálacha seo dea-chleachtais agus limistéir atá le feabhsú. Déanann BIÉ monatóireacht neamhspleách freisin lena chinntiú go bhfuil tionscadail atá á maoiniú ag BIÉ ag cloí le forálacha na rialachán maidir le leas agus fostaíocht oibríthe.

Tá ról ag BIÉ i gcinntiú go bhfuil bearta sábháilteachta ag oibreacha bóthair ar bhóithre náisiúnta ag teacht leis an dea-chleachtas agus déanann sé cigireachtaí sábháilteachta tréimhsiúla chuige sin. Bailíonn BIÉ sonraí maidir le timpistí, teagmhais agus neastimpistí le linn thionscadail tógála BIÉ. Bailíonn an córas tuairiscithe seo staitisticí míosúla maidir le sábháilteacht ó mhórláithreáin tógála. Ceadaíonn na sonraí seo feidhmíocht bhliantúil sábháilteachta tógála BIÉ a thomhas agus éascaíonn sé anailís treochtaí.

Déantar Tarluithe Contúirteacha Intuairiscithe agus Neastimpistí a thuairisciú ó gach tionscadal tógála BIÉ um Mórbhóithre agus Iarn-

róid Éadroim agus Conarthaí Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (MMaRCanna). Cuirtear 17 dTimpiste is Cúis le hAga Díomhaoin (LTAanna) i dtaifead in 2022, ar méadú 8 dtimpiste é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba ionann ráta Minicíochta Timpistí is Cúis le hAga Díomhaoin (LTAFr) do thionscadail tógála BIÉ agus 0.51 (2021: 0.58). Ba ionann an LTAFr do MMaRCanna agus 0.43 (2021: 1.30). Déantar LTAFr a ríomh mar (Líon LTAanna/Líon iomlán na nUaireanta a Oibríodh) x 100,000. Rinneadh dhá Tharlú Chontúirteacha a chur i gcuntas in 2022 (2021: 3) agus 27 Neastimpiste a chur i gcuntas in 2022 (2021: 27).

Sábháilteacht Iarnróid Éadroim

Is é ár ról i dtaobh Sábháilteacht Iarnróid Éadroim a chinntiú go gcomhlíontar forálacha ábhartha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 agus na rialacháin, Cóid Chleachtais agus an treoir infheidhme. Oibrímid go comhoibritheach le hOibreoir Luas, le príomh-gheallsealbhóirí agus le páirtithe leasmhara chun an fheidhmíocht sábháilteachta ar ghréasán Luas a chothú agus a fheabhsú. Déanann monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta chóras Luas agus déanaimid anailís mhíosúil ar theagmhais agus ar thimpistí chun treochtaí agus saincheisteanna sábháilteachta atá ag teacht chun cinn a shain-aithint. Tuairiscítear staitisticí Luas don Bhord go míosúil.

Tharla 16 imbhualadh intuairiscithe um thrácht ar bhóithre in 2022, ar méadú 7 n-imbhualadh é sin i gcomparáid le 2021. Ba sháruithe ar sholas dearg a rinne tiománaithe ba chúis le 11 de na himbhualtaí sin (2021: 6). B'fheithiclí bóthair a thiomáin isteach ar rianbhealach an tram ar na stráicí den trambhealach ar an tsráid ba chúis le ceithre imbhualadh (2021: 3).

Thit dhá theagmháil intuairiscithe amach in 2022 idir coisithe agus tramanna, laghdú dhá theagmháil i gcomparáid le 2021. Tharla dhá theagmháil intuairiscithe idir tram agus rothaí, laghdú teagmháil amháin i gcomparáid le 2021. D'fhan líon na ngortuithe a rinneadh de bharr thimpiste Luas in 2022 ag cúig (2021: cúig ghortú). Tuairiscíodh bás amháin ar ghréasán Luas le linn 2022 (2021: nialas).

Cuireadh roinnt feachtais sábháilteachta ar bun i rith na bliana chun feachtas a mhúscailt ar thábhacht na sábháilteachta ar chóras Luas agus timpeall air, dírithe ar idirghníomhú sábháilte a bheith á dhéanamh ag coisithe, tiománaithe agus rothaithe le gréasán Luas. I measc na bhfeachtas sábháilteachta seo bhí: Sábháilteacht Paisinéirí Luas, Sábháilteacht do Choisithe, Sábháilteacht Leanaí, agus na Contúirtí a bhaineann le Surfáil Tram.

Déantar ionadaíocht do BIÉ ar an gComhairle Chomhairleach Sábháilteachta Iarnróid agus tá sé ina chomhalta freisin de Ghrúpa Ceannasaithe Sábháilteachta na dTramanna sa Ríocht Aontaithe agus d'Fhóram Sábháilteachta Tramanna Uirbeacha na hEorpa. Le linn na bliana, leanamar ag comhoibriú leis na grúpaí seo le taithí ar shaincheisteanna sábháilteachta a roinnt, le páirt a ghlacadh i ndea-chleachtas a leagan amach agus ag cur le feabhas a chur ar shábháilteacht trambhealaí.

Feidhmíocht agus Torthaí 2022

- Foilsíodh an tuarascáil ar Tháscairí an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta 2021 ar láithreán gréasáin BIÉ;
- Foilsíodh seacht gcaighdeán agus 13 cáipéis theicniúil ar láithreán gréasáin Foilseachán BIÉ; <https://www.tiipublications.ie/>;
- Foilsíodh dréacht-Straitéis Bóithre Náisiúnta 2040 BIÉ le haghaidh comhairliúcháin phoiblí;
- Beachtaíodh Samhail Astaíochtaí Náisiúnta BIÉ a mhúnlaíonn astaíochtaí ar bhóithre náisiúnta;
- Cuireadh tús le comhdháil na Láithreach Iompair a eagrú thar ceann an RI, a thionólfar i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2024;
- Cuireadh céim IV den chlár um mapáil torainn straitéiseach do ghréasán BIÉ i gcríoch, a éilíonn Rialacháin Torainn Timpeallachta;
- Nuashonru ar Straitéis BIÉ chun Oiriúnú don Athrú Aeráide;

- Foilsíodh treoirlínte maidir le hAthrú Aeráide agus Measúnú Carbóin;
- Cuireadh ocht dtionscadal taighde ó Chlár Taighde BIÉ 2021 chun cinn agus cuireadh tús le comórtas tairisceana do 2022;
- Leanadh le creidiúnú ISO 45001 do Chóras Bainistíochta Sábháilteachta BIÉ;
- Nuashonrú ar Straitéis Taighde BIÉ (2022-2026);
- Tuairiscíodh ar ghníomhartha BIÉ faoi Chéim 1 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre (2021-2030); agus
- Nuashonraíodh treoirlínte breithmheasa tionscadal BIÉ go dtiocfadh siad leis an gCód Caiteachais Phoiblí, NIFTI, Comhchreat Breithmheasa an RI , an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaitheachta an RI 2022.

Ár Spriocanna don bhliain 2023

- Tuarascáil fheabhsaithe ar Tháscairí an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta 2022 a fhoilsiú;
- Straitéis Bóithre Náisiúnta 2040 BIÉ a fhoilsiú ag teacht le Tionscadal Éireann 2040 agus le Creat Infheistíochta Náisiúnta an RI ;
- Beartas nua Limistéar Seirbhíse a fhoilsiú do mhótarbhealaí agus do dhébhealaí;
- Doiciméid chaighdeánacha nua a bhaineann le daonra agus sláinte an duine, uisce, torann agus tírdhreach bog a fhoilsiú do bhóithre náisiúnta agus glasbhealaí;
- Beartas nua bithéagsúlachta agus straitéis tírdhreacha a fhoilsiú;
- Tionscadal taighde a chur i gcrích maidir le gnéithe seandálaíochta a bhrath go huathoibríoch ó LIDAR ag baint úsáide as meaisínfhoghlaim;
- Treoirlínte nua Oidhreachta Cultúrtha BIÉ a fhoilsiú;
- Eagrú agus cur chun cinn Comhdháil na Láithreach lompair, a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2024;
- Straitéis nua Páirceála agus Roinnte a fhoilsiú;
- Gníomhartha BIÉ sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre (2021-2024) a chur chun cinn.



Luis, an M50, Baile Átha Cliath



Rialáil BIÉ

Pleanáil Úsáide Talún

Tá freagrachtaí ar BIÉ mar chomhlacht forordaithe maidir le pleanáil úsáide talún faoi Alt 22 d'Acht na mBóithre, 1993. Áirítear leis seo ionchur a chur ar fáil i gcáipéisí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le húsáid talún agus beartas iompair, Criosanna Forbartha Straitéisí, forbairt údaráis áitiúil agus pleananna limistéir áitiúla.

Tá stádas mar chomhairlí reachtúil le haghaidh bainistíocht forbartha ag BIÉ faoi Airteagal 28 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú. Déanann an Rannóg Pleanála um Úsáid Talún comhordú agus bainistiú ar fhreagairt BIÉ ar iarratais phleanála le hionchur ó chomhghleacaithe BIÉ. Ina theannta sin, faigheann agus déanann BIÉ measúnú ar thograí iarratais phleanála faoi ailt eile de na hAchtanna Pleanála amhail Forbairt Bonneagair Straitéisigh, Forbairtí Stáit agus Údaráis Áitiúla, agus ceadúnú comharthaíochta. Tugann an tAlt freagra freisin ar iarratais ón mBord Pleanála ar iarratais ar achomharc a éilíonn ionchur ó iarratais scóipe BIÉ, EIS agus SEA, agus atreoruithe réamhphleanála ó údaráis áitiúla.

Saoráil Faisnéise

Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (SF) go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine, faoi réir díolúintí áirithe a shonraítear san Acht:

- An ceart teacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a chomhlíonann forálacha Alt 6 den Acht;
- An ceart go gceartófar faisnéis phearsanta atá á coimeád fúthu nó go nuashonraítear é, sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart cúiseanna a fháil a bhí le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a imríonn tionchar orthu.

Ó 2016 ar aghaidh, foilsíonn BIÉ sonraí faoi iarrataí ar Shaoráil Faisnéise a fuarthas le haghaidh faisnéis neamhphearsanta i Logleabhar Nochta SF, i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais um Shaoráil Faisnéise do Chomhlachtaí Poiblí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Logleabhar Nochta ar fáil le féachaint air i mír SF ár láithreáin ghréasáin. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (foi@tii.ie) ar fáil le hiarrataí SF a éascú.

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil

Bronntar cearta dlíthiúla orthu siúd a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil ó údaráis phoiblí i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil) ó 2007 go 2018. Faoi na Rialacháin, caithfear faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaoil atá á coimeád ag



nó d'údarás poiblí a chur ar fáil ar iarraidh sin do dhuine ar bith, faoi réir díolúintí áirithe. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (aie@tii.ie) ar fáil le hiarrataí a éascú faoi na Rialacháin.

Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sonraí Oscailte agus Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid), 2021, ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí athúsáid fhormhór fhaisnéis na hearnála poiblí a éascú. Áirítear le hathúsáid, cóipeáil, mionathrú, aistriú, oiriúnú agus dáileadh.

I rith 2022, lean BIÉ ag cur leis an bhfaisnéis a chuirimid ar fáil gan stró lena n-athúsáid ar thairseach Shonraí Oscailte an Rialtais ag [Data.gov.ie](https://data.gov.ie).

Teangacha Oifigiúla

Lorgaítear in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 chun úsáid na Gaeilge ar chuspóirí oifigiúla a chur chun cinn sa Stát trí mhéid agus cáilíocht na seirbhísí a mhéadú agus a fheabhsú a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí don phobal as Gaeilge. Leagtar ceanglais shonracha san Acht agus, sna Rialacháin a rinneadh faoin Acht, ar chomhlachtaí poiblí, BIÉ ina measc, maidir leis an úsáid a bhaintear as an nGaeilge; mar shampla, nuair a fhreagraítear comhfhreagras a fuarthas i nGaeilge, úsáid na Gaeilge ar pháipéarachas agus ar chomharthaí agus roinnt cáipéisí a fhoilsiú go dátheangach.

Ceanglaítear in Alt 11 den Acht ar chomhlachtaí poiblí scéim a ullmhú ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh an comhlacht poiblí trí mheán

na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus tríd an dá theanga. Cheadaigh an tAire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim reatha BIÉ, a bheidh i bhfeidhm don tréimhse ó 2020 go 2023, in 2020 agus foilsítear é sa mhír Teangacha Oifigiúla dár láithreáin ghréasáin.

Cosaint Sonraí

Chruthaigh tosach feidhme an Achta um Chosaint Sonraí 2018 agus cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) i rith 2018 creat dlíthiúil nua a chuir feabhas suntasach ar chearta cosanta sonraí daoine aonair agus a neartaigh na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Lean BIÉ in 2022 le beartais, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leo feacht foirne ar oibleagáidí cosanta sonraí a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil ceanglais na reachtaíochta cosanta sonraí á gcomhlíonadh ag BIÉ. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (dataprotection@tii.ie) i bhfeidhm le hiarrataí um chosaint sonraí a éascú.

Inrochtaineacht

Tacaíonn BIÉ le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD), a dhaingnigh Éire in 2018, a bhfuil mar chuspóir aige an taitneamh iomlán agus comhionann a bhaintear as gach ceart daonna agus saoirse bhunúsach a chur chun cinn, a chosaint agus a chinntiú i measc gach duine faoi mhíchumas. Tá BIÉ tiomanta do chinntiú go bhfuil ár seirbhísí, bonneagar, áitreabh agus faisnéis inrochtana go

hiomlán agus go gcuirtear oiliúint feasachta chuí maidir le hinrochtaineacht ar fáil dár bhfoireann ar fad. Bunaíodh Coiste Inrochtaineachta trasearnála ag a bhfuil an tasc a chinntiú go gcloítear go hiomlán le ceanglais an Achta um Míchumas, 2005.

Lorgaíonn an Coiste a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go mbíonn fáil ar gach beart agus saoráid chuí ag custaiméirí agus ag an bhfoireann atá faoi mhíchumas. De réir cheanglais an Achta um Míchumas, cheap BIÉ Oifigeach Rochtana atá freagrach as cúnaimh a thabhairt do chustaiméirí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin atá á soláthar ag BIÉ agus as feidhmiú mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo a leithéid sin de sheirbhísí a rochtain. Tá tuilleadh faisnéise faoi bheartas inrochtaineachta BIÉ agus sonraí teagmhála ár nOifig Rochtana le fáil ar leathanach Inrochtaineachta ár láithreáin ghréasáin.

Lean BIÉ le páirt a ghlacadh i gCoiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta (ACC) na Roinne Iompair in 2022. Tugann an ACC oifigigh ón Roinn, gníomhaireachtaí ábhartha, ionadaithe ó eagraíochtaí míchumais agus comhaltaí den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais (DSG) le chéile.

Téann Grúpa Úsáideoirí Luas i gcomhairle le larnród Éadrom, Meitreo, Bóithre Náisiúnta agus Mótárbhealach (lena n-áirítear Ionaid Seirbhísí Mótárbhealaigh) agus in 2022 tháinig siad le chéile ar thrí ócáid réamhsceidealaithe, an 22 Márta, an 6 Iúil, agus an 19 Deireadh Fómhair. Áiríodh leis na cruinnithe seo nuashonruithe agus aiseolas ar gach tionscadal leanúnach, chomh maith le plé a bhaineann le hoibríochtaí agus seirbhísí ar fud na gréasáin iompair phoiblí agus bóithre. Tugadh cuireadh d’Fhoireann Rothstoc BIÉ freastal i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus cuireadh i láthair iad don Ghrúpa ar an rothstoc atá ann cheana, ar ghnéithe inrochtaineachta agus ar fheabhsuithe amach anseo.

Chomh maith leis na trí chruinniú sceidealaithe thuas, eagraíodh cruinnithe saincheaptha i rith na bliana freisin. Mar shampla, an 22 Meitheamh, rinne an Grúpa Úsáideoirí siúlóid láithreáin chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna leanúnacha éagsúla ar Líne Dhearg Luas. Bhí sé seo cuiditheach, agus tá sé beartaithe againn cuairteanna suímh amach anseo a shocrú in 2023. An 15 Samhain, tionóladh cur i láthair tiomnaithe

Metrolink, agus é mar aidhm aige Baill an Ghrúpa Úsáideoirí a nuashonrú ar an tionscadal agus iad a chur ar an eolas faoi ghnéithe éagsúla de phróiseas aighneachta an Ordaithe larnróid.

I mí Iúil 2022, d’oibrigh Oifigeach Rochtana BIÉ leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) chun cur i láthair ‘Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí: Comhairliúcháin Phoiblí’ ag an NDA do BIÉ a fhorbairt. I measc na n-aíonna bhí bainisteoirí sinsearach tionscadail BIÉ agus iad siúd a raibh baint acu le comhairliúchán poiblí, lena n-áirítear comhairleoirí ábhartha. Ba é an cuspóir a bhí leis ná a chur ina luí ar an lucht spéise an tábhacht a bhaineann le cumarsáid inrochtana, ar an ngá cloí le Rialacháin an AE maidir le hInrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Mhóibíleacha 2020 agus le hAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017 agus ar na bealaí sonracha ina bhféadfaí comhlíonadh a bhaint amach.

I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas, tá iarracht déanta ag BIÉ teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas, trí na hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Míchumas (DPOanna). Seoladh cuireadh chun rannpháirtíochta chuig gach ball de Chomhghuaillíocht DPO in 2021 agus arís in 2022, tar éis Ordú larnróid Metrolink a chur isteach. Ba é cuspóir an chuiridh a chur ar chumas grúpaí nó daoine dul i gcomhairle go díreach maidir le gach tionscadal, agus maidir le Metrolink go háirithe, más mian leo.

Seirbhís do Chustaiméirí

Baineann páirt lárnach ag seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí BIÉ agus táimid meáite ar fheabhas leanúnach a chur ar ár gcleachtais ghnó chun na caighdeáin is airde a sholáthar inár ndéileálacha lenár gcustaiméirí. Leagtar amach conas a léiríonn BIÉ meas ar a ghealltanais chun seirbhís ardchaighdeán a sholáthar agus conas a dhéanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht ar an leathanach Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2020-2023 ar ár láithreán gréasáin. Tá seirbhís ríomhphoist tiomnaithe (customerservice@tii.ie) i bhfeidhm chun gearáin faoi sheirbhís do chustaiméirí a éascú do chustaiméirí a bhraitheann go mb’fhéidir nár caitheadh leo go leordhóthanach, go cúirtéiseach, nó go cothrom ina gcuid déileálacha le foireann BIÉ.



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí Boird BIÉ

An Bord (Grianghraif agus Beathaisnéisí Gairide)



An tUasal Gareth Llewellyn (Cathaoirleach)

Ceapadh Gareth mar Chathaoirleach ainmnithe BIÉ i Samhain 2021 (deimhnithe in Eanáir 2022) tar éis dó dul ar scor mar Phríomhfheidhmeannach an DVSA, ciste trádála rialtas an RA a sholáthraíonn seirbhísí do bhreis agus 40m custaiméir. Bhí ról feidhmiúcháin dhomhanda aige roimhe seo le National Grid plc agus le cuideachta Anglo American plc agus bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag Network Rail agus freagracht air as saincheisteanna sábháilteachta, teicniúla agus innealtóireachta. Mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, chuir sé an cuideachta bhainistíochta dramhaíola Biffa plc ar an stocmhalartán agus bhunaigh sé Gníomhaireacht Bhreoslaí In-Athnuaite na Roinne Iompair. Chuaigh Gareth ar scor mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Údarás Harwich Haven i mí na Nollag 2021, a sholáthraíonn píolótaí do na longa coimeádán is mó ar domhan a fhágann ó Felixstowe. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é freisin ag Sage Housing atá, le tacaíocht ó Blackstone, ar an soláthraí is mó de thithíocht shóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán sa Ríocht Aontaithe.

Comhalta é Gareth ag Institiúid um Cheannaireacht Inbhuanaitheachta Cambridge agus iarradh air in 2005 chun dul i ngleic le Comhthionól Ginearálta na NA ar chearta daonna agus gnó.



An tUasal Peter Walsh (POF)

Ceapadh Peter Walsh mar POF BIÉ in 2020. Sula ndeachaigh sé i mbun an ról seo, bhí Peter ina Stiúrthóir Bainistíochta Chlár Caipitiúil BIÉ ó 2015. Is Innealtóir Sibhialta Cairte é Peter Walsh a bhfuil níos mó ná 40 bliain taithí aige.



An tUasal Joe O'Mahony

Bhí Joe O'Mahony ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Northern Ireland Electricity ó 2011 go 2014 tar éis do BSL é a éadail. Tá taithí breis agus 20 bliain aige le tionscadail mhóra bhonneagar cumhachta, clár athnuachana líonra infheistíochta €3 billiún do Ghréasáin BSL ina measc. Comhalta Boird é le KTL, Lagan Hibernian agus an Lárionad Iomaíochais i dTuaisceart Éireann. Tháinig deireadh le téarma Joe i mí an Mheithimh 2022.



An tUasal Seamus Neely

D'éirigh Séamus Neely as a phost mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus tá sé ina iar-Chathaoirleach ar Donegal Tourism Ltd. I ndiaidh tréimhse a chaitheamh san earnáil phríobháideach, tá taithí éagsúil de bhreis ar 29 bliain ag Séamus sa tSeirbhís Phoiblí agus chaith sé breis agus fiche bliain díobh siúd ag Leibhéal Bainistíochta Sinsearaí. Tháinig deireadh le téarma Séamus i mí na Samhna 2022



An tUasal Aebhric Mc Gibney

Tá Aebhric McGibney (M.Litt (Eacnamaíocht), MBA C Dir), ag oibriú mar Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí agus Idirnáisiúnta le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir Cairte é agus roimhe seo d'fhóin sé ar Bhord Chóras Iompair Éireann, i mbun cathaoirleachta ar a Choiste Airgeadais agus Réadmhaoine. Roimhe seo, bhí sé ag oibriú mar léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar chomhairleoir eacnamaíoch le Fitzpatrick Associates agus mar Eacnamaí Sinsearach le IBEC.



Mary O'Donovan Uasal

Is Stiúrthóir Cairte í Mary O'Donovan ag a bhfuil taithí Bhoird sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanacha. I láthair na huaire tá sí ag feidhmiú mar chomhalta Boird ar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus mar Chomhalta Boird de An Post. Tá taithí fhairsing aici ar leibhéal sinsearach ar bhainistíocht oibríochtaí, bainistíocht córas agus bainistíocht ghinearálta agus bhí ról shinsearach aici lena n-áirítear Stiúrthóir Seirbhísí do Chustaiméirí, Príomhoifigeach Faisnéise, Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Bainisteoir Ginearálta sna hearnálacha Teileachumarsáide agus Seachfhoinsithe Próiseas Gnó.



Patricia O'Shea Uasal

Is dlíodóir corparáideach í Patricia O'Shea, atá cáilithe chun cleachtadh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, a bhfuil taithí breis agus 30 bliain aici, san earnáil TF agus san earnáil eitlíochta go príomha. D'oibrigh sí ar feadh roinnt blianta le IBM, áit a raibh sí i mbun ról éagsúla, Ard-Abhcóide, Rúnaí Cuideachta agus Stiúrthóir ina measc. Tá sí ina Ceann Grúpa ar Chúrsaí Dlí agus Rúnaíochta ag daa plc, ról a chuimsíonn oibríochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta na cuideachta. D'fhóin sí ar Bhord Feidhmiúcháin an Ospidéal Náisiúnta Mháithreachais ar feadh tréimhse fhada bhlianta. Ball í de Bhord Comhairleach Asia Matters.



An tUasal Aidan Skelly

Iar-Phríomhoifigeach Airgeadais EirGrid plc é Aidan Skelly. Sular thosaigh sé ag oibriú le EirGrid, bhí roinnt ról shinsearach airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá sé ina stiúrthóir ar AirNav Ireland agus ar Respond, Comhlacht Ceadaithe Tithíochta. Is Cuntasóirí Cairte é le B.Comm ó COBÁC agus MBS i gCeannaireacht Chorparáideach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

An Bord (ar lean)



An tUasal Damien Ó Tuama

Is taighdeoir luaineachta é Damien Ó Tuama a bhfuil taithí breis agus 20 bliain aige san earnáil phríobháideach. Chuir sé a thaighde dochtúireachta ar chúrsaí aistrithe i gcórais luaineachta i gcrích in 2015 (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus tá sé ina Mheasúnóir agus comhalta den Choiste Stiúrtha le haghaidh tionscadal taighde faoi Ghlaio Bliantúil Chlár Taighde EPA faoi Cholún na hAeráide agus Colún na hInbhuanaitheachta.

Tá sé ina Chomhordaitheoir Náisiúnta Rothaíochta do Cyclist.ie - Líonra Tathanta Rothaíochta na hÉireann agus an Taisce. Bhí sé ina chomhalta boird le Cónaidhm Rothaithe na hEorpa idir 2016 agus 2021.



An tUasal Desmond Kenny

Tá breis agus 35 bliain caite ag Desmond Kenny ag obair in earnáil an mhíchumais in Éirinn, idir obair ghairmiúil agus dheonach araon, i mbun feachtais ar son cearta daoine faoi mhíchumas agus ag lorg ionchuisitheacht daoine faoi mhíchumas sa saol agus i seirbhísí príomhshrutha. D'fhóin sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill go dtí go ndeachaigh sé ar scor.

Chuir sé le ceapadh beartais san earnáil agus d'fhóin sé ar roinnt boird reachtúla lena n-áirítear dhá théarma ceithre bliana san Údarás Náisiúnta Míchumais. Tá MBA bainte amach aige, chomh maith le MSc Eacnamaíochta i mBainistíocht Cúraim Sláinte.



Colette Byrne Uasal

Ba Phríomhfheidhmeannach le Comhairle Contae Chill Chainnigh í Colette Byrne, tar éis di fónamh mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhailí. Chaith Colette 40 bliain ag fónamh san Earnáil Phoiblí, agus chaith sí breis agus 20 bliain ag oibriú ar leibhéal Bainistíochta Sinsearaí agus tá MA aici i mBainistíocht na hEarnála Poiblí. Ghlac Colette Byrne le ballraíocht Bhord BIÉ in Eanáir 2021.



Rotharbhealach, An Muileann gCearr go Baile Átha Luain, An Iarmhí



**Rachel Cahill
Uasal**

Stiúrthóir

Ceannasaí
na hOifige
Fheidhmiúcháin
agus
Inbhuanaitheachta

Tá Rachel ina Ceannasaí ar Oifig Feidhmiúcháin BIÉ agus freagracht uirthi as Straitéis Inbhuanaitheachta BIÉ a threorú. Is cuntasóir cairte í a bhfuil taithí breis agus 25 bliain aici ag oibriú i dtimpeallachtaí casta dúshlánacha airgeadais agus oibríochtúla, lena n-áirítear le 15 bliana anuas san earnáil iompair agus soghluaisteachta. Sular thosaigh sí ag oibriú le BIÉ, chaith Rachel 10 mbliana ag oibriú sa tionscal baincéireachta i róil oibríochtúla chomh maith le róil airgeadais.



**An tUasal Pat
Maher**

Stiúrthóir

Bainistíocht an
Ghréasáin

Is Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin BIÉ é Pat Maher. Is innealtóir cairte é agus tá céimeanna Máistreachta bainte amach aige san innealtóireacht shibhialta ó OÉG agus ó Ollscoil Calgary, Ceanada. Roimhe seo bhí sé ag oibriú le gnólachtaí innealtóireachta comhairlí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn sular thosaigh sé ag oibriú san ÚBN i 1999. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin i BIÉ nuair a chumasc an GFI agus ÚBN.



Nigel O'Neill

Stiúrthóir

Bainistíocht Clár
Caipitiúil

Is é Nigel O'Neill Stiúrthóir Bainistíochta an Chláir Chaipitiúil do BIÉ. Tá céimeanna BSc agus MSc san innealtóireacht ag Nigel agus is Innealtóir Cairte é agus tá sé ina bhall d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

Tá taithí os cionn 30 bliain ag Nigel sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí lena n-áirítear innealtóireacht shibhialta, bainistíocht tionscadal, soláthar poiblí, pleanáil straitéiseach iompair, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP), oibríochtaí dola agus oibríochtaí iarnróid éadroim.



**Cathal
Masterson**

Stiúrthóir

Oibríochtaí
Tráchtála

Is Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála BIÉ é Cathal Masterson. Is Innealtóir Cairte é Cathal a bhfuil MSc bainte amach aige sa bhainistíocht tionscadal agus tá cuntas teiste cruthaithe aige maidir le hoibríochtaí iompair agus soghluaiseachta a bhainistiú agus tionscnaimh bhainistíochta ar athruithe a chur chun cinn. Sular thosaigh sé ag oibriú san earnáil phoiblí in 2008, d'oibrigh Cathal le gnólachtaí comhairleoireachta maidir le tionscadail éagsúla iompair do chliant san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.



Tony Redmond

Stiúrthóir

Seirbhísí
Corparáideacha

Tá Tony Redmond ina Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha do BIÉ. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí Soláthair. Is cuntasóirí cairte bainistíochta é a bhain MBS amach i Soláthar Straitéiseach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sula ndeachaigh sé leis an earnáil phoiblí i 2002, d'oibrigh Tony sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe go príomha sa tionscal aerlínte.



Helen Hughes

Stiúrthóir
Seirbhísí
Gairmiúla

Tá Helen ina Stiúrthóir ar Rannán na Seirbhísí Gairmiúla in BIÉ. D'oibrigh sí roimhe sin mar Cheannasaí um Pleanáil Straitéiseach agus Iompair san Údarás um Bóithre Náisiúnta. Tá taithí breis agus 30 bliain aici sa phleanáil iompair, breithmheas tionscadal agus bainistíocht tionscadal sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc agus in Éirinn. Is Innealtóir Cairte í agus tá Baitsiléir san Innealtóireacht Shibhialta agus Diplóma sa Bhainistíocht Tionscadal bainte amach aici.



Audrey Keogh

Stiúrthóir
Seirbhísí Gnó

Is Stiúrthóir Seirbhísí Gnó í Audrey Keogh. Cuimsíonn an Rannán Seirbhísí Gnó, AD, Airgeadas, Rialachas agus Dlí agus Talamh agus Réadmhaoin. Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, tar éis gur bhain sí taithí 25 bliain amach i róil Airgeadais san earnáil phoiblí, cleachtas agus tionscal.



Sean O'Neill

Stiúrthóir
Cumarsáid
Chorparáideach

Tá Seán O'Neill ag obair mar Stiúrthóir Cumarsáide Corparáidí le BIÉ. Tá breis is 20 bliain caite aige ag obair mar ghairmí cumarsáide i réimse éagsúil earnálacha gnó, ó bhiteicneolaíochta go mórthionscadail bhonneagair. Chuaigh sé isteach san Údarás um Bóithre Náisiúnta in 2005 mar Cheannasaí Cumarsáide.

Is comhalta é Seán d'Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí agus tá Máistreacht i mBainistíocht Cumarsáide bainte amach aige.



Edel McCormack

Ceannasaí
Rialachais &
Rúnaí Dlí an
Bhoird

Is Ceannasaí Rialachais agus Rúnaí Dlí an Bhoird ag BIÉ í Edel McCormack. Is Aturnae cáilithe í agus thosaigh sí ag oibriú leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid (GFI) in 2013 mar Dhlíodóir Réadmhaoine intí, agus bhí na saincheisteanna dlí réadmhaoine ar fad á mbainistiú aici le haghaidh an GFI. Ceapadh Edel mar Cheannasaí Rialachais agus Dlí in 2015, agus tá maoirseacht á déanamh aici ar sholáthar seirbhísí dlí do BIÉ agus ar nithe a bhaineann le rialachas corparáideach.

Tá céim sa Dlí Sibhialta, Máistreacht i nDlí na hEorpa, Máistreacht in Eitic (Freagracht Chorparáideach) agus Diplómaí in Eadránú agus Caidreamh Poiblí ag Edel. Ligeadh isteach i gcleachtas í i Sasana agus sa Bhreatain Bheag freisin.



Freagrachtaí an Bhoird

Ábhair atá Forchoimeádtar don Bhoird

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas BIÉ na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach go ndéanfaidh an Bord cinneadh orthu. Forchoimeádtar na príomhábhair seo a leanas le haghaidh cinnidh ón mBord:

- faomhadh Chód Cleachtais BIÉ;
- faomhadh na Tuarascála Bliantúla, an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Gnó Chorparáidigh;
- faomhadh na Ráiteas Airgeadais;
- téarmaí tagartha na gcoistí Boird;
- leibhéil údarais tharmligthe, beartas stáitchiste agus beartais bhainistíochta riosca;
- aon chinneadh feidhm a chomhlíonadh go díreach seachas trí Údarás Áitiúil;
- scéimeanna nua dolaí a bhunú nó scéim dolaí a chúlghairm; agus fodhlíthe nua do scéim dolaí nó córas iarnróid;
- Ceapadh, luach saothair, bainistíocht feidhmíochta agus pleanáil chomharbais maidir leis an POF;
- Éadail shuntasach, diúscairt agus scor sócmhainní ar luach níos mó ná €1 milliún;

D'fhonn a chinntiú gur féidir leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le treo straitéiseach BIÉ, tá an faomhadh seo a leanas forchoimeádtar don Bhoird i dtaobh scéimeanna móra, atá sainithe ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an gCód Caiteachais Phoiblí mar scéimeanna luach caipitil de bhreis ar €20 milliún. Aon chinneadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- CPO agus EIS ráiteas tionchair timpeallachta a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála;
- Iarratas ar Ordú Iarnróid mór a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála;
- tús a chur le scéim mhór a thógáil;
- Conradh CPP a iontráil (forchoimeádtar gach conradh PPP, fiú mura conarthaí móra iad); agus
- Faoi Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla an Rialtais, tá dualgas ar BIÉ úsáid a bhaint as an tsraith foirmeacha conartha do Chonarthaí Oibreacha Poiblí (PWC). Sa chás nach mbíonn na foirmeacha PWC seo oiriúnach lena n-úsáid ar thionscadal BIÉ, féadfaidh BIÉ maolú a lorg ón gCoiste Conarthaí Rialtais um Thógáil (GCCC) faoi Alt 6 (c) i gCiorclán 01/2016 an RCPA. Sula lorgaítear cead ón GCCC le haghaidh maolú den sórt sin, tá faomhadh an Bhoird le fáil. Teastaíonn faomhadh an Bhoird, chomh maith, d'aon athraitheas suntasach ar théarmaí agus coinníollacha uathu siúd a fhaomhann an RCPA nó an GCCC.



Tarmligean ag an mBord

Rinne an Bord an méid seo a leanas a tharmligean:

- úsáid tSéala, don POF, an Stiúrthóir Seirbhísí Gnó, an Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála agus an Ceann Dlí agus Rialachais mar Rúnaí leis an mBord (a bhfuil a úsáid le cur i gcuntas i dTuarascáil an POF leis an mBord);
- faomhadh Luasteorainneacha don POF nó aon chomhalta foirne atá údaraithe amhlaidh;
- saincheisteanna pleanála don POF nó aon chomhalta foirne atá údaraithe amhlaidh;
- moltaí le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, faoi mar a bhforáiltear dó in Alt 23 d'Acht na mBóithre;
- daoine údaraithe a cheapadh, maidir le cigireacht, suirbhéireacht agus a leithéid, faoi mar a bhforáiltear dó in Alt 78 d'Acht na mBóithre; agus
- treoracha a thabhairt d'Údaráis Áitiúla, faoi mar a bhforáiltear dó i Rialachán 3(7) de na Rialacháin um Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagar Bóithre.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear in Acht na mBóithre, 1993 go 2015, ar BIÉ ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais i cibé foirm is féidir leis an Aire Iompair le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Seachadadh agus Athchóirithe NDP.

Tá Bord BIÉ freagrach as taifid chúil chuntasaíochta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais BIÉ agus a

chuireann ar chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na mBóithre, 1993 go 2015.

Tá BIÉ freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaouis agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar BIÉ an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- a chinntiú go mbíonn aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais BIÉ; agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an BIÉ de bheith i mbun oibriúcháin.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar feidhmíocht BIÉ i gcomparáid leis an bplean agus leis an mbuiséad bliantúil a mheas ag gach cruinniú Boird. Measann an Bord go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais BIÉ an 31 Nollaig 2022.

Struchtúr an Bhoird

Is faoin Aire atá comhdhéanamh an Bhoird, mar aon le ceapadh agus athcheapadh Chomhaltaí an Bhoird agus téarmaí agus coinníollacha a gceaptha. Faoin gCód Cleachtais, sa chás go measann an Cathaoirleach go dteastaíonn scileanna ar leith ar an mBord, féadfaidh sé/sí an tAire a chur ar an eolas, d'fhonn gur féidir leis an Aire dearcthaí an Chathaoirligh a chur san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh.

Tá an Bord sásta go bhfuil a Chomhaltaí saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh gur dhóchúil go n-imreoidís tionchar ábhartha ar, fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách. Déanann gach Comhalta Boird aon leas a nochtadh agus ní bhíonn siad i láthair nuair a bhíonn plé agus cinní á ndéanamh nuair nach mbíonn siad ar aon intinn faoi rud éigin nó nuair a bhíonn leas díreach nó indéireach acu, faoi mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais. Tá gach Comhalta faoi réir cheanglais nochtá Alt 37 d'Acht na mBóithre, 1993 agus cuireann siad Dearbhuithe Leasa ar fáil, faoi mar a cheanglaítear in Alt 40. Buannarra ar chlár na gcruinnithe Boird uile iad Coimhlintí Leasa.

Comhlánaíonn Comhaltaí an Bhoird ceistneoir meastóireachta féinmheasúnaithe an Bhoird gach bliain agus comhlánaíonn comhaltaí an

Choiste Iniúcháireachta agus Riosca seicliosta d'éifeachtacht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Éilítear faoin gCód Cleachtais go ndéanann BIÉ measúnacht sheachtrach ar Éifeachtúlacht an Bhoird gach trí bliana. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais, in 2022 agus tuairiscíodh é don Bhord i mí Feabhra 2023.

Cothromaíocht Inscne i gComhaltas an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí triúr comhaltaí baineanna (33.33%) agus seisear comhaltaí fireanna (66.67%) ar an mBord, agus bhí suas le cúig phost folamh. Tá próiseas chun tuilleadh Comhaltaí Boird a cheapadh ar siúl leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

Dá bhrí sin, ní bhaineann an Bord spríoc an Rialtais d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit amach. Tá lánrogha iomlán ag an Aire Iompair maidir le ceapacháin ar Bhord BIÉ faoi Acht na mBóithre.

Tarraingítear aird an Aire ar chothromaíocht inscne Bhord BIÉ sa Tuarascáil Chuimsitheach bhliantúil.

Comhaltaí an Bhoird – Sceideal na dTéarmaí Ceapacháin

	Comhalta Boird	Ról	Dáta an Chéad Cheapacháin	Deireadh leis an Téarma Reatha
1	Gareth Llewellyn	Cathaoirleach	23.11.21	22.11.26
2	Peter Walsh	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	22.10.20	21.10.25
3	Joe O'Mahony*	Gnáthchomhalta	14.02.13	30.06.22
4	Seamus Neely**	Gnáthchomhalta	01.11.15	24.11.22
5	Mary O'Donovan	Gnáthchomhalta	11.10.18	10.10.26
6	Aebhric Mc Gibney	Gnáthchomhalta	11.10.18	10.10.26
7	Desmond Kenny	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.23
8	Patricia O'Shea	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.23
9	Damien Ó Tuama	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.23
10	Aidan Skelly	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.23
11	Colette Byrne	Gnáthchomhalta	25.01.21	24.01.26

* Tháinig deireadh le Téarma Ceapacháin Joe O'Mahony an 30 Meitheamh 2022

** Tháinig deireadh le Téarma Ceapacháin Shéamus Neely an 24 Samhain 2022

Tá struchtúr éifeachtach Coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Bhunaigh an Bord an dá Choiste seo a leanas:

An Coiste Iniúchóireacht agus Riosca

Tá ceathrar comhaltaí Boird agus Cathaoirleach Neamhspleách, Aidan Horan, ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá dearbhuithe maidir le riachtanais dearbhaithe an Bhoird a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a shláine atá na dearbhuithe sin. Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an ARC ina théarmaí tagartha scríofa, a athbhreithníonn an Coiste agus a fhaomhann an Bord gach bliain.

Déanann an ARC tuairisciú foirmiúil leis an mBord agus an fhaisnéis sin nó an chomhairle sin á soláthar, faoi mar a mheastar is cuí, trí ghnáthchuir i láthair Chathaoirleach an ARC leis an mBord faoi ghníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an choiste. Soláthraíonn an ARC tuarascáil bhliantúil don Bhord, atá

uainithe chun tacú le cur i gcrích na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais agus chun go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus achoimre a sholáthar ar a chonclúidí ón obair faoinar tugadh i rith na bliana.

An Coiste Straitéise

Tá cúigear comhaltaí Boird sa Choiste Straitéise. Is é ról an Choiste Straitéise cabhrú leis an mBord plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh do Bhoneagar Iompair Éireann. Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Straitéise ina théarmaí tagartha scríofa, a athbhreithníonn an Coiste agus a fhaomhann an Bord gach bliain.

Déanann an dá Choiste tuairisciú foirmiúil leis an mBord agus an fhaisnéis sin nó an chomhairle sin á soláthar, faoi mar a mheastar is cuí, trí ghnáthchuir i láthair Chathaoirleach an Choiste leis an mBord faoi ghníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an Choiste. Soláthraíonn an dá Choiste tuarascáil don Bhord, atá uainithe chun tacú le cur i gcrích na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais, agus achoimre a sholáthar ar a chonclúidí ón obair faoinar tugadh i rith na bliana.

Comhaltaí Boird - Sceideal Tinrimh

2022	An Bord		An Coiste Iniúchóireachta & Riosca		An Coiste Straitéise	
	A	B	A	B	A	B
Gareth Llewellyn	12	12	-	-	10	10
Peter Walsh	12	12	-	-	10	10
Colette Byrne	12	12	9	9	-	-
Desmond Kenny	12	12	-	-	9	9
Aebhric Mc Gibney	12	11	-	-	9	8
Seamus Neely*	11	11	-	-	9	9
Mary O'Donovan	12	12	9	9	-	-
Joe O'Mahony**	6	6	-	-	6	6
Patricia O'Shea***	12	11	9	9	-	-
Damien Ó Tuama	12	12	9	9	-	-
Aidan Skelly****	12	11	5	4	5	5

*Tháinig deireadh le Téarma Ceapacháin Shéamus Neely i mí na Samhna 2022

** Tháinig deireadh le Téarma Ceapacháin Joe O'Mahony i mí an Mheithimh 2022

*** Ós rud é gur tionóladh an Bord an 8 Meán Fómhair 2022 agus é mar aon chuspóir aige breithniú a dhéanamh ar iarratas an Ordaithe Iarnróid Metrolink a chur isteach, d'aontaigh an Cathaoirleach le Patricia O'Shea go mbeadh sí as láthair ón gcruinniú i bhfianaise na coinbhleachta leasa a dhearbhaigh sí roimhe seo ar an ábhar.

****Ceapadh Aidan Skelly ar an gCoiste Straitéise i mí an Mheithimh 2022

Léiríonn Colún A líon na gcruinnithe a tionóladh le linn 2022 nuair a bhí an Comhalta Boird ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.

Léiríonn Colún B líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2022 nuair a bhí an Comhalta Boird ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.

Comhaltaí Boird - Sceideal Táillí agus Costas

				2022	2022
			Nóta	Táillí (€)	Costais a Íocadh (€)
1	Gareth Llewellyn	Cathaoirleach	Nóta 1	20,520	6,378
2	Peter Walsh	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Nóta 1	-	-
3	Colette Byrne	Gnáthchomhalta	Nóta 2	4,230	472
4	Desmond Kenny	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	409
5	Aebhric Mc Gibney	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	-
6	Seamus Neely	Gnáthchomhalta	Nóta 2	10,805	2,985
7	Mary O'Donovan	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	1,782
8	Joe O'Mahony	Gnáthchomhalta	Nóta 2	5,985	-
9	Patricia O'Shea	Gnáthchomhalta	Nóta 1	-	-
10	Damien Ó Tuama	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	-
11	Aidan Skelly	Gnáthchomhalta	Nóta 2	6,739	-
			Iomlán	96,159	12,026

Nóta 1: Tá feidhm ag Táillí Boird Comhaltaí Seirbhíse Poiblí Neamhthráchtála Chatagóir 2 (Cathaoirleach €20,520, Stiúrthóir €11,970) ón 14 Iúil 2015. I gcomhréir le prionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin” de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níor íocadh táille le Peter Walsh agus Patricia O'Shea as fónamh ar an mBord.

Nóta 2: Tá Colette Byrne i dteideal táillí Boird tar éis di dul ar scor ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh an 24 Lúnasa 2022 agus íocadh í pro rata. Tháinig deireadh le téarma oifige Séamus Neely an 24 Samhain 2022 agus íocadh é pro rata. Tá Aidan Skelly i dteideal táillí tar éis dó dul ar scor ó Eirgrid an 7 Meitheamh 2022 agus íocadh é pro rata. Tháinig deireadh le Téarma Ceapacháin Joe O'Mahony an 30 Meitheamh 2022 agus íocadh é pro rata.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Seachas na hathruithe ar leibhéal Boird dá dtagraítear sa tábla “Comhaltaí Boird - Sceideal Téarmaí Ceapacháin”, níor tháinig aon athrú ar an mbainistíocht shinsearach.

Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus na harscríbhinní a ghabhann leo

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon BIÉ riachtanais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, amhail a d'fhoilsigh Seachadadh agus Athchóiriú NDP na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh.

Costais Chomhairleoireachta

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas comhairle seachtraí don mbainistíocht. Ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’ orthu.

	2022	2021
Cur Síos	€'000	€'000
Comhairle Dlí	1,815	2,870
Cáin, comhairle airgeadais/achtúireach	186	188
Bainistíocht tionscadail eile agus tacaíocht ghnó	188	121
Iomlán	2,189	3,179
Costais chomhairleoireachta arna gcaipitliú	-	-
Costais chomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	2,189	3,179
Iomlán	2,189	3,179

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Sa tábla thíos tugtar miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair BIÉ a nochtar i gcostais Chomhairleoireachta thuas.

	2022	2021
Cur Síos	€'000	€'000
Táillí dlí – imeachtaí dlí	477	540
Idir-réiteach agus eadráin	-	1
Socraíochtaí	-	-
Iomlán	477	541

Is éard atá sna costais dlí seo costais le haghaidh 3 chás. Ní ann d'aon chostais do dhíospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag comhlachtaí Stáit eile (2021: Náid). D'íoc árachóirí BIÉ costais agus socraíochtaí breise. Baineann na costais idir-réitigh agus eadrána thuas leis na costais sin a thabhaigh BIÉ go díreach agus ní áirítear leo íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána a d'íoc Údarás Áitiúla.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022	2021
Cur Síos	€'000	€'000
Intíre		
- Bord	9	-
- Fostaithe	337	194
Idirnáisiúnta		
- Bord	3	-
- Fostaithe	77	3
Iomlán	426	197

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas:

	2022	2021
Cur Síos	€'000	€'000
Fáilteachas foirne	2	2
Fáilteachas cliaint	2	-
Iomlán	4	2

Bainistíocht Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as cinneadh a dhéanamh ar chineál agus méid na rioscaí suntasacha atá sé toiliúil a ghlacadh chun cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaint amach.

Cé go bhfuil an fhreagracht deiridh ar an mBord, tacaíonn an ARCleis, a chuireann na torthaí ar a n-athbhreithnithe in iúl don Bhord. Faigheann an ARC tuarascálacha rialta ón mBainisteoir Riosca Chorparáidigh agus ó na hiniúcháirí inmheánacha agus neamhspleácha agus déanann sé seiceáil ar dhul chun cinn in aghaidh pleananna gníomhaíochta comhaontaithe chun rioscaí a sainaitníodh a bhainistiú.

Beartas Bainistíochta Riosca BIÉ

Tá Beartas Bainistíochta Riosca BIÉ faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ag an mBord lena dheimhniú go gcloíonn sé le deachleachtas agus go gcomhlíonann sé ceanglais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Creat Bainistíochta Riosca BIÉ

Ghlac BIÉ le Creat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta chun tacú lena Ráiteas Straitéise agus Plean agus Buiséad Bliantúil. Áirítear leis an gcreat próiseas saincheaptha bainistíochta riosca lena chinntiú go sainaithnítear príomhrioscaí, go dtugtar tús áite dóibh, go mbainistítear iad, go ndéantar monatóireacht orthu agus go dtuairiscítear iad ar bhealach comhsheasmhach i measc gach limistéir in BIÉ. Déanann Coiste Riosca Fiontraíochta athbhreithniú ar rioscaí fiontraíochta agus cuirtear iad le plé níos fairsinge an Bhoird agus an ARC. Sanntar úinéir do gach riosca fiontraíochta ón bhfoireann Feidhmiúcháin a dhéanann athbhreithniú rialta ar a rioscaí sannta.

Úsáideann an fhoireann Feidhmiúcháin na cuspóirí straitéiseacha chun riosca agus éiginnteacht fhéideartha a shainaithint. Úsáidtear an t-aschur ó na cleachtaí seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus athnuachan a dhéanamh ar gach clár rioscaí ar fud BIÉ. Tacaíonn Inghlacthacht shainithe riosca le agus cumasaíonn sé beartú tosaíochta agus pleanáil mhaolaithe.

Déanann BIÉ athbhreithniú rialta ar a chreat bainistíochta riosca agus ar chur i bhfeidhm a chleachtas bhainistíochta riosca lena chinntiú go mbíonn siad reatha agus ábhartha i gcónaí.

Chuir BIÉ creat nua Bainistíochta Riosca i bhfeidhm i rith 2017. Tá an creat faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ag an mBord.

Inghlacthacht Riosca BIÉ

Saindeartar straitéisí chun riosca a rialú i leith a mhéid atá BIÉ toiliúil chun freastal ar riosca, ar aon dul le Ráiteas Inghlacthachta Riosca BIÉ. Déanann bainisteoirí BIÉ breithniú ar cé acu an leor nó nach leor rialuithe agus gníomhaíochtaí maolaithe riosca reatha chun dóchúlacht fhéideartha nó iarmhairt an riosca a thabhairt anuas go dtí leibhéal infhulaingthe. Déantar gníomhartha breise a shainiú agus a

chur i bhfeidhm mura meastar go bhfuil an riosca laistigh den Inghlacthacht.

Tá Inghlacthacht riosca BIÉ faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ag an mBord.

Ráiteas Comhlíontachta

Chuir BIÉ tús le bearta cuí chun an Cód Cleachtas a chomhlíonadh ina leagtar amach prionsabail rialachais chorparáidigh ar gá do bhoird stáit cloí leo.

Chomhlíon BIÉ an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2022.

Don bhliain 2022, bhí BIÉ cumhdaithe ag Comhaontú Maoirseachta agus Soláthair Feidhmíochta 2021 agus 2025 idir BIÉ agus an Roinn Iompair.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Comhlíonann BIÉ rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile a leagtar sa reachtaíocht seo a leanas:

- Achtanna na mBóithre 1993 go 2015;
- An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001;
- An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 (arna leasú);
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (arna leasú);
- An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001;
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003;
- An tAcht um Míchumas, 2005;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005;
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014;
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015;
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (agus leasú); agus
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 agus reachtaíocht ghaolmhar



Ceartha an Duine agus Comhionannas BIÉ

Tá Bonneagar Iompair Éireann tiomanta do chinntiú gurb ann do chultúr measa ar Chearta an Duine agus Comhionannas (HRE) i measc ár bhfoirne agus i dtreo na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus admhaíonn sé a dhualgas san earnáil phoiblí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Thug BIÉ faoi réamh-mheasúnacht in 2020 ar limistéir inar féidir lena fheidhmeanna tionchar a imirt ar chearta daonna agus comhionannas. Trí réamh-mheasúnacht a chur i gcrích, d'éirigh le BIÉ dearcadh leathan a fháil ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas agus bhí na prionsabail agus na cearta arna leagan amach i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR) mar threoir aige. Shainaithin BIÉ cúig phríomhréimse ina dtugann an eagraíocht aghaidh ar Chearta an Duine agus ar an gComhionannas ina ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

1. Inrochtaineacht
2. Sláinte & Sábháilteacht an Duine
3. Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú Inscne
4. Inbhuanaitheacht

Tá sonraí faoin dul chun cinn faoi na ceannteidil seo leagtha amach thíos.

Ina theannta sin, in 2022, rinne BIÉ measúnú ar dhá thionscadal nua mar thionscadail a

bhaineann le planáil agus tuairisciú faoi chúinsí chearta an duine agus comhionannais. Is iad seo an Tionscadal MetroLink agus an Tionscadal BRUCE. Is í BIÉ an Ghníomhaireacht Urraíochta do MetroLink, tionscadal suntasach bonneagair meitreo atá beartaithe le haghaidh forbartha i mBaile Átha Cliath. Staidéar meastóireachta roghanna is ea Tionscadal BRUCE (Meastóireacht ar Luchtú Níos Fearr d'Úsáideoirí Bóithre) ar ról an luchtaithe ar úsáid bóithre chun inmharthanacht an ghréasáin bóithre náisiúnta in Éirinn sa todhchaí agus san fhadtearma a chinntiú tar éis dul in éag na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha atá bainteach le doláí ó 2033.

Tá sonraí faoin gcaoi a bhfuil BIÉ ag bainistiú saincheistanna HRE mar chuid den Tionscadal MetroLink agus Tionscadal BRUCE san áireamh sa tuarascáil seo freisin. Tá sé beartaithe go ndéanfar monatóireacht ar shaincheistanna HRE i gcomhthéacs an dá thionscadal seo agus go dtabharfar tuairisc orthu thar théarmaí an tionscadail.

Chríochnaigh BIÉ na gníomhaíochtaí ábhartha HRE seo a leanas in 2022:

1. Inrochtaineacht:

Tacaíonn BIÉ le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), a dhaingnigh Éire in 2018, a bhfuil mar chuspóir aige an taitneamh iomlán agus comhionann a bhaintear as gach ceart daonna agus saoirse bhunúsach a chur chun cinn, a chosaint agus a chinntiú i measc gach duine faoi mhíchumas. Leanann BIÉ ag tacú le príomhchláir rialtais, cosúil leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas (NDIS) - cur chuige uile-



rialtais arb é a aidhm an t-iompar a dhéanamh níos comhtháite agus níos inrochtana, i gceantair uirbeacha agus thuaithe. Tacaíonn BIÉ freisin leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024, a lorgaíonn a chinntiú go dtacaítear le agus go gcumasaítear daoine faoi mhíchumas ar mian agus ar féidir leo obair a dhéanamh, amhlaidh a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, tacaíonn BIÉ le beartas gaolmhar na Roinne Iompair, cosúil le Rochtain ar Iompar do Chách a dhéanann Dearadh Uilíoch a shuíomh i gceartlár an iompair - anuas ar an mBeartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe.

Nuair a chuirtear an méid thuas san áireamh, leanann BIÉ ag dul i gcomhairle a fhairsinge agus is féidir ar cheisteanna míchumais, chun cloí le dea-chleachtas in iompar poiblí inbhuanaithe agus inrochtana agus bealaí nuálacha a lorg chun na spriocanna a leagtar amach i mbeartas idirnáisiúnta agus náisiúnta a thabhairt chun cinn. Tugann Grúpa Úsáideoirí Luas comhairle do BIÉ maidir le hinrochtaineacht a sheirbhísí agus a shaoráidí iompair d'fhonn seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú do gach duine de réir “Rochtain ar Iompar do Chách”, Plean Earnála na Roinne faoin Acht um Míchumas 2005 agus Plean Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Téann Grúpa Úsáideoirí Luas i gcomhairle le Iarnród Éadrom, Meitreo, Bóithre Náisiúnta, agus Mótarbhealach (lena n-áirítear Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh) agus bhuail siad le chéile in 2022 ar thrí ócáid réamhsceidealaithe. Áiríodh leis na cruinnithe seo nuashonruithe agus aiseolas ar gach tionscadal leanúnach, chomh maith le plé a bhaineann le hoibríochtaí agus

seirbhísí ar fud na gréasáin iompair phoiblí agus bóithre. D'fhreastail Foireann Rothstoc BIÉ ar cheann de na cruinnithe agus chuir siad i láthair an Ghrúpa iad, ag lorg aiseolais ar ghnéithe rothstoc agus inrochtaineachta atá ann cheana agus ar fheabhsuithe amach anseo. Chomh maith leis na trí chruinniú sceidealaithe, eagraíodh cruinnithe saincheaptha freisin. Mar shampla, rinne an Grúpa Úsáideoirí siúlóid láithreáin chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar roinnt saincheistean leanúnacha éagsúla ar Líne Dhearg Luas. Bhí sé seo cuiditheach agus tá sé beartaithe cuairteanna suímh amach anseo a eagrú. Tionóladh cur i láthair tiomnaithe Metrolink freisin, agus é mar aidhm aige comhaltaí an Ghrúpa Úsáideoirí a nuashonrú ar an tionscadal agus iad a chur ar an eolas faoi ghnéithe éagsúla de phróiseas aighneachta an Ordaithe Iarnróid.

D'oibrigh Oifigeach Rochtana BIÉ leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun cur i láthair ‘Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí: Comhairliúcháin Phoiblí’ ag an NDA do BIÉ a fhorbairt. I measc na n-aíonna bhí bainisteoirí sinsearacha tionscadail agus iad siúd a raibh baint acu le comhairliúcháin poiblí, lena n-áirítear comhairleoirí ábhartha. Ba é an cuspóir a bhí leis ná a chur ina luí ar an lucht spéise an tábhacht a bhaineann le cumarsáid inrochtana, ar an ngá cloí le Rialacháin an AE maidir le hinrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Mhóibíleacha 2020 agus le hAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017 agus ar na bealaí sonracha ina bhféadfaí comhlíonadh a bhaint amach.

I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (a dhaingnigh Éire in 2019), tá iarracht déanta

ag BIÉ teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas, trí na hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOanna). Seoladh cuireadh chun rannpháirtíochta chuig gach ball de Chomhghuaillíocht DPO in 2021 agus arís in 2022, tar éis Ordú Iarnróid Metrolink a chur isteach. Ba é cuspóir an ríomhphoist a chur ar chumas grúpaí nó daoine dul i gcomhairle go díreach maidir le gach tionscadal - agus maidir le Metrolink go háirithe - más mian leo. Ba iad Voice of Vision Impairment (VVI) an t-aon DPO a bhí i mbun rannpháirtíochta agus thionóil BIÉ cruinniú saincheaptha Metrolink le VVI agus le Foireann Tionscadail Metrolink an 19 Nollaig 2022. Tionóladh roinnt cruinnithe níos ginearálta le VVI le dhá bhliain anuas.

Tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn ar an tionscadal Metrolink a bhaineann le míchumas, lena n-áirítear imní maidir le formáidí inrochtana – amhail léarscáileanna braille – dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Bhí sé ina chleachtadh foghlama úsáideach soláthróirí a lorg agus an obair seo a eagrú, cé go raibh sé deacair, ar féidir é a chur i bhfeidhm ar gach tionscadal amach anseo. Tá tuilleadh sonraí faoin mbealach ar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna HRE sa Tionscadal Metrolink leagtha amach faoi ‘MetroLink’ thíos.

Chomh maith leis na rólí riachtanacha mar Oifigeach Rochtana agus Fiosrúcháin, tá Coiste Inrochtaineachta inmheánach bunaithe ag BIÉ chun cur chuige tras-rannach a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus chun na caighdeáin seirbhíse is airde a spreagadh do gach úsáideoir. Tá an Coiste comhdhéanta de dhaoine aonair ó gach ceann de stiúrthóireachtaí BIÉ agus d’fhorbair sé prótacail chun aghaidh a thabhairt ar, inter alia: An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí), 2020 agus an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 2015. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair in 2022 agus chlúdaigh sé ábhair éagsúla, go háirithe bealaí chun na caighdeáin is airde inrochtaineachta gréasáin a chinntiú ar fud na bhfóram uile atá faoi rialú BIÉ.

Seoladh tionscadal nuálaíochta BIÉ, dar teideal ‘GACH Duine ar Bord: Podchraoladh Inrochtaineachta BIÉ,’ go himheánach in 2022,

agus tá seoladh poiblí beartaithe do R2 2023. Tá súil leis go n-éascóidh an meán seo bealach nuálach agus neamhfhoirmiúil le cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí agus leis an bpobal i gcoitinne, go gcuirfidh sé taisteal saor ó bhacainní chun cinn agus go saothróidh sé tuiscint níos fearr ar riachtanais úsáideoirí. Rinneadh cur i láthair ar an tionscadal don UITP i mBealtaine 2022 agus bhí an t-aiseolas go dtí seo dearfach.

2. Sláinte agus Sábháilteacht an Duine

Tá an ceart ag gach oibrí dálaí sábháilte agus sláintiúla oibre a bheith acu. Leagtar amach cearta agus oibleagáidí fostóirí agus fostaithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú). Tá BIÉ go hiomlán tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus leas ár bhfostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú. Is é ár mbeartas cultúr agus iompar dearfach agus réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistíocht riosca agus rannpháirtíocht fostaithe ar fud na heagraíochta.

Le linn 2022, lean BIÉ lena Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm de réir an chleachtais is fearr agus na gceanglas ISO 45001. D’fhorbair BIÉ an SMS freisin chun socruithe oibre cumaisc agus measúnaithe a chur san áireamh chun sláinte, sábháilteacht agus folláine fhostaithe BIÉ a chinntiú. Rinneadh BIÉ a athdheimhniú le haghaidh ISO45001 i mBealtaine 2022.

Lean BIÉ lena Chlár ‘Flourish’ a bhfuil sé mar aidhm aige féachaint ar fholláine ó thrí pheirspictíocht idirnasctha – Folláine Fhísiciúil, Folláine Mheabhrach agus Folláine Shóisialta. Bhí Seachtain Folláine BIÉ ar siúl ón 7 Samhain go dtí an 18 Samhain 2022.

3. Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Lean BIÉ ar aghaidh ag tógáil ar fheasacht ar Éagsúlacht, Cothromas & Ionchuimsiú leis an bhfoireann go léir in 2022 trí raon tionscnamh. Reáchtáil BIÉ sraith seimineár gréasáin faoin Ionad Oibre Ilghlúine chun feasacht a mhéadú faoin gcaoi ar mhaith le cohóirt aoise éagsúla oibriú le chéile. Chuir BIÉ oiliúint um chlaonadh i ngan fhios i bhfeidhm freisin don fhoireann go léir. I mí an Mhárta 2022, rinne BIÉ Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh freisin le cainteoir ag labhairt faoi dheacrachtaí a shárú. Chríochnaigh an Fhoireann

Feidhmiúcháin oiliúint sa Cheannaireacht Ionchuimsitheach freisin. Tá clár folláine i bhfeidhm ag BIÉ darb ainm ‘Flourish’ agus clúdaítear réimse ábhar gach bliain. I mbliana tugadh cur i láthair maidir leis an Meanapás. Tá tuilleadh pleananna á bhforbairt chun tacú le mná san fhórsa saothair tríd an Meanapás.

Eisíodh Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe i mí na Samhna 2022 a thug aghaidh ar roinnt topaicí, lena n-áirítear i réimse na hÉagsúlachta agus an Ionchuimsithe. Scaipfear torthaí an tsuirbhé seo ar an bhfoireann i Ráithe 1 2023 agus ullmhófar pleananna gníomhaíochta. In 2022 d’fhoilsigh BIÉ a chéad tuarascáil ar an mBearna Pá idir na hInscní.

4. Inbhuanaitheacht

Is í an inbhuanaitheacht an treoirphrionsabal trína ndéanann BIÉ a fheidhmeanna. Rinneadh gníomhaíocht fhairsing faoi Inbhuanaitheacht in 2022 agus leagtar amach é seo go mion sa Tuarascáil Bhliantúil faoin gceannteideal ‘Inbhuanaitheacht ag BIÉ’.

5. MetroLink

Is é BIÉ an Ghníomhaireacht Urraíochta don Tionscadal MetroLink, tionscadal bonneagair meitreo atá beartaithe le haghaidh tógála i mBaile Átha Cliath. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir BIÉ iarratas isteach chuig an mBord Pleanála maidir le hiarnród meitreo a thógáil le rith idir Sord agus Charlemont i mBaile Átha Cliath. Tá measúnú á dhéanamh ar shaincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas mar chuid d’fhorbairt leanúnach an Tionscadail MetroLink agus cuireadh go leor díobh seo san áireamh faoin Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus sceidil de chearta maoin atá le fáil, a cuireadh isteach leis an iarratas. Tá achoimre ghairid leagtha amach anseo thíos.

(a) Cearta Réadmhaoine a Bhreithniú
Cuimsíodh san iarratas ar Ordú Iarnróid an dearadh beartaithe do bhealach agus do stáisiún, Tuarascáil Chuimsitheach ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ar na hoibreacha beartaithe mar aon leis na riachtanais fála réadmhaoine (sealadach agus buan araon) a theastaíonn chun tógáil an tionscadail a cheadú chomh maith le hoibriú amach anseo.

Mar chuid de ghné an cheanglais réadmhaoine, bhí BIÉ feasach go háirithe ar stádas agus ar

chosaint cearta réadmhaoine in Éirinn, lena n-áirítear cosaintí atá le fáil sa Bhunreacht. Má dheonaítear an tOrdú Iarnróid, tabharfar cumhachtaí do BIE cearta agus leasanna a fháil go héigeantach i dtailte áirithe, agus mar thoradh air sin beidh tionchar suntasach ar réadmhaoín atá faoi úinéireacht daoine aonair agus cuideachtaí. Dá réir sin, tá iarracht déanta ag BIÉ roinnt tionscnamh agus cleachtas a chur i bhfeidhm chun cabhrú le teagmháil a dhéanamh le húnéirí réadmhaoine lena mbaineann roimh dheonú agus tar éis deonú Ordú Iarnróid; lena n-áirítear Straitéis Fála Talún MetroLink (a foilsíodh i Meán Fómhair 2022) – príomhghné den straitéis seo is ea teagmháil luath le daoine lena mbaineann sula ndeimhnítear Ordú Iarnróid. Déantar é seo chun riachtanais iomlána na ndaoine lena mbaineann a mheas, a gcúinsí aonair a mheas agus, más féidir, teacht ar réamh-chomhaontú coinníollach maidir le haistriú leasanna réadmhaoine. Tuigeann agus admhaíonn BIÉ a thábhachtaí atá sé go mbeadh únéirí réadmhaoine cónaithe in ann a ngnóthaí a phleanáil leis an oiread fógra agus is féidir, agus chuige sin, tá BIÉ ag plé le húnéirí réadmhaoine lena mbaineann sula ndeonaítear Ordú Iarnróid. Ar leithligh, molann BIÉ freisin seirbhísí Gníomhaireachta Ligin agus Bainistíochta Cónaithe a fhostú ar féidir, táthar ag súil, iad a chur ar fáil chun cabhrú le tionóntaí lena mbaineann tabhairt faoi chuardach maoin chun cabhrú le cóiríocht oiriúnach eile a aithint.

(b) Cosaint ar dhamáiste do réadmhaoín
Scéim Cosanta d’Úinéirí Réadmhaoine (POPS) – is éard a bheidh sa scéim dheonach seo suirbhéanna baile ar réadmhaoín chónaithe ábhartha (laistigh de 30 méadar ó imeall ailíniú an tolláin nó 50 méadar ó struchtúir stáisiúin) chun bail na réadmhaoine a fháil amach roimh, le linn (má mheastar go bhfuil gá leis) agus tar éis an tionscadal beartaithe a chur i gcrích. Cinnfidh na suirbhéanna an bhfuil aon mheath tagtha ar na réadmhaoine a ndearnadh suirbhé orthu, an bhféadfadh sé go mbeadh sé inchurtha i leith an tionscadail bheartaithe, agus molfaidh siad deisiúcháin de réir mar is cuí.

(c) Sláinte & leas an duine
Agus aird á tabhairt ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus ar leas gníomhaíochtaí tógála, cuirfear raon beart maolaithe dusta agus torainn i bhfeidhm ar fud na scéime le linn na gcéimeanna tógála chun na tionchair is lú is féidir a chinntiú ar únéirí

agus áititheoirí réadmhaoine in aice láimhe. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo tairiscintí ar athlonnú sealadach. Cuirfear na bearta seo i bhfeidhm chun cearta réadmhaoine an duine aonair a chaomhnú agus chun a chinntiú go dtabharfar tosaíocht d'aon tionchair fhéideartha ar shláinte an duine.

(d) Inrochtaineacht - Stáisiún agus Bordáil Dearadh an Tionscadal beartaithe ar phrionsabal Rochtain do Chách. Forbraíodh an dearadh chun na ceanglais reachtacha go léir a bhaineann le hinrochtaineacht a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Míchumas 2005 agus ina dhiaidh sin an Plean Earnála um Iompar Inrochtana faoin Acht um Míchumas 2005 (DTTAS 2012). Beidh na gnéithe seo a leanas san áireamh sa Tionscadal atá beartaithe:

- Beidh urlár na traenach ag an leibhéal céanna leis an ardán;
- Beidh bearna an-chúng idir an traein agus an t-ardán;
- Beidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí in ann rochtain a fháil ar gach traein;
- Tá an taobh istigh deartha chun infheictheacht uasta na ráillí grab agus gnéithe eile a chinntiú;
- Cuirtear faisnéis chlosamhairc ar fáil ar bord agus ar ardán;
- Ionchorpraíonn gach ardán rampaí nó ardaitheoirí chun críocha rochtana;
- Tá pointí cabhrach i ngach ardán, a chuimsíonn lúba ionductaithe do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta acu;
- Aibhsítear athruithe ar leibhéal, imill ardán agus pointí trasnaithe ag baint úsáide as pábháil thadhhlach;
- Tá treoracha fuaime agus Braille ar fáil chomh maith le léarscáil thadhhlach den chóras;
- Tá meaisíní díola ticéad feistithe le roghanna tacaíochta fuaime chomh maith le comhéadan codarsnachta ard-úsáideora roghnaithe;
- Cuimsíonn an córas bailíochtaithe cárta cliste táscairí fuaime agus feidhm amhairc.

(e) Áiseanna Spóirt agus Áineasa

Le linn na céime tógála, beidh tionchar suntasach ar roinnt áiseanna spóirt mar pháirceanna imeartha. Trí na measúnuithe a rinneadh agus an EIAR á ullmhú, fuarthas amach go bhféadfadh

cailliúint áiseanna den sórt sin tionchar sláinte agus síceolaíoch a imirt sna limistéir a bhfuil tionchar acu orthu. Agus é ag tabhairt aghaidh ar an tionchar seo, agus ag obair chun é a mhaolú, tá BIÉ tar éis dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara lena mbaineann chun pleananna a chomhaontú chun páirceanna imeartha atá ann cheana a athchumrú go sealadach chun a n-inúsáidteacht leanúnach a chinntiú, agus i gcásanna áirithe, chabhraigh sé le saoráidí malartacha a aimsiú agus tacú lena n-úsáid le linn thréimhse na n-oibreacha tógála.

Chomh maith leis na bearta a rinneadh mar chuid de phróiseas iarratais an Ordaithe Iarnróid, tá forálacha curtha san áireamh ag BIÉ i bpríomhchonarthaí, a éilíonn tacaíocht conraitheora i gcomhlíonadh dhualgas earnála poiblí BIÉ agus tá grúpa oibre tionscadail á bhunú aige faoi láthair chun saincheistean HRE a mheas ag céim soláthair an chonartha.

6. Tionscadal BRUCE

Staidéar meastóireachta roghanna is ea Tionscadal BRUCE ar ról an luchtaithe ar úsáid bóithre chun inmharthanacht an ghréasáin bóithre náisiúnta in Éirinn sa todhchaí agus san fhadtéarma a chinntiú tar éis dul in éag na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha atá bainteach le dolaí ó 2033. Sainithníodh cúig chuspóir chun meastóireacht a dhéanamh ar roghanna féideartha luchtaithe d'úsáideoirí bóthair atá á mbreithniú agus chun cinnteoireacht láidir agus struchtúrtha a chinntiú: Gníomhú ar son na hAeráide, Inbhuanaitheacht Airgeadais, Nascacht agus Fás, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cothromas agus Cuimsiú.

Is é an aidhm atá leis an gcuspóir Cothromas agus Cuimsiú a chinntiú gur féidir le daoine de gach déimeagrafaic agus áit rochtain a fháil ar dheiseanna eacnamaíocha agus sóisialta ar feadh na nglúnta. Is iad na critéir a bhaineann leis an gcuspóir ná (1) tionchair dhiúltacha mhíchuí ar ghrúpaí leochaileacha a sheachaint, (2) tionchair dhiúltacha mhíchuí ar cheantair thuithe agus ar cheantair leochaileacha a sheachaint, agus (3) a áirithiú go leanfadh aon rogha a bhreithneofaí maidir le muirearú úsáideoirí bóthair de nascacht daoine, earraí agus áiteanna a chumasú. Cinntíonn an cuspóir Cothromais agus Ionchuimsithe go bhfuil gach rogha á bhreithniú i dtéarmaí an tionchair a d'fhéadfadh a bheith

aige ar dhaoine aonair a bhfuil riachtanais agus imthosca éagsúla acu. Ar deireadh thiar tacóidh sé sin leis an rogha is fearr a shainaithe agus le haon bhearta gaolmhara a theastaíonn chun tionchair dhiúltacha chothromais a mhaolú.

Chun tacú leis an bpróiseas meastóireachta, forbraíodh agus úsáideadh Samhail Ghníomhairebhunaithe chun measúnú sonrach a dhéanamh ar thionchar na roghanna féideartha ar dhaoine aonair. Forbraíodh deighleoga agus pearsantachtaí bunaithe ar aschuir shoch-dhéimeagrafacha na samhla agus saibhríodh iad trí léargais cháilíochtúla, chun tionchair chothromais a mheas.

Leanfaidh Cothromas agus Cuimsiú de bheith i gcroílár Thionscadal BRUCE de réir mar a théann sé chun cinn, lena n-áirítear ar fud gach comhairliúcháin phoiblí agus gach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara amach anseo, ag cinntiú go bhfuil cothromas i gcroílár an phróisis mheastóireachta leanúnaigh agus cinnteoireachta comhairliúcháin.

Nochtadh Cosanta

Tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe Nochtadh Cosanta inmheánacha agus seachtracha i bhfeidhm ag Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), mar a cheanglaítear leis an Acht.

Níor nocht fostaithe BIÉ aon nochtadh sa tréimhse tuairiscithe go dtí an 31 Nollaig 2022 ('an tréimhse tuairiscithe').

Íocaíochtaí Prasa

Sonraí	Líon Íocaíochtaí	Luach €	% de na hÍocaíochtaí Iomlána
Iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2022	2328	579,573,887	100%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	1,815	451,485,183	78%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de idir 16 agus 30 lá	513	128,088,704	22%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh 30 lá	0	0	0%



Gareth Llewellyn

Cathaoirleach

An 27 Meitheamh 2023

Fuair BIÉ dhá nochtadh, ar caitheadh leo mar Nochtadh Cosanta féideartha faoi Alt 6 den Acht, sa tréimhse tuairiscithe. Thug foireann ábhartha BIÉ faoi imscrúduithe cuí ar na hábhair a bhí i gceist.

Rinneadh nochtadh amháin go hanaithnid agus rinne BIÉ measúnú ar na sonraí a nochtadh agus chinn siad nach raibh faisnéis sa nochtadh a d'fhág go raibh creideamh réasúnach ann go ndearnadh éagóir ábhartha mar a shonraítear in Alt 5 den Acht um Nochtadh Cosanta. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe ar ábhar an nochtadh seo.

Ba oibrí a chuir imní in iúl in 2020 an nochtadh eile agus ba leanúint den nochtadh sin é. Níor dúnadh an t-imscrúdú ar an nochtadh ó 2020. Imscrúdaíodh an fhaisnéis go hiomlán go himmheánach agus ag páirtí seachtrach agus, cé gur mheas BIÉ gur chuir an fhaisnéis roinnt imní bhailí in iúl, níor tháinig an t-imscrúdú ar an gconclúid go raibh éagóir á déanamh ag aon duine aonair nó ag daoine aonair. Rinneadh moltaí chun na saincheisteanna a sainaitheadh a réiteach agus cuireadh na moltaí go léir i bhfeidhm, cé is moite de mholadh amháin a chuirfear i gcrích in 2023. Ní raibh aon chailleanas airgeadais ann do BIÉ a d'eascair as na saincheisteanna is ábhar don nochtadh seo.

Ní dhearnadh aon nochtadh do POF BIÉ mar dhuine forordaithe faoi Alt 7 den Acht sa tréimhse tuairiscithe.

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

Faisnéis	74
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	75
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	77
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	81
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	82
Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus ar Chúlchistí	83
Ráiteas ar Staid Airgeadais	84
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	85
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	86

Faisnéis

Cathaoirleach

Gareth Llewellyn

Na Comhaltaí Boird*

Colette Byrne
Desmond Kenny
Aebhric Mc Gibney
Seamus Neely*
Mary O'Donovan
Joe O'Mahony*
Patricia O'Shea
Damien Ó Tuama
Aidan Skelly
Peter Walsh

Aturnaetha

McCann Fitzgerald
Riverside One
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

A&L Goodbody LLP
Ionad Idirnáisiúnta
Seirbhísí Airgeadais
25-28 Cé an Phoirt
Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Danske Bank
Corparáideach & Institiúidí
An tÁras Idirnáisiúnta
3 Plás Mháistir an Chuain
IFSC, Baile Átha Cliath 1

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Banc Uladh
An Cheannoifig
Duga Sheoirse
Baile Átha Cliath 2

NTMA
Foirgneamh an Chisteáin
Sráid na Canálach Móire
Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe
46 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Seoladh Cláraithe

Ionad Gnó Gheata na Páirce
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8

*Ar scor ón mBord le linn 2022



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bonneagar Iompair Éireann

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 5 den tríú sceideal le hAcht na mBóithre, 1993. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí a gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíocht

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2022 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (CIIanna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ó Bhonneagar Iompair Éireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar shaincheisteanna eile

Tá eolas áirithe curtha i láthair ag Bonneagar Iompair Éireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Ciste An 29 Meitheamh 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas ar rialachas agus i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as an méid seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Airteagal 5 den tríú sceideal le hAcht na mBóithre, 1993
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhniú siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Airteagal 5 den tríú sceideal a ghabhann le hAcht na mBóithre 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-íomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na ISAanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaos nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Aimsím rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu, de dheasca calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus cuirim i gcrích iad; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an riosca mura mbraítear míráiteas ábhartha a tharlaíonn de dheasca calaoise níos airde ná ceann a tharlaíonn de dheasca earráide, mar go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aontoil, mífhaisnéis, nó an rialú inmheánach a shárú bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanamh meastóireacht ar chuibhiúlacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáid ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh lena mbaeann.

Bainim tatal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas Bhonneagar Iompair Éireann an Údarás a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tatal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an tÚdarás deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainathnímid i rith m'iniúchta.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Nach bhfuil na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

Maidir le m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tatal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Ag tuairisciú ar chúrsaí eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainathníim ceisteanna ábhartha lena mbaeann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainathníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhoneagar Iompair Éireann (BIÉ), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidmiú. Áirítear sa chóras rialaithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseacha BIÉ a bhaint amach, agus cistí an phobail agus cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil BIÉ freagrach a chosaint. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus iarscríbhinní a ghabhann leis.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtáifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in BIÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Bhainistiú

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag BIÉ ina bhfuil ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus Cathaoirleach atá i nduine amháin díobh. Chas an ARC ar a chéile ocht n-uaire in 2022.

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ag BIÉ ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus gairmiúla agus cuireann an anailís a rinneadh ar an riosca a bhí roimh BIÉ faisnéis ar fáil don obair seo. D'fhormhuinigh an ARC agus d'fhaomh an Bord an anailís a rinneadh ar riosca agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí. D'fhorbair BIÉ, agus d'fhaomh an Bord, beartas bainistíochta

riosca, ráiteas inghlacthachta riosca, agus plean bainistíochta riosca a ndéantar athbhreithniú bliantúil orthu. Tacaíonn Bainisteoir Riosca Chorporáidigh BIÉ le sainathint, tomhas agus bainistíocht riosca agus cuireann sé/sí cultúr bainistíochta riosca laistigh de BIÉ chun cinn, lena n-áirítear trí oiliúint leanúnach foirne agus tacaíocht a thabhairt do na príomhbhaill foirne ar leibhéal Fiontair, Rannáin, Aonad Gnó agus Tionscadail. Tá cóip den bheartas bainistíochta riosca eisithe chuig an bhfoireann ar fad.

Creat Riosca agus Rialaithe

Cinntíonn Coiste Riosca Fiontair, ina bhfuil comhaltaí d'fhoireann bainistíochta sinsearaí BIÉ go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, riosca a bhainistiú agus a mheasúnú ó pheirspictíocht straitéiseach agus oibríochtúil agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistíochta riosca.

Tá córas bainistíochta riosca ar líne tugtha isteach ar fud na heagraíochta. Tá cláir rioscaí fiontair, rannáin, aonad gnó agus tionscadail i bhfeidhm ina sainathnítear na príomhrioscaí atá roimh BIÉ, an chatagóir riosca, an inghlacthacht riosca agus na rialuithe atá i bhfeidhm.

Déanann an ARC athbhreithniú ar chláir, beartais, inghlacthacht agus pleananna rioscaí. Déanann an ARC athbhreithniú ar an gclár rioscaí fiontraíochta ag gach cruinniú de chuid an ARC. Cuireann a n-obair le rannchuidiú na gComhaltaí Boird ar fáil do lucht bainistíochta an Bhoird agus le maoirseacht riosca, agus úsáidtear é mar bhonn le hathbhreithniú agus faomhadh an chláir riosca fiontair i dteannta leis na beartais, inghlacthacht agus pleananna riosca.

Chuaigh an Bord agus an Bhainistíocht Shinsearach i mbun beart lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- ARC agus Coiste Straitéise a bhunú mar fho-choistí den Bhord,
- rannóg thiomanta soláthair laistigh de BIÉ agus treoirlínte dea-chleachtais soláthair chorporáidigh,

- rannóg thiomanta Rialachais agus Dlí laistigh de BIÉ, lena n-áirítear Bainisteoir Riosca Chorporáidigh tiomanta, Oifigeach Slándála Faisnéise agus Bainisteoir Tuairiscithe Dearbhaithe agus Feidhmíochta,
- Coiste Rialachais ina bhfuil comhaltaí sinsearacha foirne chun tacú le BIÉ lena fhreagrachtaí i ndáil le saincheisteanna rialachais chorporáidigh agus comhlíontachta lena n-áirítear riosca, agus rialú inmheánach go háirithe cuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas BIÉ agus ceanglais dearbhaithe ARC agus an Bhoird a chomhlíonadh,
- Coistí éagsúla a bhunú cosúil le Foghlaim agus Forbairt, Sláinte agus Sábháilteacht, Soláthar Corparáideach, Cosaint Sonraí, Réadmhaoin, Leanúnachas Gnó agus Cibearshlandáil a sholáthraíonn dearbhuithe bliantúla don ARC,
- Féilire Rialachais ina sonraítear go sainráite conas a thagann an clár oibre feidhmiúcháin shinsearaigh le príomhoibleagáidí rialachais agus ceanglais tuairiscithe don Bhoird agus do Choistí an Bhoird,
- an Cód Caiteachais Phoiblí a ghlacadh agus a chur chun feidhme i ndáil le caiteachas poiblí de réir threoirínte na Roinne Iompair (an RI) agus BIÉ do thionscadail chaipitil, cláir chaipitil agus oibríochtúla agus tionscadail PPP,
- socruithe rialachais tionscadail a bhunú do thionscadail agus oibríochtaí casta/ardriosca/ardluacha lena n-áirítear MetroLink, Dolaí, Luas, PPPanna agus tionscadail bhóithre náisiúnta,
- Cód Iompair Gnó a iarrann ar Chomhaltaí Bhoird, an bhainistíocht agus an fhoireann chun na caighdeáin eiteicúla is airde a choimeád,
- comhlíonadh na gceanglas a chinntiú a bhaineann le Dearbhú Leasanna faoi mar a shonraítear san Acht um Eitic in Oifig Poiblí agus san in Alt 40 d'Acht na mBóithre, 1993,
- beartais agus nósanna imeachta chun feidhmíocht foirne a bhainistiú, le haghaidh oiliúint ghairmiúil agus theicniúil agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- athbhreithnithe córasacha ag Iniúchóireacht Inmheánach ar rialuithe inmheánacha,
- athbhreithnithe rialaithe coimisiúnaithe go seachtrach ar phríomhghnólaigh agus ar phróisis ghnó,
- nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- cláir oiliúna agus feasachta ar leith atá in ainm is rioscaí a sainathnódh a mhaolú a bhaineann le bagairtí reatha agus atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna suntasacha comhlíonta,
- srian a chur ar airgead a íoc amach a údarú le sínitheoirí údaraithe,
- freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta a shannadh,
- córas cuimsitheach buiséadta ag a bhfuil plean agus buiséad bliantúil atá faoi réir fhaomhadh an Bhoird,
- córais agus próisis bunaithe i ndáil le buiséid bhliantúla/ilbhliantúla, leithdháiltí agus gealltanais todhchaí,
- tá córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córas rialaithe airgeadais i bhfeidhm le maoirseacht na n-acmhainní airgeadais agus cosaint sócmhainní a chinntiú,
- nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais a sholáthar d'údarais áitiúla lena chinntiú gur úsáideadh an cistiú chun feidhme don chuspóir a beartaíodh agus i gcomhréir le treoirínte a eisíodh, agus
- nósanna imeachta chun teipeanna suntasacha rialaithe a dheimhniú agus a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh agus feabhas a chur ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Trína gclár iniúchtaí, déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí measúnacht agus monatóireacht neamhspleách ar éifeachtúlacht na bpríomhrialuithe inmheánacha san eagraíocht. Sa chás go sainathnítear easnaimh, comhaontaítear leis na moltaí d'fheabhsúcháin leo siúd atá freagrach. Tuairiscíonn lucht iniúchóireachta inmheánaigh go rialta don CIR agus don Fheidhmeannacht maidir le torthaí na n-iniúchtaí agus an stádas maidir leis na moltaí a chur i bhfeidhm.

Déanann an Bord agus an CIR athbhreithniú ar a n-éifeachtacht féin ar bhonn bliantúil de réir na treorach atá sonraithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis. Chomh maith leis sin, éilítear faoin gCód go ndéanann BIÉ measúnacht seachtrach ar Éifeachtúlacht an Bhoird gach trí bliana. Rinneadh athbhreithniú seachtrach in 2022 agus tuairiscíodh é don Bhord i mí Feabhra 2023.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat tuairiscithe rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, leithdheighilt dualgas, teorainneacha údaráis agus córas tarmhligin agus cuntasachta ina measc.

Áirítear leis, ach go háirithe:

- sainaithníodh agus doiciméadaíodh príomhríoscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon laigí a thugtar le fios,
- monatóireacht leanúnach á déanamh ag an mBord agus ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar chaiteachas iarbhír/thoradh réamh mheasta i gcomparáid leis an bplean agus buiséad bliantúil faofa,
- coistí éagsúla a bhunú ar fud na heagraíochta, atá ag feidhmiú faoi réir théarmaí tagartha atá faofa ag an POF agus tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil do ARC,
- tuairisciú rialta chuig an RI maidir le buiséid bhliantúla/ilbhliantúla, leithdháiltí agus próisis a bhaineann le gealltanais todhcháí; agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil tuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad agus caighdeáin ábhartha eile.

Obair Chumaisc, Cibearshlándáil agus COVID-19

Ag leanúint ó phaindéim COVID-19, in 2022 d'fhill an fhoireann go léir ar an oifig de réir "Prótacal um Obair Shábháilte" an Rialtais. Bhí an filleadh ar bhonn cumaisc agus tar éis "Creat Beartais Oibre Cumaisc d'Eagraíocht na Státseirbhíse" de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sheoladh, thug BIÉ a Bheartas Oibre Cumaisc isteach i mí Mheán Fómhair 2022.

Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe ar phríomhphróisis airgeadais agus eile agus d'fhan siad mar an gcéanna go mór agus a bhí siad roimh an bpaindéim ag le linn a bheith ag obair go cianda go hiomlán. Tá measúnú déanta ar rioscaí a bhaineann leis an aistriú chuig oibriú cumaisc, amhail cosaint sonraí agus slándáil faisnéise agus tá siad á mbainistiú de réir Bheartas Bainistíochta Riosca BIÉ.

Leanadh le rialuithe slándála bogearraí a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun rioscaí TF agus slándála ó chianobair agus cibearchalaois a mhaolú. Leanamar orainn ag eisiúint nuashonruithe, treorach agus oiliúna feasachta bunaithe ar an cibear-thírdhreach atá ag athrú. Rinneadh feachtais fioscaireachta insamhalta rialta go himmheánach chun leanúint le feasacht a mhéadú sa spás seo atá ag athrú i gcónaí. Rinneadh athbhreithniú tagarmhairc ar chomhlíonadh BIÉ le Caighdeán Bunlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí agus le creat Cibearshlándála na hInstitiúide Náisiúnta Caighdeán agus Teicneolaíochta ("NIS") agus rinneadh measúnú ar ghníomhartha iomchuí agus tá siad á gcur i bhfeidhm.

Rinneadh athbhreithniú agus tástáil ar phleananna Freagartha do Theagmhais ar chalaois nó ar chibearionsaí, ionsamhlúcháin bhogearraí éirice san áireamh.

Lean folláine agus sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne de bheith ina réimse fócais le clár folláine i bhfeidhm agus spreagtar comhaltaí foirne chun freastal ar chainteanna agus imeachtaí i rith na bliana. Ina theannta sin, bhí teagmháil leanúnach leis an bhfoireann i rith na bliana maidir le ceanglais faoin gCód Cleachtais.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, tháinig laghduithe suntasacha ar ioncam laistigh dár n-oibríochtaí tráchtála, rud a d'fhág go raibh easnaimh oibríocháin ann a maoiníodh le deontas PSO ón ÚNI. In 2022, lean ár n-ioncam dolaí ag téarnamh agus ag dul thar leibhéil 2019 anois. Faoi Shamhain 2022, bhí pátrúnacht Luas ar ais go leibhéil réamh-phaindéime, áfach, tháinig laghdú 20% ar tháillí i mBealtaine 2022 agus mar thoradh ar thionchair bhoilscithe bhí gá le tacaíocht leanúnach PSO in 2022.

Timpeallacht Eacnamaíoch

Chuaigh an cogadh san Úcráin agus rátaí arda boilscithe i bhfeidhm ar ghnó BIÉ in 2022

freisin i dtéarmaí rochtana ar shlabhra soláthair agus costais ag ardú. Tá taithí againn ar mhórchonraitheoir ag dul i mbun glacadóireachta agus ag laghdú líon na dtairgeoirí ar chonarthaí áirithe. Thug an Rialtas bearta nua isteach i mBealtaine 2022 chun aghaidh a thabhairt ar chostais bhoilscithe i dtógáil, lena n-áirítear comhroinnt riosca costas idir cliaint agus conraitheoirí. Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an OGP sonraí maidir leis an gCreatchomhaontú um Chomhoibriú le Boilsciú/Moill ar Shlabhra an tSoláthair. Déanann na bearta seo foráil do chomhroinnt riosca do chostais bhoilscithe agus táthar ag súil go gcabhróidh siad go hábhartha le BIÉ chun a Chlár Caipitil a bhainistiú.

Rinne Bord BIÉ, le tacaíocht óna choistí agus ón mbainistíocht, measúnú leanúnach ar na cásanna airgeadais agus oibriúcháin a tháinig chun cinn le linn 2022 agus bhainistigh siad na rioscaí gaolmhara trí na struchtúir riosca atá ann cheana, ag cinntiú go raibh timpeallacht rialaithe éifeachtach ag BIÉ.

Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Riarann BIÉ íocaíocht éilimh Údaráis Áitiúil le haghaidh bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla don RI tríd an gCóras Tuairiscithe Tionscadal (PRS). Cuimsítear sa PRS:

- Leithdháiltí agus próifílí íostarraingthe atá á socrú agus á leasú ag an RI i rith na bliana.
- Sonraí leithdháilte bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla atá curtha ar fáil ag an RI agus a iompórtáiltear sin isteach sa PRS. Seoltar tuarascálacha maidir le méideanna buiséid chuig an RI lena bhfíorú.
- Tugann foireann an RI faoi éilimh Údaráis Áitiúil a fhaomhadh do thionscadail bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.
- Seoltar tuarascálacha caiteachais Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla (lena n-áirítear tuarascálacha mionsonraithe de réir uimhir an éilimh) agus tuarascálacha airgeadais chuig an RI gach mí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIÉ chun comhlíonadh rialacha agus treoirínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chloígh BIÉ leis na nósanna imeachta sin tríd is tríd le linn 2022. I gcásanna inar sainaithníodh ceanglas

maidir le feabhsuithe ar dhearadh nó ar chur chun feidhme na nósanna imeachta seo, comhaontaíodh le freagairt chuí idir na páirtithe freagracha agus chuir an fhoireann bainistíochta an fhreagairt sin chun feidhme faoi mhaoirseacht an ARC.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Cuirtear eolas ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann BIÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh tríd an athbhreithniú agus an breithniú a dhéantar ar an gclár Iniúcháireachta Inmheánaí agus breithniú a dhéanamh ar a thuarascálacha agus torthaí; athbhreithniú ar thuarascálacha rialta ó Iniúcháireacht Inmheánach ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaí agus stádas na saincheistanna a tugadh chun solais roimhe seo óna dtuairiscí féin; an ARC, a dhéanann maoirseacht ar obair Iniúcháireachta Inmheánaí; an Fhoireann Feidhmiúcháin laistigh de BIÉ, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh; agus nótaí tráchta a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile gaolmhara ar aon saincheistanna ábhartha a bhaineann le rialú inmheánach.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022 an 28 Feabhra 2023.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Rinne Iniúcháireacht Inmheánach obair ar 15 iniúchadh in 2022, agus cuireadh ocht thuarascáil faoi bhráid an ARC in 2022 agus cuireadh 7 dtuarascáil faoina bhráid in Eanáir 2023. Thug an feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí faoi sheacht gcinn de na tuarascálacha seo go díreach agus choimisiúnaigh páirtithe seachtracha ocht gcinn. D'éascair moltaí as na tuarascálacha seo a cuireadh i bhfeidhm nó a bhfuiltear á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2022 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



Gareth Llewellyn

Cathaoirleach

An 27 Meitheamh 2023

An Ráiteas Ioncaim agus Caitheachais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	Riarachán 2022 €'000	Iarnród Éadrom & Meitreo 2022 €'000	Gréasán Bóithre 2022 €'000	Iomlán 2022 €'000	Iomlán 2021 €'000
Deontais Stáit	2	32,803	68,941	1,374,712	1,476,456	1,545,205
Aisíocaíochtaí Deontais	3	0	0	7,860	7,860	933
Ioncam ó Dholáí	4	0	0	203,839	203,839	157,756
Ioncam eile	5	5,486	2,492	9,615	17,593	9,809
Ioncam Iomlán		38,289	71,433	1,596,026	1,705,748	1,713,703
Caiteachas	6	(36,836)	(113,326)	(1,445,325)	(1,595,487)	(1,607,252)
Barrachas / (easnamh) oibriúcháin		1,453	(41,893)	150,701	110,261	106,451
Aistriú ó /(chuig) Caipiteal	12	443	42,572	(89,142)	(46,127)	(49,566)
Muirir Airgeadais	11	(1,422)	0	(25,932)	(27,354)	(27,493)
Ús Infhaighte		31	89	236	356	58
Barrachas coimeáda don bhliain		505	768	35,863	37,136	29,450

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ar an dáta tuairiscithe. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26 Thar ceann Bhord Bhoneagar Iompair Éireann:



Gareth Llewellyn
Cathaoirleach
An 27 Meitheamh 2023



Peter Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An 27 Meitheamh 2023

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Barrachas Coimeádta don Bhliain		37,136	29,450
Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe:			
Taithí (Caillteanas) ar Oibleagáidí Scoir le Sochar Sainithe		(6,904)	(3,377)
Athruithe ar Thoimhdí faoi Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir le Sochar Sainithe		38,868	(2,218)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán do Scéimeanna Neamhchistithe	20c	31,964	(5,595)
Scéim Chistithe le Sochar Sainithe:			
Gnóthachain/(caillteanais) ó Thaithí ar Oibleagáidí Scoir le Sochar Sainithe		(2,297)	333
Athruithe ar Thoimhdí faoi Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir le Sochar Sainithe		897	(114)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán le haghaidh Scéimeanna Cistithe	20c	(1,400)	219
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán	20c	30,564	(5,376)
Laghódú/(Méadú) ar Bharrachas Do-Aisghabhála ar an Scéim Scoir le Sochar Sainithe	20c	1,391	(227)
		31,955	(5,603)
Coigeartú ar Oibleagáidí Scoir le Sochar Sainithe	20e	(31,964)	5,595
Glanghluaiseacht sa Bhliain		(9)	(8)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain		37,127	29,442

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26 Thar ceann Bhord Bhoneagar Iompair Éireann:



Gareth Llewellyn
Cathaoirleach
An 27 Meitheamh 2023



Peter Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An 27 Meitheamh 2023

An Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus ar Chúlchistí don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Riarachán €'000	Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Iarnród Éadrom & Meitreo €'000	Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Bóthar €'000	An Cuntas Caipitil €'000	Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha €'000	Iomlán €'000
Amhail an 31 Nollaig 2020	6	54,106	480,710	2,262,325	88,897	2,886,044
Barrachas/(easnamh) coimeádta don bhliain	(923)	(483)	30,856	0	0	29,450
Gluaiseacht i dTobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha [Nóta 21]	0	0	0	0	7,241	7,241
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó íocaíochtaí caipitil a chistiú	0	0	0	132,756	0	132,756
Amúchadh ar aon dul le muirear dímhheasa/airgeadais	0	0	0	(83,190)	0	(83,190)
Diúscairtí agus lagú sócmhainní	0	0	0	0	0	0
Caillteanais aitheanta eile	(8)	0	0	0	0	(8)
Amhail an 31 Nollaig 2021	(925)	53,623	511,566	2,311,891	96,138	2,972,293
Barrachas coimeádta don bhliain	505	768	35,863	0	0	37,136
Gluaiseacht i dTobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha [Nóta 21]	0	0	0	0	9,358	9,358
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó íocaíochtaí caipitil a chistiú	0	0	0	132,160	0	132,160
Amúchadh ar aon dul le muirear dímhheasa/airgeadais	0	0	0	(86,033)	0	(86,033)
Diúscairtí agus lagú sócmhainní	0	0	0	0	0	0
Caillteanais aitheanta eile	(9)	0	0	0	0	(9)
Amhail an 31 Nollaig 2022	(429)	54,391	547,429	2,358,018	105,496	3,064,905

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26 Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:



Gareth Llewellyn
Cathaoirleach
An 27 Meitheamh 2023



Peter Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An 27 Meitheamh 2023

Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	13	3,634,576	3,607,970
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	14	27,529	114,455
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		178,879	47,658
		206,408	162,113
Creidiúnaithe (Suimeanna atá Dlíte laistigh de Bhliain Amháin)			
Suimeanna Iníoctha	15	(100,862)	(100,855)
Glanshócmhainní Reatha		105,546	61,258
Creidiúnaithe (Suimeanna Dlíte tar éis Bliana)			
Suimeanna Iníoctha	16	(512,744)	(528,740)
Forálacha le haghaidh Dlíteanas agus Muirear	19	(162,473)	(168,261)
Sochair Scoir			
Oibleagáidí Scoir le Sochair Sainithe	20d	(101,520)	(128,138)
Cistiú Scoir Iarchurtha le Sochar Sainithe	20d	101,520	128,138
Barrachas Pinsin le Sochar Sainithe	20f	0	66
Glanshócmhainní Iomlána		3,064,905	2,972,293
Arna mhaoiniú ag			
Cúlchistí			
An Cuntas Caipitil	12	2,358,018	2,311,891
Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha	21	105,496	96,138
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta (de réir an Ráitis ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí)		601,391	564,264
		3,064,905	2,972,293

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26. Thar ceann Bhord Bhoneagar Iompair Éireann:



Gareth Llewellyn
Cathaoirleach
An 27 Meitheamh 2023



Peter Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An 27 Meitheamh 2023

Ráiteas ar Shreafaí Airgid don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	2022 ‘€000	2021 ‘€000
Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) Coimeádta don Bhliain	37,136	29,450
Dímheas, lagú agus diúscairt Sócmhainní Seasta	67,537	64,143
Amúchadh tobhach agus creidmheasanna iarchurtha	(1,512)	(1,512)
Aistriú chuig Caipiteal	46,127	49,566
Ús bainc	(356)	0
Muirear pinsin	0	158
Méadú ar Infháltais	14,746	26,295
Méadú ar Fhorálacha	(5,788)	3,653
(Laghú) / Méadú ar Airgead Iníoctha	1,163	(19,807)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin	159,053	151,946
Sreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh a fháil	(109,984)	(115,725)
Ceannach Nótaí Ráthaithe	73,000	(73,000)
Tobhaigh agus Ranniocaíochtaí Forbartha	8,796	11,032
Ús bainc faighte	356	58
Glan-Eisreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta	(27,832)	(177,635)
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	131,221	(25,689)
Airgead tirim agus a choibhéisí amhail 1 Eanáir	47,658	73,347
Airgead tirim agus a choibhéisí amhail an 31 Nollaig	178,879	47,658

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 26 Thar ceann Bhord Bhoneagar Iompair Éireann:



Gareth Llewellyn
Cathaoirleach
An 27 Meitheamh 2023



Peter Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An 27 Meitheamh 2023

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas ginearálta

Tá ceannoifig BIÉ suite ag Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheatha na Páirce, Baile Átha Cliath 8.

Is é príomhchuspóir BIÉ chun gréasán sábháilte agus éifeachtúil bóithre náisiúnta, iarnróid éadroim agus bonneagar Meitreo a sholáthar.

Aonán leasa pobail is ea BIÉ.

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in Euro agus is é an Euro airgeadais feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Slánaítear na suimeanna go léir sna ráitis airgeadais go dtí an €1,000 is gaire.

b) Ráiteas Comhlíonta FRS 102

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhlíonadh na reachtaíochta infheidhme, agus FRS 102. Is é FRS 102 an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Iompair le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Achtanna na mBóithre, 1993 go 2015.

d) Airgeadra lasachta

I gcomhréir le beartas cisteáin BIÉ, ainmnítear na conarthaí go léir in Euro. Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha chuig airgeadra feidhmiúil BIÉ ar an ráta malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Athaistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ar an ráta malairte eachtraigh a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta sin. Aithnítear difríochtaí malairte eachtraigh a thagann chun solais ar aistriú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

e) Ioncam

Deontais Stáit Déanann BIÉ na deontais stáit go léir a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fáltais airgid thirim. Aistrítear deontais a mhaoiníonn caiteachas caipitlithe ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an cuntas caipitil. Déantar na deontais seo a amúchadh ina dhiaidh sin leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas de réir mar a thagann laghdú ar luach na sócmhainní cistithe.

Faigheann BIÉ deontais ón Roinn Iompair (an RI) agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) faoina gcláir chistithe caipitil agus ioncaim, faoi seach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

e) Ioncam (ar lean)

Tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha

Faigheann BIÉ tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí forbróra agus (faoi réir fhorálacha na gcomhaontuithe ábhartha), úsáideann sé an t-ioncam le caiteachas caipitiúil a chistiú nó airgead an státhiste a réamhíocadh le tionscadail ar leith bhonneagair Luas a chistiú a aisíoc. Coinníonn BIÉ an t-ioncam i gcúlchiste tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha agus amúchtar é leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas de réir mar a thagann laghdú ar luach na sócmhainní cistithe. Bailíonn Údaráis Áitiúla tobhaigh forbartha faoi na forálacha ábhartha reachtaíochta. Tagann ranníocaíochtaí forbróra aníos trí chomhaontuithe déthaobhacha a thabhairt chun críche le daoine aonair príobháideacha, cuideachtaí nó comhpháirtíochtaí.

Aisíocaíochtaí deontas a íocadh le hÚdaráis Áitiúla

Léirítear in aisíocaíochtaí deontais na suimeanna iarbhír a fuair údaráis áitiúla sa bhliain.

Ioncam ó Dholaí Aithníonn BIÉ ioncam ó dholaí atá le híoc ó oibreoirí ar bhonn fabhruithe. Léirítear san ioncam ó dholaí muirir a thobhaigh oibreoirí dolaí i ndiaidh roinnt muirear agus íocaíochtaí idir inoibritheachta a asbhaint.

Áirítear leis an ioncam ó dholaí chomh maith suimeanna a fuarthas i dtaca le socruithe roinnte ioncaim faoi scéimeanna PPP.

Bonneagar Luas a Sholáthar Ceadúnaíonn BIÉ bonneagar Luas d'oibreoir, lena bhfuil conradh ag BIÉ chun córas Luas a oibriú agus a chothabháil ar phraghas seasta sa bhliain – “an Bunmhéid Bliantúil”. Nuair a sháraíonn ioncaim a bhailigh an t-oibreoir an Bunmhéid Bliantúil, tagann barrachas aníos do BIÉ agus nuair is ionann ioncaim a bhailigh an t-oibreoir agus suim níos lú ná an Bunmhéid Bliantúil, tagann easnamh aníos do

BIÉ. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhruithe.

Ioncam a gineadh ó shócmhainní gaolmhara Luas

Gineann BIÉ ioncam ó shócmhainní gaolmhara Luas. Tagann an t-ioncam seo aníos ó áiseanna Páirceála agus Taistil, ioncam fógraíochta a gineadh ó fhógraí ar thramanna, fógraíocht ar bord agus fógraíocht ag stadanna Luas. Aithnítear ioncam a ghintear ó bhothanna a ligean ar cíos feadh na línte ar bhonn fabhruithe.

Ioncam eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, innealra agus trealamh sonraithe ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú.

Caipitliú

Tionscadail iarnróid éadroim & Meitreo

Déanann BIÉ an caiteachas ar bhonneagar iompair poiblí nua [Iarnród Éadrom agus Meitreo] a chaipitliú i ndiaidh cheadú an Rialtais a fháil.

Ar mhaithe leis na beartais seo, sainíodh faomhadh an Rialtais do thionscadail iarnróid éadroim nó mheitreo trí thagairt a dhéanamh don dáta a bhfuarthas Ordú Iarnróid Infhorghníomhaithe agus ceadú réamhthairisceana don chás gnó gaolmhar, seachas nuair a baineadh comhaontú amach ón Rialtas chun caiteachas caipitiúil a chistiú sula bhfaightear Ordú Iarnróid.

Déantar caiteachas ar staidéir indéantachta agus réamhdhearadh do thionscadail chaipitil fhéideartha ach neamhfhaofa a ghearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an chaiteachais. Déantar an caiteachas go léir ar shócmhainní caipitil a fháil, nó caiteachas a chuireann go mór le luach, acmhainn úsáide, nó

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

saolré gheilleagrach úsáide sócmhainní reatha, a chaipitliú mar shócmhainn sheasta. Déantar sócmhainní seasta a fhaightear ó thríú páirtithe i gcomhréir le comhaontuithe tráchtála a bhaineann le tionscadail iarróid éadroim agus mheitreo a sholáthar, a luacháil go cuí agus cuirtear san áireamh iad i sócmhainní seasta BIÉ.

Taifeadtar na sócmhainní seo ar a luach margaidh. Aithnítear creidiúnaí comhfhreagrach mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear an t-ioncam iarchurtha seo leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar aon dul leis an ráta ar a ndímheastar an tsócmhainn.

Nuair a bhaineann caiteachas le sócmhainn a fháil nó a chruthú nach bhfuil oibríochtúil nó i mbun seirbhíse ag dáta an chláir chomhardaithe, cuirtear an caiteachas sin i láthair mar “Sócmhainní á dTógáil” agus ní dhéantar é a dhímheas. Déantar measúnú ar Shócmhainní atá á dTógáil i dtaobh lagú gach bliain.

Ní dhéantar caiteachas a bhaineann le breithniú ar shócmhainní maoinne a fháil a chaipitliú mar shócmhainn sheasta ach nuair a tugadh an t-idirbheart maoinne chun críche go hiomlán.

Tá caiteachas a bhaineann le breithniú a taibhíodh maidir le sócmhainní maoinne sular tugadh an t-idirbheart chun críche curtha san áireamh i réamhíocaíochtaí.

An Gréasán Bóithre

Déantar sócmhainní bóthair a fuarthas faoi na socrúithe lamháltais seirbhís PPP agus a chur i gcuntas chun an tsamhail dliteanas léas maoinithe a úsáid sa bhliain ina sínítear an comhaontú lamháltais. Rinneadh na sócmhainní a chuimsítear i gcomhaontú ceannaigh amach an M50 a luacháil, chomh maith, trí leas a bhaint as an tsamhail dliteanas léasa agus caipitliú gach costas a tabhaíodh sa chomhaontú seo.

Nuair atá conradh PPP sínithe, aithnítear luach na sócmhainne bonneagair agus dhliteanas lamháltais na seirbhíse mar ghlanluach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo.

Úsáidtear na híocaíochtaí tógála arna leagan amach sa chonradh mar thomhas ar íocaíochtaí íosta léasa amach anseo. Nuair a bhí na híocaíochtaí léas íosta á lascainiú, roghnaigh BIÉ ráta lascaine 4% i ndiaidh dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) ar an mbunús go léirítear ann ráta cuí do shócmhainní fadtéarmacha bonneagair.

Tá conradh i bhfeidhm ag BIÉ chun Tollán Bhaile Átha Cliath, Tollán Jack Lynch agus an t-ionad rialaithe oibríochtaí mótarbhealaigh a oibriú. Cé go bhfaigheann BIÉ ioncam ó dholaí ó thollán Bhaile Átha Cliath, tá úinéireacht ar an tsócmhainn seo ag an Údarás Áitiúil (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath). Dá réir, níor cuireadh an conradh seo i gcuntas mar shocrú lamháltas seirbhíse. Gearrtar na costais ábhartha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtagann siad aníos.

Déantar sócmhainní bóithre nua a fhaightear faoi mhodhanna traidisiúnta soláthair a chaipitliú ón dáta ar a bhfaightear faomhadh don phríomhconradh tógála i gcomhréir le ceanglais an chóid chaiteachais phoiblí.

Taifeadtar caiteachas sócmhainní bóithre a bhaineann le gach sócmhainn eile ar chostas stairiúil.

Tairseach Chaiteachais

Déanfar caiteachas ar shócmhainní caipitiúla sa bhreis ar €1,000 a chaipitliú agus a dhímheas thar shaolré na sócmhainne gaolmhaire.



Droichead Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

Dímheas

Ní dhéantar sócmhainní bóithre, ionaid seirbhíse mótarbhealaigh ina measc, a dhímheas sa chás go mbíonn siad faoi réir comhaontú lamháltais seirbhíse a chinntíonn saolré fhónta agus acmhainn oibriúcháin ag deireadh théarma an lamháltais arbh ionann í agus téarma na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í i dtosach. Dímheastar sócmhainní bonneagair Luas ón mí a iontrálann siad seirbhís ioncaim agus déantar amúchadh ar aon deontais a fuarthas maidir lena gceannach ar an mbonn céanna. Dímheastar sócmhainní seasta eile, sa chás go ndímheastar iar ar feadh bliain iomlán i mbliain na héadála, faoi réir dímheasa. Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i

ndiaidh costais mheasta diúscartha a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil i leith lagú luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain. Athbhreithnítear modhanna dímheasa, saolréanna úsáide agus luachanna iarmharacha má thugtar le fios gur tháinig athrú mór ón dáta deireanach tuairiscithe ar an bpatrún a mbíonn súil ag BIÉ leis chun tairbhí geilleagracha sócmhainne amach anseo a ídiú.

Luaitear dímheas i leith gach maoine, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ar rátaí a mheastar chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas measta iarmharach atá ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, mar seo a leanas:

	Bliana
Droichid, íosbhealaí, oibreacha sibhialta & oibreacha cumasaithe	50
Foirgnimh	30
Rian	10-50
Córais rialaithe & chumarsáide	10-25
Cumhacht	20-25
Bailiú Táillí	5-15
Páirceáil & Taisteal	30
Rothstoc agus trealamh Luas	15-24
Troscán & feistis, ardaitheoirí agus páirteanna breise	10-25
Daingneáin agus trealamh oifige	4-10
Feabhsú ar áitribh ar léas	10*
Mótarfheithiclí	5
Comharthaíocht	20
Trealamh sábháilteachta & ilghnéitheach	10
Trealamh leictreonach	10
Trealamh cothabhála geimhridh	10
Duchtú	20
Iostaí cothabhála	30
Sócmhainní eFlow an M50	20**

*Dímheastar sócmhainní ar léas i gcaitheamh an téarma léasa níos giorra agus a saoil úsáide.

**Dímheastar sócmhainní eFlow an M50 i gcaitheamh 20 bliain nó shaol an chonartha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

g) Léasanna

Aicmítear léasanna ina nglacann BIÉ go substainteach leis na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne ar léas mar léasanna airgeadais. Rangaítear léasanna eile mar léasanna oibriúcháin. Luaitear sócmhainní ar léas trí léas maoinithe ar mhéid a aithint i dtosach báire atá comhionann leis an luach níos ísle dá luach cóir agus luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa ar thionscnamh an léasa, aon chostais incriminteacha ina measc atá inchurtha go díreach i leith idirbheartaíocht agus socrú a dhéanamh ar an léas.

Ar aithint i dtosach, aithnítear dliteanas do léas airgeadais atá comhionann le luach cóir na sócmhainne ar léas nó, más ísle é, luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa. Ríomhtar luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa agus úsáid á baint as an ráta úis atá intuigthe sa léas. Déantar na híocaíochtaí íosta léasa a chionroinnt idir an muirear maoinithe agus laghdú an dliteanais atá fós gan íoc trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain. Leithdháiltear an muirear maoinithe do gach tréimhse i rith théarma an léasa d'fhonn ráta seasmhach tréimhsiúil úis a sholáthar ar an iarmhéid atá fágtha ar an dliteanas.

h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrath é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh BIÉ in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim i gcaitheamh

shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaol an léasa.

j) Ús infhaighte agus ús iníochta agus muirir chomhchosúla

Áirítear le hús iníochta agus muirir chomhchosúla ús atá iníochta, muirir mhaoinithe ar léasanna maoinithe a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Áirítear le muirir airgeadais muirir a léiríonn “leachtú” nó “iompú” na lascaine ar sholáthairtí. Aithnítear ioncam ó ús agus ús iníochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a fhabhraítear iad.

k) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na nEarraí Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin BIÉ agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh mheasta creidmheasa. Sa chás go bhfuil barrachas i gceist le scéim, tá uasmhéid an bharrachais is féidir a aithint ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais teoranta do luach saoire ranníocaíochta fostóra go suthain, arna thomhas ag baint úsáide as bonn FRS 102. Aithnítear aon suim dho-aisghabhála sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

k) Sochair Fostaithe (ar lean)

Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón RI don Scéim Neamhchistithe le Sochar Sainithe amháin. Oibríonn BIÉ na scéimeanna pinsin seo a leanas:

Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Sainithe [Dúnta do chomhaltaí nua]

Oibríonn BIÉ scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Cistítear sochair phinsin i gcaitheamh thréimhse sheirbhíse na bhfostaithe trí ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra le scéim le ranníocaíocht shainithe. Gearrtar ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas loncain agus Caiteachais de réir mar a bhíonn siad iníoctha.

Scéim Pinsin Chistithe le Sochar Sainithe [Dúnta do chomhaltaí nua]

Oibríonn BIÉ scéim pinsin le sochar sainithe a chistíonn BIÉ agus ag ranníocaíochtaí ó chomhaltaí.

Scéim Pinsin Neamhchistithe le Sochar Sainithe [Dúnta do chomhaltaí nua]

Oibríonn BIÉ scéim pinsin le sochar sainithe a chistítear ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthraíonn an RI. Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choimeádann BIÉ. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go mbíonn súil leis go ndéanfaidh deontais a fháil é a sheach-chur go hiomlán.

Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”)

Glacann BIÉ páirt sa Scéim Aonair [an Earnáil Phoiblí], ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís poiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe (RCPA). Cuireadh na costais, dliteanais agus sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo san áireamh sa nochtadh maidir leis an scéim pinsin neamhchistithe le sochar sainithe.

l) Cúlchiste

Aistrítear Barrachais/(Easnaimh) a ghintear ó ghnó bhonneagar Luas chuig an gCúlchiste loncain Iarnróid Éadroim agus Mheitreo. Tá an cúlchiste seo imfhálaithe trí chomhaontú leis an ÚNI chun caiteachas caipitil agus athchóiriú amach anseo ar bhonneagar Luas agus [nó] easnaimh oibriúcháin Luas amach anseo a mhaoiniú.

m) Forálacha do Dhliteanais agus Muirir

D'iontráil BIÉ lamháltais seirbhíse bóithre, agus déanann forálacha conartha soláthar d'íocaíochtaí [íocaíochtaí athraitheacha oibríochtúla] leis an oibreoir nuair nach mbaineann méideanna tráchta na leibhéil shonraithe amach. Tuairiscíonn agus déanann BIÉ foráil ina Ráitis Airgeadais do na dliteanais uile amach anseo a bhaineann leis na híocaíochtaí seo. Bítear ag brath go mór ar mheastacháin ar shruthanna tráchta amach anseo nuair a mheastar dliteanais amach anseo i leith íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha. Déantar foráil le haghaidh na ndliteanas seo i Nóta 19 de na ráitis airgeadais. Aithníodh luach iomlán tuartha íocaíochtaí athraitheacha oibríochtúla mar mhuirear chuig Cúlchistí maidir sa Ráiteas ar Staid Airgeadais BIÉ mar aon le dliteanas le haghaidh oibleagáidí amach anseo todhchaí faoi na lamháltais seirbhíse seo. Tá na luachálacha agus luachálacha an dliteanais ghaolmhair bunaithe ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí athraitheacha oibríochtúla a thuarar a dhéanfaidh BIÉ go díreach.

Roghnaíodh ráta cuí lascaine chun dliteanais amach anseo a lascainiú a eascraíonn as na comhaontuithe lamháltais seirbhíse bóithre seo, agus socraíodh an ráta sin i ndiaidh dul i gcomhairle leis an NDFA. Tugtar faoi íocaíochtaí athraitheacha oibríochtúla a thuar agus déantar luacháil ar an dliteanas gach

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

m) Forálacha do Dhliteanais agus Muirir (ar lean)

bliain agus déantar aon ghluaiseachtaí sa soláthar gaolmhar a mhuirearú/a chur do shochar sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

B'fhéidir go ndéanfaí deontais Stáit a réamhíocadh chun tionscadail Luas a chur i bhfeidhm, dá nglactar scéimeanna tobhach forbartha dóibh, a shainiú amhail bheith in-aisíochta ina dhiaidh sin leis an RI i gcomhréir le téarmaí Treorach ón Aire a bhaineann go sonrach le tionscadal. Nuair is ann do na hoibleagáidí siúd, déantar meastacháin ar na méideanna in-aisíochta d'aon deontais bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus téarmaí na Treorach ón Aire. Déantar méid an ioncaim dheontais a fuarthas agus a mheastar atá in-aisíochta a choimeád mar dhliteanas fadtéarmach. Ar an tsuim mheasta a bhaint amach, caithfidh an bhainistíocht breithniú a dhéanamh ar roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí, riosca forbartha, scor réamhaibí scéim tobhaigh, riosca maidir le críochnú an tionscadail agus athrú dlí.

Aithnítear soláthairtí le haghaidh athdheisiú riain agus réamhíocaíochtaí stáitchiste atá in-aisíochta nuair a bhíonn oibleagáid reatha dhlíthiúil nó chuiditheach ar BIÉ mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo. Is dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach agus measadh an tsuim go beacht.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais a mbíonn súil leis a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach agus leas á bhaint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú a tháinig ar an soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas úis.

Ní dhéanann BIÉ aon soláthar d'éilimh dhlíthiúla nó árachais nó aisíocaíochtaí cánach, a mbíonn a dtoradh éiginnte.

n) Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla

Is Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla i dtaca le Glasbhealaí, tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistíocht bóithre atá sna deontais féin a íocadh sa bhliain.

o) Socruithe maidir le lamháltas seirbhíse (Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí)

D'iontráil BIÉ isteach i gcomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha nó socruithe maidir le lamháltas seirbhíse le haonáin earnála príobháidí chun sócmhainní bonneagair a thógáil (nó a uasghrádú), a oibriú agus a chothabháil ar feadh tréimhse shonraithe ama (tréimhse lamháltais).

Déanann BIÉ na seirbhísí siúd a rialú nó a rialáil nach mór don oibreoir a sholáthar trí úsáid a bhaint as na sócmhainní bonneagair, an té dá soláthraítear na seirbhísí siúd, agus an praghas a ghearrfar ar na seirbhísí siúd; agus rialaíonn BIÉ an t-ús iarmharach sna sócmhainní ag deireadh théarma na tréimhse lamháltais.

Déanann BIÉ íocaíochtaí i gcaitheamh shaolré an lamháltais do thógáil, maoiniú, oibriú, cothabháil agus athnuachan an bhonneagair shócmhainní agus chun seirbhísí a sholáthar atá faoi réir an lamháltais.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh BIÉ i dteideal sciar den ioncam ó dholaí a fháil a thuill an lamháltóir agus déanann lamháltais áirithe soláthar d'íocaíochtaí athraitheacha oibríochtúla le BIÉ má thiteann méideanna tráchta faoi bhun leibhéil shonraithe.

Aithnítear na sócmhainní lamháltais seirbhíse i Ráiteas ar Staid Airgeadais BIÉ, anuas ar dhliteanas gaolmhara. Bunaítear na luachálacha sócmhainne agus luachálacha an dliteanais ghaolmhair ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí tógála a dhéanfaidh BIÉ faoin gcomhaontú lamháltais. Aithnítear íocaíochtaí oibríochtúla agus maoinithe a rinneadh faoi na comhaontuithe lamháltais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

o) Socruithe maidir le lamháltas seirbhíse (Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí) (ar lean)

sa bhliain ina n-íoctar iad. Nochtar oibleagáidí chun íocaíochtaí de chineál oibríochtúil a dhéanamh i gcaitheamh shaolré an lamháltais sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasáir ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

Gréasán Bóithre: Luacháil, Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Déantar sócmhainní bóthair a fuarthas faoi na socruithe lamháltais seirbhíse PPP agus atá i gceannach amach an M50 a chaipitliú agus a chur i gcuntas agus an tsamhail dliteanais léasa maoinithe a úsáid sa bhliain ina sínítear an comhaontú lamháltais. Aithnítear luach na sócmhainne bonneagair agus dhliteanas lamháltais na seirbhíse mar ghlanluach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo, a ríomhtar ar bhonn íocaíochtaí tógála a dhéanann BIÉ go díreach. Tacaíonn an tsamhail chaipitlithe PPP le toimhdí BIÉ i dtaca leis an deighilt íocaíochtaí idir caipiteal agus ioncam nuair a dhéantar an tsócmhainn a luacháil.

Roghnaigh BIÉ ráta lascaire 4% i ndiaidh dul i gcomhairle leis an NDFA ar an mbunús go léirítear ann ráta cuí do shócmhainní fadsaoil bonneagair.

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na saolréanna sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus bhain siad an tatal as go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

Déantar sócmhainní bonneagair a fuarthas faoi chomhaontuithe lamháltas seirbhíse, faoi oibleagáidí conarthacha ar leith sna comhaontuithe siúd, a thabhairt ar ais do BIÉ ag deireadh théarma na lamháltais agus is ionann a bhíonn an saol úsáide agus saol úsáide na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í i dtosach. Ráthaítear feidhmiú na bhforálacha “um thabhairt ar ais” ag coinneáil agus pionóis mhóra airgeadais dá bhforáiltear sna comhaontuithe lamháltais. Mar thoradh ar na forálacha seo, ní ghearrann BIÉ dímheas ar na sócmhainní seo.

Soláthairtí agus Meastacháin

Déantar meastacháin shuntasacha maidir le soláthairtí a ríomh do réamhíocaíochtaí státchiste atá in-aisíochta agus d'íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe.

Réamhíocaíochtaí Státchiste atá In-Aisíochta

B'fhéidir go ndéanfaí deontais Stáit a sholáthair an Státchiste chun roinnt tionscadal a chur i bhfeidhm, dá nglactar scéimeanna tobhach forbartha dóibh, a shainiú amhail bheith in-aisíochta ina dhiaidh sin i gcomhréir le téarmaí Treorach ón Aire a bhaineann go sonrach le tionscadal. Nuair is ann do na hoibleagáidí siúd, déantar meastacháin ar na méideanna in-aisíochta d'aon deontais bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus téarmaí na Treorach ón Aire. Déantar méid an ioncaim dheontais a fuarthas agus a mheastar atá in-aisíochta a choimeád mar dhliteanas fadtéarmach (Nóta 19).

Faoi na cúinsí seo, is ionann suim an deontais atá in aisíochta agus suim iomlán na dtobhach a mheastar a bhailítear i gcaitheamh shaolré na scéime lúide aon tobhach a úsáidtear chun caiteachas incháilithe a sheach-chur a mhéid le méid na gcistí státchiste a réamhíocadh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta (ar lean)

Baineann ríthábhacht le meastachán ar na tobhaigh iomlána a gheofar i gcaitheamh shaolré na scéime nuair a bhíonn an soláthar do réamhíocaíochtaí státchiste atá in-aisíochta á ríomh. Meastar fáltais an tobhaigh le cúnamh ó phleanálaithe gairmiúla baile an údaráis áitiúil a dhéanann toimhdí criticiúla maidir le ráta agus méid na forbartha miondíola agus cónaithe tráchtála i gcaitheamh shaolré gach scéime. A mhéid agus is fíor do na toimhdí seo, ní bheidh athrú suntasach le sonrú sa tsuim a soláthraíodh don aisíocaíocht réamhíocaíochtaí státchiste agus an tsuim féin a aisíocadh. Má bhíonn athrú mór le sonrú ar na coinníollacha faoi na toimhdí, d'fhéadfadh sin tionchar suntasach a imirt ar thorthaí iarbhir.

Íocaíochtaí Oibríochtúla Inathraithe:

Déanann dhá chonradh lamháltais (Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí), (an M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus Tollán Luimnigh an N18) soláthar d'íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha don oibreoir nuair a thiteann méideanna tráchta faoi leibhéil shonraithe.

Leanann íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha a bheith iníochta ar an dá cheann de na conarthaí seo agus déantar soláthar do mheastacháin i leith dliteanais amach anseo sna ráitis airgeadais (nóta 19). Tá na meastacháin ar dhliteanais amach anseo bunaithe ar shonraí tráchta, tuartha ar bhorradh tráchta agus boilsciú. Tá innéacsanna boilscithe díorthaithe ón bPraghasinnéacs Tomhaltóirí a tuaradh ag glacadh leis go dtiocfaidh méadú ar mhuirir dholaí ar aon dul leis an innéacs sin. Sa chás gurb éagsúil toradh an bhorrtha tráchta agus/nó an bhoilscithe ó na tuartha, imreoidh seo tionchar

ar mhéideanna na n-íocaíochtaí inathraithe oibríochtúla a ndéantar soláthar dóibh.

Fabhruithe:

Déanann BIÉ soláthar do gach caiteachas ábhartha caipitiúil agus reatha a taibhíodh roimh an dáta tuairiscithe arb ann do dhliteanas ina dtaobh ag an dáta tuairiscithe.

Oibleagáid Socair Scoir:

Cuirtear na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá socraítear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí um mhéadú leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta) cothrom le dáta go bliantúil ag achtúire ar bhonn coinníollacha eacnamaíochta reatha agus i ndáil le hathruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo.

q) Fardal

Díscríobhtar na tomhaltáin go léir i mbliain an cheannaigh.



N73 Feabhsú Sábháilteachta ar Líne

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

2. Deontais Stáit

Fuarthas deontais stáit €1,472 milliún (2021: €1,541 milliún)**** in 2022 ón Roinn Iompair (Vóta 31) agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) faoi na fotheidil seo a leanas:

	2022 €'000	2021 €'000
Riarachán:		
C 3.3 Riarachán	33,323	29,707
Lúide ranníocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair Íochta	(594)	(516)
Aisíocaíocht d'ábhar bóthair a thástáil ón RI	74	71
	32,803	29,262
Gréasán Bóithre:		
B 3.1 Bóithre Náisiúnta a Thógáil agus a Fheabhsú *	0	657,900
C 3.1.2 Cosaint & Athnuachan Infheistíochta Caipitil Bóithre Náisiúnta *	279,350	0
C 3.2 Bóithre Náisiúnta Bóithre Nua a Thógáil*	289,500	0
C 3.1.1 Bóthair Náisiúnta Cothabháil Reatha	34,850	34,850
C 3.4 Oibríochtaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	120,150	136,000
C 3.5.2 / C3.6 Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní Réigiúnacha & Caipiteal Íocaíochtaí Deontas Bóithre Áitiúla**	559,851	523,554
C 3.5.1 Íocaíochtaí Deontais Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Reatha**	44,109	43,677
A.4.1 Glasbhealaí	42,700	23,857
Aisíocaíocht ar Scéimeanna Dícharbónaithe - Feithiclí Dleachta Troma a úsáideann Breoslaí Malartacha (AFHDV) & Feithiclí Astaíochta Nialais Éireann (ZEVI) ó RI	1,084	159
Aisíocaíocht do stoc salainn do bhóithre réigiúnacha ón RI	3,118	3,744
	1,374,712	1,423,741
Iarnród Éadrom agus Meitreo:		
Clár Caipitil ÚNI	44,481	60,037
Deontas OSP an ÚNI***	24,460	32,165
	68,941	92,202
Iomlán na nDeontas & na n-Aisíocaíochtaí	1,476,456	1,545,205

Ní féidir deontais a úsáid ach do na cuspóirí dá bhfaomhadh iad.

*Tá an chatagóir deontais “Tógáil agus Feabhsú” ó 2021 roinnte ag an RI ina dhá chatagóir deontais nua do 2022; “Cosaint agus Athnuachan Infheistíochta Caipitil” agus “Bóithre Nua a Thógáil”.

**Go stairiúil, rinne an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an RI íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun bóithre áitiúla agus réigiúnacha a thógáil, a fheabhsú, a chothabháil agus a bhainistiú. In 2014, ghlac an RI le freagracht as bainistíocht na n-íocaíochtaí seo, faomhadh d'íocaíocht ina measc. Gníomhaíonn BIÉ anois mar ghníomhaire pá agus eisiúnn sé na híocaíochtaí ábhartha ar threoir ón RI. In 2022, d'eisigh BIÉ íocaíochtaí iomlána €604 milliún (2021: €567 milliún) (nótaí 9a agus 9b) le húdaráis áitiúla ó chistiú a fuair sé ón RI. Bhí an RI freagrach i gcónaí agus tá gó fóill, as na leithdháiltí bliantúla a dheimhniú d'údaráis áitiúla i dtaca le bóithre réigiúnacha agus áitiúla. Anuas ar an méid thuas, déanann an RI roinnt íocaíochtaí go díreach le húdaráis áitiúla as bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

*** Sholáthair an ÚNI deontas Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) i rith 2022 agus 2021 maidir le seirbhísí Luas a sholáthar.

**** Ní áirítear le Deontais Stáit Iomlána aisíocaíocht do Stoc Salainn (€3.1m), tástáil ar ábhar bóthair (€0.07m) agus Scéimeanna Dícharbónaithe (€1.1m).

2a. Deontais AE

Faoi ionstraim chistiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh CEF (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa), fuair BIÉ íocaíocht €1m ó Arc Atlantique in 2022, (ní bhfuarthas aon Deontais AE in 2021). Cuireadh na cistí seo ar aghaidh chuig RCPA agus níl siad san áireamh inár n-ioncam deontais i nóta 2.

3. Aisíocaíochtaí Deontais

Seo a leanas na haisíocaíochtaí deontais ó údaráis áitiúla:

	2022 €'000	2021 €'000
Bóithre Náisiúnta a Thógáil agus a Fheabhsú	0	892
Cosaint & Athnuachan Infheistíochta Caipitil Bóithre Náisiúnta	1,016	0
Tógáil Bóithre Náisiúnta Bóithre Nua	6,501	0
Cothabháil Reatha ar Bhóithair Náisiúnta	324	41
Clár Infheistíochta in Iompar Poiblí agus Inbhuanaithe	19	0
	7,860	933

4. Ioncam ó Dholáí

	2022 €'000	2021 €'000
Tollán Bhaile Átha Cliath	22,329	13,739
eFlow an M50	172,443	140,016
Seachbhóthar Iartharach Dhún Dealgan an M1	2,013	-
An M4/M6 ó Chill Choca/Cionn Átha Gad	7,054	4,001
	203,839	157,756

Le linn 2022 tháinig méideanna tráchta agus ioncam don M50 eFlow agus do Thollán Bhaile Átha Cliath ar ais go leibhéal réamh-COVID-19. Bhí tionchar dearfach ag an téarnamh i méideanna tráchta ar sciar ioncaim ó scéimeanna PPP M1 agus M4.

Is ionann an t-ioncam ó dholáí agus:

- Dolaí arna dtobhach ag oibreoirí dolaí tar éis muirir áirithe a asbhaint, lena n-áirítear táillí seirbhíse idir-inoibritheachta agus muirir bhainc, agus socraíochtaí idir-inoibritheachta le hoibreoirí dolaí eile.
- San áireamh in ioncam dola an M50/eflow tá €11.9m d'ioncam pionóis. (2021: €7.5m)
- Sciar den ioncam a bhí dlite faoi théarmaí an chonartha PPP do scéim Chill Choca/Chionn Átha Gad an M4 agus scéim Dhún Dealgan Thiar an M1.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

5. Ioncam eile

	Note	2022 €'000	2021 €'000
Riarachán	5a	5,486	4,844
Iarnród Éadrom & Meitreo	5b	2,492	1,644
Gréasán Bóithre	5c	9,615	3,321
		17,593	9,809

5a. Ioncam Eile – Riarachán

	Note	2022 €'000	2021 €'000
Glanchistiú larchurtha do Phinsin	20e	5,346	4,689
Ioncam Ilghnéitheach		140	155
		5,486	4,844

5b. Ioncam Eile - Iarnród Éadrom & Meitreo

	2022 €'000	2021 €'000
Barrachas / (Easnamh) a gineadh ó Shócmhainní Gaolmhara Luas	663	(121)
Ioncam Cíosa	317	253
Tobhaigh Amúchta agus Creidmheasanna larchurtha	1,512	1,512
	2,492	1,644

Faoin gceathrú ráithe 2022, bhí líon na bpaisinéirí Luas ar ais den chuid is mó go leibhéil réamh-COVID-19 ar fud an dá líne, agus bhí tionchar dearfach acu ar ioncam a ghintear ó Shócmhainní Gaolmhara Luas.

5c. Ioncam Eile - An Gréasán Bóithre

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Ilghnéitheach	1,304	1,661
Sciar d'Ioncam Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh	4,086	857
Ioncam ó Riosca Árachais a Chomhroinnt	4,225	803
	9,615	3,321

Tháinig líonta feithiclí agus aistir ghaolmhara ar fud an ghréasáin bhóithre náisiúnta ar ais den chuid is mó in 2022 ó thionchar COVID-19, rud a raibh tionchar dearfach aige ar ioncam ó Sciar d'Ioncam Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh..

Sciar d'Ioncam Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh: Tá dhá Chonradh PPP bronnta ag BIÉ ar Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh (MSA). Bronnadh Conradh MSA Thráinse 1 i nDeireadh Fómhair 2009 agus rinne sé soláthar d'Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an M1 agus an M4. Bronnadh Conradh MSA Thráinse 2 in Iúil 2018 agus rinne sé soláthar d'Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an M6, an M9 agus an M11.

Áirítear leis an dá chonradh seo soláthairtí do chomhroinnt ioncaim. B'ionann an t-ioncam don bhliain 2022 agus €4.1 milliún (2021: €0.9 milliún).

Riosca Árachais a Chomhroinnt: Tá clásal um chomhroinnt riosca árachais ag roinnt tionscadail PPP. Faoin gclásal seo, déantar athbhreithniú ar na costais árachais gach trí bliana, agus ag brath ar chostais a tabhaíodh i gcaitheamh na tréimhse, féadtar cúiteamh a íoc le BIÉ, nó a bheidh iníoctha ag BIÉ. B'ionann ioncam a bhí dlite maidir le riosca árachais a roinnt in 2022 agus €4.2 milliún (2021: €0.8 milliún).

Riosca Árachais a Chomhroinnt	2022 €'000	2021 €'000
N25 Port Láirge	0	447
An N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí	988	0
M7/M8 Phortlaoise	46	0
An M3 ó Cluain Aodha go Ceanannas	1,038	0
An N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe	938	0
Seachbhóthar Iartharach Dhún Dealgan an M1	1,215	0
Tollán Luimnigh	0	257
An N11 ón Inbhear Mór go Ráth Naoi	0	99
	4,225	803

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

6. Caiteachas

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Riarachán	7	36,836	34,610
Iarnród Éadrom & Meitreo	8	113,326	125,695
Gréasán Bóithre	9/10	1,445,325	1,446,947
		1,595,487	1,607,252

7. Caiteachas - Costais Riaracháin

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Luach Saothair agus Costais Eile Phá	7a	30,126	28,222
Costais chóiríochta	7d	2,783	2,755
Costais Riaracháin eile	7e	3,401	3,075
Dímheas		526	558
Iomlán na gCostas Riaracháin		36,836	34,610

Áirítear fáilteachas €4k (2021: €2k) sna figiúirí thuas.

7a. Luach Saothair agus Costais Eile Phá

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Tuarastail		22,476	21,033
Ragobair		79	71
Árachas Sláinte		1	1
Costais Phinsin	20a	5,369	5,151
Ranníocaíocht fostóra le Leas Sóisialta		2,263	2,045
Luachanna Saothair agus Costais na gComhaltaí Boird		108	93
		30,296	28,394
Lúide: ioncam ó fhoireann ar iasacht		(170)	(172)
		30,126	28,222

Asbhaineadh Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais, ASC, €721k (2021: €639k) agus íocadh iad leis an RI.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2021: €Nialas).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

7b. Miondealú ar Shochair Fostaithe

Réimse na sochar iomlán fostaithe a tuilleadh sa bhliain Ó Go dtí	Meánlíon na bhfostaithe 2022	Meánlíon na bhfostaithe 2021
Líon iomlán Coibhéisí Lánaimseartha	286	279
€60,000 - €69,999	40	45
€70,000 - €79,999	39	44
€80,000 - €89,999	40	26
€90,000 - €99,999	28	31
€100,000 - €109,999	16	17
€110,000 - €119,999	27	21
€120,000 - €129,999	9	2
€130,000 - €139,999	3	3
€140,000 - €149,999	1	1
€150,000 - €159,999	1	1
€160,000 - €169,999	1	2
€170,000 - €179,999	2	0
€180,000 - €189,999	0	0
€190,000 - €199,999	0	1
€200,000 - €209,999	1	0

Áirítear sa tábla fostaithe a tugadh ar iasacht do chomhlachtaí eile earnála poiblí.

7c. Cúiteamh don Phríomhphearsanra Bainistíochta

Is ionann an príomhphearsanra bainistíochta, ina gcuimsítear an Bord, an Príomhfheidhmeannach, na Stiúrthóirí Oibríochtaí Tráchtála, Bainistíocht an Ghréasáin, Seirbhísí Gnó, Seirbhísí Gairmiúla, Seirbhísí Corparáideacha agus Cláir Chaipitil, agus na daoine siúd a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu chun gníomhaíochtaí BIÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta:

	2022 €'000	2021 €'000
Tuarastail agus Táillí na gComhaltaí Boid	1,221	1,126
Árachas Sláinte	-	1
	1,221	1,127

Ní áirítear leis seo luach sochair scoir a fabhraíodh sa bhliain. Seachas comhaltaí an Bhoird, is iad an príomhphearsanra bainistíochta comhaltaí scéimeanna pinsin cistithe nó le sochar sainithe BIÉ agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí na scéimeanna siúd.

7c. Cúiteamh don Phríomhphearsanra Bainistíochta (ar lean)

Seo a leanas an luach saothair POF i dtaca Peter Walsh a chuirtear san áireamh i gcúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta:

	2022 €'000	2021 €'000
Luach Saothair P Walsh	202	190
	202	190

Comhalta é an Príomhfheidhmeannach de scéim pinsin neamhchistithe le sochar sainithe BIÉ agus ní sháraíonn a theidlíocht ina leith sin téarmaí scéim pinsin seirbhíse samhla na hearnála poiblí. Ní áirítear sa tuarastal a tuairiscíodh an luach sochair scoir a fabhraíodh sa bhliain.

7d. Costais Chóiríochta

	2022 €'000	2021 €'000
Cíos, Rátaí agus Seirbhísí	2,296	2,254
Solas, Teas agus Glantachán	462	384
Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil	25	117
	2,783	2,755

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

7e. Costais Riaracháin eile

	2022 €'000	2021 €'000
Guthán agus Postas	122	181
Clódóireacht agus Páipéarachas	36	8
Táillí Ríomhaire	1,538	1,389
Oiliúint Foirne, Forbairt agus Suibscríbhínní Gairmiúla	261	284
Costais Náisiúnta Taistil agus Chothabhála na Foirne	399	261
Costais Idirnáisiúnta Taistil agus Chothabhála na Foirne	77	3
Táillí Iniúchta	81	81
Leabhair agus Tréimhseacháin	18	16
Árachas	317	277
Deisiúcháin agus Cothabháil - Trealamh	131	42
Ilnithe	215	371
Riarachán & Tacaíocht Pinsin	38	40
Comhairleoireacht	80	49
Táillí Dí	54	35
Costais Cheapacháin Foirne	34	38
	3,401	3,075

8. Caiteachas – Iarnród Éadrom & Meitreo

	2022 €'000	2021 €'000
Dímheas	57,533	55,185
Rátaí na nÚdarás Áitiúil	533	536
Costais Forbartha Tionscadal	30,912	37,829
Easnamh ar Bhonneagar Luas a Sholáthar	24,348	32,145
	113,326	125,695

9. Caiteachas – An Gréasán Bóithre

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Bóithre a Thógáil agus a Fheabhsú	9a	1,151,948	1,128,417
Bóithre a Chothabháil agus a Bhainistiú	9b	91,560	91,708
PPP, Oibríochtaí Tolláin agus Doláí	10	191,255	218,263
Scéimeanna Dícharbónaithe - AFHDV & ZEVI		1,084	159
Dímheas		9,478	8,400
		1,445,325	1,446,947

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

9a. Bóithre a Thógáil agus a Fheabhsú

	2022 €'000	2021 €'000
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta*	0	479,081
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Cosaint & Athnuachan Infheistíochtaí Caipitil Bóithre Náisiúnta	190,502	0
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta Tógáil Bóithre Nua	234,624	0
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla [Nóta 2]	559,851	523,554
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí agus Inbhuanaithe	42,381	23,883
Íocaíochtaí Eile	124,590	101,899
	1,151,948	1,128,417

*Tá an chatagóir deontais “Tógáil agus Feabhsú” ó 2021 roinnte ag an Roinn Iompair ina dhá chatagóir deontais nua do 2022; “Cosaint agus Athnuachan Infheistíochta Caipitil” agus “Bóithre Nua a Thógáil”.

Áirítear leis an gcaiteachas in 2022 íocaíochtaí €16.3 milliún (2021: €8.3 milliún) a rinneadh le hÚdaráis Áitiúla chun íoc as costais mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a d’eascair as tionscadail tógála bóithre. Tá CBL agus costais dlí agus chomhairleoirí san áireamh sna figiúirí.

I measc na n-íocaíochtaí eile, bhí caiteachas ar tionscadail athnuachana sócmhainní ar an ngréasán mótarbhealaí, forleagan pábhála, comharthaí agus línte, bacainní a athsholáthar agus a dheisiú, oibreacha athnuachana droichid, faoiseamh ó thuilte agus bearta sábháilteachta.

9b. Bóithre a Chothabháil agus a Bhainistiú

	2022 €'000	2021 €'000
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta	23,628	24,092
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla [Nóta 2]	44,109	43,677
Íocaíochtaí Eile	23,823	23,939
	91,560	91,708

I measc na n-íocaíochtaí eile, áirítear caiteachas ar an méid seo a leanas; salann a cheannach agus a stóráil; gnáthchothabháil bóithre ar an ngréasán mótarbhealaí, bearradh féir, seirbhís gheimhridh agus córais draenála a chothabháil; monatóireacht a dhéanamh ar shócmhainní pábhála bóithre náisiúnta; agus monatóireacht aimsire i rith an gheimhridh agus córais thuarthacha chóireála.

10. Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí, Oibríochtaí Tolláin agus Dolaí

	Note	2022 €'000	2021 €'000
Costais Choimhdeacha	10a	15,436	18,979
Muirir Oibríochta na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	10b	101,030	108,050
Athruithe ar Sholáthar na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	10c	(2,617)	4,025
Oibríochtaí agus Dolaí Tolláin	10d	77,406	87,209
		191,255	218,263

10a. Costais Choimhdeacha

Baineann costais choimhdeacha a taibhíodh le pleanáil scéime, maoirseacht scéime, seirbhísí airgeadais, dlí agus comhairleacha teicniúla, seirbhísí idir-inoibritheachta dolaí, fógraí reachtúla agus margáíocht.

10b. Muirir Oibríochta na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	2022 €'000	2021 €'000
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25	2,850	3,993
Tollán Luimnigh an N18	823	8,779
Uasghrádú an M50	19,250	18,770
An N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe	1,506	1,825
An M3 ó Cluain Aodha go Ceanannas	20,185	18,333
M7/M8 Phort Laoise	1,365	1,326
Seachbhóthar Iartharach Dhún Dealgan an M1	211	194
An N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí	1,350	2,058
An M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad	357	330
An N11 ón Inbhear Mór go Ráth Naoi	11,730	11,701
M17/M18 ón nGort go Tuaim	24,695	24,226
An M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh	10,059	10,133
Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25	6,469	6,237
Íocaíochtaí le hÚdarás Áitiúla – scéimeanna PPP	180	145
	101,030	108,050

Ní áirítear aon suimeanna i muirir oibríocháin a eascraíonn as socraíochtaí (2021: €Náid).

Áirítear leis na muirir oibríocháin a thaispeántar sa tábla thuas costais oibríocháin, chothabhála agus airgeadais PPP.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

10c. Gluaiseacht sa Dliteanas Iomlán d'Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha

D'iontráil BIÉ ocht PPP Lamháltais Dola. Déanann an earnáil phríobháideach PPPanna Lamháltais Dola a mhaoiniú go páirteach nó go hiomlán agus íoctar astú trí mhuirir úsáideora (dolaí) agus íocaíochtaí BIÉ (íocaíochtaí tógála agus oibríochtúla den chuid is mó). Déanann dhá cheann de chonarthaí PPP Lamháltais Dola BIÉ (Conarthaí PPP an M3 ó Chluain Aodha go Ceanannas agus Thollán Luimnigh an N18) soláthar d'íocaíochtaí breise dá ngairtear Íocaíochtaí Rátháíochta Tráchta orthu faoi na Conarthaí ach dá ngairtear Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha ("VOPanna") orthu go coitianta.

Is é an príomhpharaiméadar le ríomh VOPanna amach anseo a ríomh ná an bhearna idir an Meántrácht Laethúil iarbhír (ADT) agus na tairseacha faoi rátháíocht a shonraítear sna conarthaí PPP faoi seach. Go ginearálta, i gcás ina bhfuil ADT iarbhír níos airde ná ADT ráthaithe, níor cheart go mbeadh feidhm ag VOPanna, áfach, i gcás ina bhfuil ADT iarbhír níos ísle ná ADT ráthaithe, bíonn VOPanna iníochta. Dá mhéid an bhearna idir ADT iarbhír agus ADT faoi rátháíocht, is mó an méid VOPanna a bhíonn le híoc. Glacann BIÉ le riosca tráchta atá

faoi bhun na dtairseacha faoi rátháíocht.

A luaithe a bhíonn na VOPanna le híoc, teastaíonn soláthar chun foráil a dhéanamh don dliteanas measta do VOPanna i gcaitheamh shaolré na gconarthaí. Cuirtear an méid den dliteanas a mheastar atá le híoc laistigh de bhliain amháin san áireamh i gCreidiúnaithe (Nóta 15). Cuirtear an chuid seo den dliteanas i dtaifeadta anseo mar gheall go bhfuil cinnteacht réasúnta ann maidir le méid agus uainiú na híocaíochta. Teastaíonn ó éiginnteacht maidir le sruthanna tráchta agus lascaíní amach anseo go ndéantar iarmhéid an dliteanais a thuairisciú faoi Sholáthairtí (Nóta 19). Tá páirt lárnach ag meastacháin ar shruth tráchta agus ar thiomhdí i leith ráta lascaine chun an dliteanas measta a ríomh.

In 2022, tháinig feabhas ar líonta feithiclí atuartha, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an soláthar. I measc na dtosca eile a d'imir tionchar ar an dliteanas iomlán a ríomh do VOPanna, bhí na suimeanna iníochta don bhliain agus an muirear airgeadais le haisiompú na lascaine ar an olldliteanas a thabhairt san áireamh.

	Nóta	N18 Tollán Luimnigh €'000	*An M3 ó Cluain Aodha go Ceanannas €'000	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Amhail an 01 Eanáir 2022					
Iníochta laistigh de bhliain amháin	15	7,651	-	7,651	14,754
Foráil	19	98,420	-	98,420	94,729
Iomlán		106,071	-	106,071	109,483
Iníochta le hoibreoír sa bhliain	19	(6,795)	-	(6,795)	(11,816)
(Laghdú) / Méadú ar sholáthar mar gheall ar athruithe i dToirt Tráchta		(2,617)	-	(2,617)	4,025
Muirir airgeadais a aithníonn an tionchar a imríonn lascaíní d'uainiú comhlíonta dliteanas	11	4,243	-	4,243	4,379
Amhail an 31 Nollaig 2022		100,902	-	100,902	106,071
Iníochta laistigh de bhliain amháin	15	8,212	-	8,212	7,651
Foráil	19	92,690	-	92,690	98,420
Iomlán	18	100,902	-	100,902	106,071

*Ní theastaíonn soláthar a thuilleadh do M3 ó Chluain Aodha go Ceanannas bunaithe ar mhéideanna tráchta atuartha.

10d. Oibríochtaí agus Dolaí Tolláin BIÉ

	2022 €'000	2021 €'000
Tollán Bhaile Átha Cliath	20,492	19,161
eFlow an M50	52,946	62,387
Tollán Jack Lynch	3,968	5,661
	77,406	87,209

Baineann na costais seo le costais oibríochtúla, costais bhailithe dolaí, muirir údaráis áitiúil Thollán Bhaile Átha Cliath; costais bhailithe dolaí, muirir dhrochfhiachais agus rátaí údaráis áitiúil eFlow an M50 agus costais oibríochtúla Thollán Jack Lynch. Ní chuimsítear sa tábla thuas costais d'Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh (MSA). Íocann na hoibreoírí as an gcostas atá ar na seirbhísí a oibriú agus a chothabháil.

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna

Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25

Bronnadh conradh PPP Sheachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25 ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Waterford) Ltd. in Aibreán 2006. Maireann an conradh ar feadh 30 bliain. B'éard a bhí i gceist leis an scéim seachbhóthar an N25 a thógáil a ghabhann ó Cill Mhíodáin i gContae Port Láirge go Sliabh Rua i gContae Chill Chainnigh. Trasnaíonn an bealach Abhainn na Siúire ag an nGreannach agus, ar an gcaoi sin, cuireann sé an dara droichead mór ar fáil do Phort Láirge trasna na Siúire agus cuireann sé bóthar ar fáil don trácht ar bhealach an N25 ó Chorcaigh go Ros Láir leis an gcathair a sheachaint. B'éard a bhí sa scéim ná thart ar 23 ciliméadar de dhébhealach, droichead trasna Abhainn na Siúire atá thart ar 475 méadar ar fad agus stráice de charrbhealach singil a thógáil atá thart ar 4 chiliméadar ar fad. Áiríodh leis an gconradh 11 chiliméadar bhreise de thaobh-bhóithre agus ceangail agus athailíniú iarnróid 2 chiliméadar.

Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí, do thrácht i nDeireadh Fómhair 2009. Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré ar feadh thréimhse an chonartha.

Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh

Bhronn BIÉ dhá Chonradh PPP Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh (MSA). Bronnadh Conradh MSA Thráinse 1 i nDeireadh Fómhair 2009 agus rinne sé soláthar d'Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh

ar an M1 agus an M4. Bronnadh conradh MSA Thráinse 2 in Iúil 2018 agus rinne sé soláthar d'Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an M6, an M9 agus an M11. Áirítear leis an dá chonradh seo soláthairtí do chomhroinnt ioncaim.

Tollán Luimnigh an N18

Bronnadh conradh Thollán Luimnigh ar chuibhreannas DirectRoute (Limerick) Ltd. i Lúnasa 2006. Maireann an conradh ar feadh 35 bliain. B'éard a bhain le Scéim Thollán Luimnigh ná thart ar 10 gciliméadar de dhébhealach nua a thógáil anuas ar nascbhóithre agus taobh-bhóithre gaolmhara. Chuimsigh an tollán a thrasnaíonn Abhainn na Sionainne, tiúb-thollán timpeall 0.9 km ar fad, a nascann Uí Chuanach, baile fearainn ar an mbruach thuaidh le Bun Leice, baile fearainn ar bhruach theas Abhainn na Sionainne.

D'oscail an scéim, a ngearrtar dolaí uirthi idir acomhal 2 agus acomhal 4, do thrácht i mí Iúil 2010. Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré ar feadh thréimhse an chonartha.

Uasghrádú an M50

Bronnadh an conradh PPP d'Uasghrádú an M50 i mí Mheán Fómhair 2007 agus téarma conartha 35 bliain ag dul leis ar M50 Concession Limited. Chuimsigh Conradh PPP Uasghrádaithe an M50 leathnú 24 km den M50 ón taobh theas d'acomhal Thurnapain an M1/M50 (Turnapain) go dtí acomhal an N3 agus ón taobh theas d'acomhal Bhaile an Mhóta go dtí acomhal Átha an Ghainimh, lenar áiríodh uasghrádú na n-acomhal feadh na stráicíseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (ar lean)

Tugadh na hoibreacha uasghrádaithe chun críche in 2010. Déantar costais infheistíochta an Chomhlachta PPP a aisghabháil trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ*.

I dteannta le conradh PPP Uasghrádaithe an M50, rinneadh oibreacha ar leithligh Uasghrádaithe an M50 trí dhá chonradh Dearaidh agus Tógála. Rinneadh foráil sna conarthaí seo le haghaidh (i) leathnú thart ar 8km de dhébhealach príomhlíne idir an N4 (Acomhal 7) agus Baile an Mhóta (Acomhal 10) mar aon le huasghrádú acomhail an N4, N7 agus Bhaile an Mhóta, agus (ii) leathnú 1.3km den mhótarbhealach ó dheas d'acomhal an N3. Cuireadh na hoibreacha uasghrádaithe seo i gcrích in 2008.

Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré ar phríomhlíne mhótarbhealach ó acomhal Thurnapain an M1/M50 go dtí acomhal Áth an Ghainimh ar feadh thréimhse an chonartha.

* Cé ngearrtar dola ar an M50 idir Acomhal 6 agus Acomhal 7 ní bhaineann sé seo le Conradh PPP an M50. Tá soláthraí seirbhíse dola ceaptha ag BIÉ chun an bailiúchán dola a réachtáil thar ceann BIÉ.

N6 na Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe

Bronnadh conradh PPP N6 na Gaillimhe/Bhéal Átha na Sluaighe ar chuibhreannas N6 (Concessions) Limited in Aibreán 2007. Maireann an conradh ar feadh 30 bliain. Chuimsigh an scéim tógáil thart faoi 56km de dhébhealach, nascbhóthar 7 km go dtí seachbhóthar Bhaile Locha Riach, 32 km de thaobh-bhóithre agus cúig acomhal ilairde.

Gabhann an scéim ó Dhabhach Uisce, ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe, go dtí an N6 reatha taobh thoir de Bhéal Átha na Sluaighe i gContae Ros Comáin.

Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dolaí uirthi idir acomhal 15 agus acomhal 16, do thrácht i mí na Nollaig 2009. Tá an Comhlacht PPP freagrach

as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré ar feadh thréimhse an chonartha.

An M3 ó Cluain Aodha go Ceanannas

Bronnadh conradh M3 Chluain Aodha/Cheannannais ar chuibhreannas Eurolink Motorway Operations Ltd i Márta 2007. Maireann an conradh ar feadh 45 bliain.

B'éard a bhain leis an scéim, a sholáthraíonn seachbhóithre timpeall ar Dhún Búinne, Dún Seachlainn, an Uaimh, Ceanannas agus Carn na Ros, ná mótarbhealach thart ar 47km ar fad a thógáil atá nasctha ag bóithre coimhdeacha laistigh den ghréasán bóithre atá ann cheana féin trí acomhail ilairde ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluidín, Cill Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas. Áirítear leis an scéim iomlán, chomh maith, 10km de Débhealach nua ó Cheannannas go Tuaisceart Charn na Ros agus 4 km de Sheachbhóthar Cheannannais an N52.

Tógadh 4km breise de Dhébhealach Náisiúnta Shaghas 1 den Dara Grád agus 40km, ar an iomlán, de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Anuas air sin, theastaigh breis agus 100 struchtúr, 62 droichead agus tóchair éagsúla agus ballaí coinneála.

D'oscail an scéim, a ngearrtar dolaí uirthi idir acomhail 5 agus acomhal 6 agus idir acomhail 9 agus 10, do thrácht i Meitheamh 2010. Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré ar feadh thréimhse an chonartha.

M7/M8 Phort Laoise

Bronnadh conradh M7/M8 Phort Laoise ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Portlaoise). Bronnadh an conradh i Meitheamh 2007. Mairfidh an conradh ar feadh 30 bliain. Cuimsíonn an tionscadal, a sholáthraíonn seachbhóithre ar Mhainistir Laoise, Darú, an Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus Buiríos Mór Osraí tógáil mótarbhealaigh ar a ngearrtar dolaí atá 41km ar fad. Tá acomhail ilairde ag Port

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (ar lean)

Laoise, Buiríos Mór Osraí agus Ráth Domhnaigh, anuas ar acomhal páirteach ó mhótarbhealach go mótarbhealach ag Achadh Bhó. Áiríodh leis an scéim, chomh maith, nascbhóthar réigiúnach 3km ón mótarbhealach ar ais go Buiríos Mór Osraí anuas ar thart ar fhad 15 km de thaobh-bhóithre.

Osclaíodh an scéim, ar a ngearrtar dolaí, do thrácht idir Acomhal 18 (Port Laoise Thiar) agus Acomhal 19 (acomhal an M7/an M8), don trácht i mBealtaine 2010. Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré ar feadh thréimhse an chonartha.

Seachbhóthar Iartharach Dhún Dealgan an M1

Bronnadh an Conradh do Sheachbhóthar Iartharach Dhún Dealgan an M1 ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Dundalk) Ltd. i bhFeabhra 2004. Maireann an Conradh ar feadh téarma 30 bliain. Chuimsigh an scéim stráice de bhóthar atá 11km ar fad a thógáil, ar chuid é de phríomhbhealach náisiúnta an N1/M1 i gcóngar do bhaile Dhún Dealgan, Co. Lú, chomh maith le fad 8km de thaobh-bhóithre agus de bhóithre ceangail gaolmhara. Tugadh na hoibreacha tógála chun críche in 2005. Cuimsíonn an Conradh PPP, chomh maith, oibriú agus cothabháil an mhótarbhealaigh reatha anuas ar thart ar fhad 42km, i.e. Seachbhóthar Dhún Léire agus Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan chomh maith le hoibriú agus le cothabháil na n-áiseanna dolaí idir acomhal 7 agus acomhal 10 ar scéim an M1 (Baile Mhic Gormáin go Mainistir Bheithe).

N8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maí

Bronnadh Conradh N8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maí ar an gcuibhreannas Direct Route (Fermoy) Ltd. i Meitheamh 2004 agus mairfidh sé ar feadh thréimhse lamháltais 30 bliain. B'éard a bhain leis an gconradh PPP dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart ar 17.5km de mhótarbhealach. Áirítear leis an scéim trí acomhal ilairde ag Ráth

Chormaic Theas, an Carn, agus an Chloch Liath agus tarbhealach 450 méadar ar fad a thrasnaíonn Gleann na Dubhabhann.

Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dolaí uirthi idir acomhail 14 agus 17, do thrácht i nDeireadh Fómhair 2006. Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré an stráice den mhótarbhealach ar feadh thréimhse an chonartha.

M4/M6 Chill Choca/Chionn Átha Gad

Bronnadh Conradh M4/M6 Chill Choca/Chionn Átha Gad ar chuibhreannas Eurolink Motorway Operations Ltd. i Márta 2003. Tá an Conradh do thréimhse lamháltais 30 bliain. B'éard a bhain leis an scéim 39 km de mhótarbhealach a thógáil, ina measc 19 dtardhroichead, 7 bhfodhroichead agus 3 íosbhealach.

Osclaíodh an scéim, a ngearrtar dolaí uirthi idir acomhal 8 agus 10, do thrácht i mí na Nollaig 2005. Tá an Comhlacht PPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré an stráice den mhótarbhealach ar feadh thréimhse an chonartha.

N11 an Inbhir Mhóir/Ráth Naoi

Bronnadh Conradh PPP N11 an Inbhir Mhóir/Ráth Naoi ar N11 Arklow Rathnew PPP Limited in Aibreán 2013. Cuimsíonn Conradh N11 an Inbhir Mhóir/Ráth Naoi dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart faoi 16.5km de dhébhealach ar stráice an N11 ón Inbhear Mór go Ráth Naoi, oibriú agus cothabháil stráice breise 30km den M11/N11 reatha (Seachbhóthar an Inbhir Mhóir/Ghuairde agus Seachbhóthar an Inbhir Mhóir), dearadh agus tógáil Ionad Seirbhíse Ghuairde an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil Uasghrádú Acomhal Chrois an Fhearainn Nua an N7. Tugadh stráice Chrois an Fhearainn Nua chun críche i Samhain 2014 agus osclaíodh stráice an Inbhir Mhóir/Ráth Naoi do thrácht i mí Iúil 2015. Is é thréimhse oibríochtúil an chonartha 25 bliain ó chur i gcrích na scéime agus aisghabhfaidh

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (ar lean)

an Chuideachta PPP a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocfaidh BIÉ.

M17/M18 ón nGort go Tuaim

Bronnadh Scéim PPP an M17/M18 ar chuibhreannas DirectRoute (Tuam) Ltd. i mí Aibreán 2014. Cuimsíonn Conradh PPP an M17/M18 dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil fad thart faoi 53km de mhótarbhealach anuas ar dhearadh agus tógáil 4km de dhébhealach. Soláthraíonn an scéim seachbhóithre bhaile Dhroichead an Chláirín, Bhaile Chláir agus Baile Thuama. Is é tréimhse oibríochtúil an chonartha 25 bliain ó chur i gcrích na scéime agus aisghabhfaidh an Chuideachta PPP a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocfaidh BIÉ. Osclaíodh an scéim do thrácht i Meán Fómhair 2017.

An M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh

Bronnadh conradh PPP an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh ar Gorey to Enniscorthy M11 PPP Limited i nDeireadh Fómhair 2015. B'éard a

bhain leis an gconradh PPP dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart ar 31.4km de dhébhealach (bealaí an M11 agus "Nascbhóthar an N80") agus dearadh, tógáil agus maoiniú 8.0km de charrbhealach singil (bealach an N30). Is é tréimhse oibríochtúil an chonartha 25 bliain ó chur i gcrích na scéime agus aisghabhfaidh an Chuideachta PPP a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocfaidh BIÉ. Osclaíodh an stráice príomhlíne den M11 do thrácht in Iúil 2019 agus osclaíodh stráice an N30 i Lúnasa 2019.

Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25

Bronnadh an conradh do Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25 ar New Ross N25 Bypass Designated Activity Company in Eanáir 2016. Áirítear leis an gconradh PPP stráicí a dhearadh, a thógáil agus a oibriú de bhealaí an N25 agus an N30 araon. Go mór mór, b'éard a bhí i gceist leis an scéim ná oibreacha ar fhad thart ar 13.6km de dhébhealach (bealaí n N25 agus an N30) agus 1.2km de charrbhealach singil (bealach N30 Ros Mhic Thriúin). Is é tréimhse oibríochtúil an chonartha 25 bliain ó chur i gcrích na scéime agus aisghabhfaidh an Chuideachta PPP a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocfaidh BIÉ. Osclaíodh an scéim do thrácht in Eanáir 2020.

11. Muirir Airgeadais

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Muirir Airgeadais na Scéime Pinsean	20b	1,422	873
Costais Léasa Airgeadais		13	19
Muirear airgeadais a bhaineann le Dlíteanais Seirbhíse Lamháltais		25,919	26,601
		27,354	27,493

Faoi FRS 102, tá glansuim an úis ar dhliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe agus an toradh a bhfuil coinne leis ar shócmhainní €1.5 milliún curtha i dtaifead mar mhuirear airgeadais i dtaobh muirir úis sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (2021: €0.9 milliún). Féach nóta 20b.

12. An Cuntas Caipitil

	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Amhail an 01 Eanáir 2022		2,311,891		2,262,325
<u>Riarachán</u>				
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	83		159	
Amúchadh de réir luachlaghdaithe	(526)		(558)	
De réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas		(443)		(399)
<u>Iarnród Éadrom agus Meitreo</u>				
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	11,768		20,626	
Amúchadh de réir luachlaghdaithe	(54,340)		(51,992)	
De réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas		(42,572)		(31,366)
<u>Gréasán Bóithre</u>				
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	84,013		75,898	
Ioncam a úsáideadh chun dliteanas lamháltais seirbhíse a chistiú	36,070		35,846	
Ioncam a úsáideadh chun dliteanas léasa a chistiú	226		227	
Scaoileadh ar aon dul le muirir airgeadais	(21,689)		(22,240)	
Amúchadh de réir luachlaghdaithe	(9,478)		(8,400)	
De réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas		89,142		81,331
An 31 Nollaig		2,358,018		2,311,891

13. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Bonneagar Iarnróid Éadroim & Meitreo €'000	Sócmhainní Iarnróid Éadroim & Meitreo á dTógáil €'000	Rothstoc & Trealamh €'000	Bonneagar an Ghréasáin Bóithre €'000	Gréasán Bóithre á thógáil €'000	Daingneáin Troscáin agus Trealamh €'000	Feabhsú ar Áitreabh Léasachta €'000	Iomlán €'000
Costas								
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,499,496	7,286	327,159	2,491,752	44,833	2,776	11,101	4,384,403
Breiseanna sa tréimhse	3,807	6,839	2,068	23,891	57,457	81	0	94,143
Diúscairtí agus laguithe	0	0	0	0	0	(4)	0	(4)
Aistrithe	0	(110)	110	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2022	1,503,303	14,015	329,337	2,515,643	102,290	2,853	11,101	4,478,542
Dímheas Carnaithe								
Amhail an 1 Eanáir 2022	514,219	0	178,595	75,697	0	2,555	5,367	776,433
Muirear dímheasa	40,637	0	16,896	9,072	0	112	820	67,537
Diúscairtí agus laguithe	0	0	0	0	0	(4)	0	(4)
Amhail an 31 Nollaig 2022	554,856	0	195,491	84,769	0	2,663	6,187	843,966
Glanluach na leabhar Amhail an 31 Nollaig 2022	948,447	14,015	133,846	2,430,874	102,290	190	4,914	3,634,576
Costas								
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,492,336	15,358	306,547	2,466,457	6,366	2,670	11,101	4,300,835
Breiseanna sa tréimhse	7,160	12,540	0	36,567	38,467	124	0	94,858
Diúscairtí agus laguithe	0	0	0	(11,272)	0	(18)	0	(11,290)
Aistrithe	0	(20,612)	20,612	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2021	1,499,496	7,286	327,159	2,491,752	44,833	2,776	11,101	4,384,403
Dímheas Carnaithe								
Amhail an 1 Eanáir 2021	475,681	0	161,948	78,974	0	2,429	4,548	723,580
Muirear dímheasa	38,538	0	16,647	7,995	0	144	819	64,143
Diúscairtí agus laguithe	0	0	0	(11,272)	0	(18)	0	(11,290)
Amhail an 31 Nollaig 2021	514,219	0	178,595	75,697	0	2,555	5,367	776,433
Glanluach na leabhar Amhail an 31 Nollaig 2021	985,277	7,286	148,564	2,416,055	44,833	221	5,734	3,607,970

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

14. Infháltais

	2022 €'000	2021 €'000
Féichiúnaithe Ioncaim ó Dholáí	11,539	10,894
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	15,990	7,489
Ceannach Nótaí Ráthaithe	0	96,072
	27,529	114,455

Luaitear ioncam ó dholáí atá infhaighte ag deireadh na bliana i dtaca le Tollán Bhaile Átha Cliath agus eFlow an M50 i ndiaidh soláthar €7.7 milliún (2021: €5.7 milliún) le haghaidh muirir dhola eFlow a mheastar nárbh fhéidir a bhailiú. Tá an soláthar seo bunaithe ar rátaí bailithe dolaí an M50 i gcaitheamh tréimhse rollach dhá bhliain.

B'ionann an muirear iarbhír drochfhiachais don bhliain agus €5.2 milliún (2021: €4.5 milliún).

In 2022 níor thairg an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe Nótaí Ráthaithe a thuilleadh mar tháirge chun cistí airgid BIÉ a shealbhú. Le linn 2022 aistríodh airgead tirim a coinníodh i Nótaí Ráthaithe isteach i dtáirgí taise oiriúnacha NTMA.

I measc na réamhíocaíochtaí agus na bhFéichiúnaithe Eile tá €1.2m dlite tar éis bliana (2021: €0.1m).

15. Suimeanna Iníochta (Méideanna atá Dlíte Laistigh de Bhliain Amháin)

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Creidiúnaithe agus Fabhráithe Trádála		44,478	44,524
CBL		8,917	9,389
Dlíteanas Lamháltais Seirbhíse	18	36,299	36,070
Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha	18	8,212	7,651
Ioncam Iarchurtha Luas Iarthar na Cathrach		1,309	1,309
Tuarastail		1,420	1,685
Oibleagáidí faoi Léasanna Airgeadais	18	227	227
		100,862	100,855

16. Suimeanna Iníochta (Suimeanna atá Dlíte Laistigh de Bhliain Amháin)

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
Dlíteanas Lamháltais Seirbhíse	18	491,206	505,829
Ioncam Iarchurtha Luas Iarthar na Cathrach*		20,929	22,238
Creidiúnaithe agus Fabhráithe Trádála		391	242
Oibleagáidí faoi Léasanna Airgeadais	18	218	431
		512,744	528,740

* Áirítear le creidiúnaithe ioncam iarchurtha a léiríonn luach maoinne agus seirbhísí a sholáthair tríú páirtithe maidir le forbairt Luas Iarthar na Cathrach. Scaoiltear an t-ioncam leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar aon dul leis an dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

17. Ceangaltais

17a. Ceangaltais Léasanna Oibriúcháin

An 31 Nollaig 2016, bhí dlíteanas íocaíochta léasa ag BIÉ faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:	Talamh & Foirgnimh 2022 €'000	Talamh & Foirgnimh 2021 €'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	1,819	1,829
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	7,277	7,315
Iníochta i ndiaidh cúig bliana	5,616	7,478

B'ionann na híocaíochtaí léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €1.8 milliún (2021: €1.8 milliún).

- D'iontráil BIÉ isteach i léas 16 bliana agus 7 mí ón 1 Eanáir 2015 i dtaca le cóiríocht ag Bloc A, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8. Éagfaidh an léas an 31 Iúil 2031 agus is ionann an cíos atá iníochta agus €0.7 milliún sa bhliain.
- Ghlac BIÉ ceannas ar dhá léas ón GFI i dtaca le cóiríocht ag Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8:

Bloc B: Léas 25 bliain ón 1 Lúnasa 2006 go dtí an 31 Iúil 2031. Is é an cíos iníochta ná €0.6m in aghaidh na bliana.

Bloc C: Léas 28 bliain ón 29 Meán Fómhair 2001 go dtí an 28 Meán Fómhair 2029. Is ionann an cíos atá iníochta agus €0.5m sa bhliain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

17a. Ceangaltais Léasanna Oibriúcháin ar lean

An 31 Nollaig 2016, bhí dliteanais íocaíochta léasa ag BIÉ faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:	Mótarfheithicilí 2022 €'000	Mótarfheithicilí 2021 €'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	5	28
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	0	5
Iníochta i ndiaidh cúig bliana	0	0

B'ionann na híocaíochtaí léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €0.03 milliún (2021: €0.04 milliún).

Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí léasanna oibriúcháin ag BIÉ i leith 2 fheithicil leictreacha. Rachaidh na léasanna seo in éag an 24 Márta 2023. Is ionann an muirear bliantúil ina leith seo agus €0.02m sa bhliain.

17b. Réamhcheangaltais an Ghréasáin Bhóithre

Tá BIÉ tar éis anailís a dhéanamh ar na réamhcheangaltais chonarhacha, seachas ceangaltais ppp ar costais iad atá faoi réir athraithe chandamacha agus ama, agus seo iad mar a leanas:

Bliain	Gealltanas* € Milliún	Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP cistiú caipitil do BIÉ do 2023-2025* € Milliún	Gealltanas mar % den leithdháileadh bliantúil	Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP tiomantas ceadaithe mar % den leithdháileadh bliantúil
2023	455	674	67	68
2024	220	562	39	39
2025	158	571	28	28

*Ioncam ó Dholáí atá ar fáil san áireamh

17c. Réamhcheangaltais Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

Méid Ainmiúil:	2022 €'000	2021 €'000
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25	6,486	8,932
Tollán Luimnigh an N18	14,663	15,485
Uasghrádú an M50	576,478	571,074
An N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe	20,435	20,458
An M3 ó Cluain Aodha go Ceanannas	150,879	161,877
M7/M8 Phort Laoise	0	1,365
Seachbhóthar Iartharach Dhún Dealgan an M1	2,154	2,184
An N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí	1,327	2,677
An M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad	3,602	3,694
An N11 ón Inbhear Mór go Ráth Naoi	309,509	320,153
M17/M18 ón nGort go Tuaim	731,546	748,428
Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25	274,996	283,782
An M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh	413,609	427,278
	2,505,684	2,567,387

Forordaítear na ceangaltais a nochtar thuas sna sceidil chonartha PPP. Luaitear iad agus CBL san áireamh iontu agus cuimsítear íocaíochtaí iontu le haghaidh costais tógála, mhaoinithe, oibríochtúla agus saolré don tréimhse eile atá fanta sa chomhaontú. Tá siad innéacsaithe ag @ 2% i leith CPI agus ní dhéantar iad a lascainiú anuas chuig an luach reatha. Ní thuairiscítear ach gné thógála na réamhcheangaltas seo (a dhéantar a lascainiú go cuí) i gclár comhardaithe BIÉ. Cuimsítear na suimeanna neamhslascainithe iomlána d'íocaíochtaí tógála €782.9 milliún (2021: €800.5 milliún) sa tábla thuas. Nochtar na suimeanna a nochtar mar dhliteanas i nóta 18. Ní chatagóirítear na VOPanna a d'fhéadfadh bheith iníoctha faoi chonarthaí PPP an M3 nó an N18 mar cheangaltais mar gheall nach cinnte an méid atá i gceist leo agus ní chuirtear iad san áireamh anseo, ach tá foráil déanta do €93 milliún, féach Nóta 10c.

17d. Ceangaltais Chaipitil Iarnróid Éadroim agus Meitreo

	2022 €'000	2021 €'000
Ag deireadh na bliana, ní dhearnadh soláthar do na ceangaltais chaipitil seo a leanas sna ráitis airgeadais:		
Conradh déanta ina leith ach gan soláthar déanta	7,309	8,417
Údaraithe ach gan conradh déanta ina leith	1,080	1,352
	8,389	9,769

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

18. Ceangaltais le Léas Airgeadais

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa amach anseo an 31 Nollaig 2022:	Lamháltas Seirbhíse €'000	Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha €'000	Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall* €'000	Iomlán €'000
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	36,299	8,212	227	44,738
Níos déanaí ná bliain amháin, ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	154,451	36,568	222	191,241
Níos déanaí ná cúig bliana	597,712	88,715	0	686,427
Iomlán na nOllíocaíochtaí	788,462	133,495	449	922,406
Lúide: Muirir Airgeadais	(260,957)	(32,593)	(4)	(293,554)
Suim ghlanluacha an dliteanais	527,505	100,902	445	628,852
Rangaithe mar:				
- Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	36,299	8,212	227	44,738
- Suimeanna Iníoctha (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	491,206	0	218	491,424
- Soláthairtí	0	92,690	0	92,690

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa amach anseo an 31 Nollaig 2021:	Lamháltas Seirbhíse €'000	Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha €'000	Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall* €'000	Iomlán €'000
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	36,070	7,651	227	43,948
Níos déanaí ná bliain amháin, ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	153,380	34,798	454	188,632
Níos déanaí ná cúig bliana	635,352	101,905	0	737,257
Iomlán na nOllíocaíochtaí	824,802	144,354	681	969,837
Lúide: Muirir Airgeadais	(282,903)	(38,283)	(23)	(321,209)
Suim ghlanluacha an dliteanais	541,899	106,071	658	648,628
Rangaithe mar:				
- Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	36,070	7,651	227	43,948
- Suimeanna Iníoctha (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	505,829	0	431	506,260
- Soláthairtí	0	98,420	0	98,420

*D'iontráil BIÉ isteach i léas fiche bliain ón 1 Márta 2004 le Comhairle Contae Dhún na nGall i dtaca le cóiríocht d'Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall. Is ionann an cíos sa bhliain agus €0.2 milliún.

Tomhaistear na dliteanais léas airgeadais thuas ar chostas amúchta.

19. Forálacha do Dhliteanais agus Muirir

	Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha €'000	Réamhíocaíochtaí Státhchiste atá In-Aisíochta €'000	Soláthairtí Tionscadail €'000	Athchóiriú Riain €'000	Iomlán €'000
Amhail an 01 Eanáir 2022	98,420	64,947	567	4,327	168,261
Iníochta le hoibreoír sa bhliain	(6,795)	0	0	(175)	(6,970)
(Laghdú)/ Méadú ar sholáthar	(3,178)	0	0	117	(3,061)
Muirir airgeadais a aithníonn an tionchar a imríonn lascaíniú d'uainiú comhlíonta dliteanas	4,243	0	0	0	4,243
Amhail an 31 Nollaig 2022	92,690	64,947	567	4,269	162,473

Tá na soláthairtí déanta i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach i Nótaí 1(m), (o) agus (p) leis na ráitis airgeadais seo.

Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha

I gcás dhá scéim lamháltais PPP (i.e. an M3 ó Chluain Aodha-Ceanannas agus Tollán Luimnigh an N18), déanann an comhaontú PPP foráil d'íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha má thiteann méideanna tráchta faoi bhun leibhéil shonraithe. Tá soláthar iomlán déanta ag BIÉ don tsuim mheasta a bheidh le hóc aige i leith na n-íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe seo thar a bhfuil fágtha de shaolré an chonartha PPP.

Tuairiscítear air seo sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais faoi “Suimeanna Iníochta” atá dlite laistigh de bhliain amháin (€8.2 milliún) agus faoi “Forálacha do Dhliteanais agus Muirir” (€92.7 milliún).

Athraíonn méid an tsoláthair ó bhliain go chéile ag brath ar na hathruithe ar líonta feithiclí a thiteann amach ar an mbóthar ábhartha. (Cuirtear do shochar)/gearrtar athruithe ar an soláthar sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (€2.6m) in 2022 (2021: €4.0m) Nóta 10 (c).

Léiríonn laghdú €2.6 milliún agus méadú €3.2 milliún ar Shuimeanna Iníochta dlite laistigh de bhliain amháin an t-athrú €0.6 milliún ar sholáthar.

Is ionann an tsuim iníochta sa bhliain agus €6.8 milliún (2021: €11.8 milliún). Is ionann an tsuim iníochta do Thollán N18 Luimnigh agus €6.8m (2021: € 9.6m) toisc go bhfuil líonta feithiclí faoi láthair faoi bhun leibhéil na tairsí faoi ráthaíocht agus is ionann an tsuim iníochta don M3 ó Chluain Aodha go Ceanannas agus €0 (2021 €2.2 milliún) mar gheall go bhfuil líonta feithiclí faoi láthair os cionn na tairsí faoi ráthaíocht.

Réamhíocaíochtaí Státhchiste atá In-Aisíochta

Áirítear le deontais Stáit atá in-aisíochta deontais Stáit a soláthraíodh mar réamhchistiú chun tionscadail áirithe a chur i bhfeidhm dá bhfuil scéimeanna tobhach forbartha i bhfeidhm agus a measadh a bhí in-aisíochta i gcomhréir le nóta 1(m) den Bheartas Cuntasaíochta. Tá na réamhíocaíochtaí seo in-aisíochta i gcaitheamh shaolré na scéimeanna tobhaigh agus mar thoradh air sin, ní dóchúil go ndéanfar an soláthar a leachtú go hiomlán sa mheántearma.

Níor tháinig aon athrú ar an soláthar sa bhliain (2021: € 0.0m).

Soláthairtí Tionscadail

Tá soláthar dóthanach déanta ag BIÉ do dhliteanais a bhaineann le tionscadail nuair atá tráth a n-íochta éiginnte. Baineann an soláthar seo le dliteanais Iarnróid Éadroim agus Mheitreo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

19. Forálacha do Dhliteanais agus Muirir (Ar lean)

Athchóiriú Riain

Baineann soláthairtí d'athchóiriú riain le costais deisiúcháin agus feabhsúcháin a thabhoífar. Tá coinne ag BIÉ leis go n-úsáidfear an soláthar i gcaitheamh shaolré na sócmhainní gaolmhara agus, mar thoradh air sin, ní dóchúil go ndéanfar an soláthar a leachtú go hiomlán sa mheántearma.

In 2022, rinne BIÉ íocaíochtaí €0.2 milliún (2021: €0.0 milliún) i dtaca le costais feabhsúcháin agus laghdáidh an soláthar faoi €0.1 milliún.

20. Oibleagáidí Scoir

Soláthraítear thíos sonraí faoi scéimeanna pinsin BIÉ:

Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Sainithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]

Tosaíodh scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe in 2003 d'iarchomhaltaí foirne an GFI nach raibh i dteideal bheith ina mbaill den scéim le sochar sainithe chistithe a shonraítear thíos. Ní chruthaítear sa phlean seo aon dlíteanas cistithe do BIÉ faoi FRS 102.

Scéim le Sochar Sainithe – Cistithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]

Chun na forálacha in ailt 24 agus 25 den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 a shásamh, bhunaigh an GFI scéim le sochar sainithe in 2003 chun soláthar a dhéanamh do theidlíochtaí pinsin na bhfostaithe úd a d'aistrigh ó scéim le sochar sainithe 1951 de chuid CIÉ. Bunaíodh an scéim nua trí úsáid a bhaint as an scéim samhla teimpléid do shocruithe pinsin na hearnála poiblí faoi mar a d'eisigh an Roinn Airgeadais, a mhionathraítear de réir mar is gá chun na sochair a aithris dá bhforáiltear faoi scéim pinsin le sochair shainithe CIÉ 1951.

Rinne achtúire neamhspleách a bhí cáilithe go gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2023) ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2022. Luacháladh na sócmhainní agus na dlíteanais siúd agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Tuairiscíodh barrachas pinsin €0.0 milliún sa chlár comhardaithe a measadh a bhí inghnóthaithe thar shaolré na scéime sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Thug luacháil an bharrachais faoi rialacha FRS102 le fios gurbh ann do bharrachas teicniúil €7.8 milliún. Is é méid an bharrachais seo is féidir a aithint sna Ráitis Airgeadais ná luach saoire ranníocaíochta fostóra go suthain. Is ionann luach saoire ranníocaíochta den sórt sin agus €0.0m faoi láthair.

Scéim le Sochar Sainithe – Neamhchistithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]

Socrú tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an scéim pinsin seo ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime 'samhla' eárnála poiblí.

Ní raibh an scéim seo ar fáil ach d'iarfhostaithe an ÚBN a bhí ina mbaill roimh an 1 Eanáir 2013. Soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí.

20. Oibleagáidí Scoir (ar lean)

Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Rinne achtúire neamhspleách a bhí cáilithe go gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2023) ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2022. Luacháladh na sócmhainní agus na dliteanais siúd agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Scéim Pinsin Aonair – Neamhchistithe

Oibríonn BIÉ an Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Cuireadh costais, dliteanais agus sócmhainní BIÉ maidir leis an Scéim Pinsin Aonair san áireamh sa nochtadh ar an scéim neamhchistithe le Sochar Sainithe.

20a. Anailís ar na costais iomlána phinsin a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

	2022 €'000	2021 €'000
Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe		
Costais Seirbhíse Reatha	6,061	5,761
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(441)	(425)
	5,620	5,336
Scéim Pinsin Aonair:		
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(594)	(516)
	(594)	(516)
Scéim Chistithe le Sochar Sainithe:		
Costais Seirbhíse Reatha	57	55
	57	55
Iomlán chostais na Scéime Sochair Shainithe	5,083	4,875
Costais na Scéime Ranníocaíochta Sainithe*	286	276
Iomlán	5,369	5,151

*Is ionann costas pinsin na scéime pinsin le ranníocaíocht shainithe agus ranníocaíochtaí atá iníoctha ag BIÉ don bhliain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

20b. Anailís ar an muirear airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

	2022 €'000	2021 €'000
Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe		
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	1,522	935
Scéim Chistithe le Sochar Sainithe:		
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	42	38
Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime	(142)	(100)
	(100)	(62)
Muirear airgeadais iomlán	1,422	873

20c. Anailís ar an tsuim a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2022 €'000	2021 €'000
Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe		
Cailteanas ó thaithí	6,904	3,377
Athrú ar thiomhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime	(38,868)	2,218
	(31,964)	5,595
Scéim Chistithe le Sochar Sainithe:		
Cailteanas /(gnóthachan) ó thaithí	2,297	(333)
Athrú ar thiomhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime	(897)	114
	1,400	(219)
(Gnóthachan)/cailteanas achtúireach iomlán	(30,564)	5,376
Athrú ar Bharrachas Do-Aisghabhála	(1,391)	227
	(31,955)	5,603

20d. Gluaiseacht ar ghlanobleagáidí/ghlansócmhainní sochar scoir le linn na bliana airgeadais

Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe

	2022 €'000	2021 €'000
Glanoibleagáid scoir le sochar sainithe an 01 Eanáir	128,138	117,854
Costas seirbhíse reatha	6,061	5,761
(Gnóthachan)/cailteanas achtúireach	(31,964)	5,595
Costais úis	1,522	935
Pinsin arna n-íoc sa bhliain	(2,237)	(2,007)
Glanoibleagáid scoir le sochar sainithe an 31 Nollaig	101,520	128,138

Scéim Chistithe le Sochar Sainithe

	Sócmhainní na Scéime €'000	Dlíteanas na Scéime €'000	Barrachas Pinsin €'000
Amhail an 1 Eanáir 2022	12,947	(3,823)	9,124
Costas seirbhíse reatha	0	(57)	(57)
(Cailteanas)/ gnóthachan achtúireach	(2,237)	837	(1,400)
Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime	142	0	142
Costais úis	0	(42)	(42)
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe scéime	12	(12)	0
Sochair a íocadh	(77)	77	0
Amhail an 31 Nollaig 2022	10,787	(3,020)	7,767

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

20e. Cistiú iarchurtha do shochair scoir

Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe

Aithníonn an Bord suimeanna atá dlite ón Stát i leith dliteanas iarchurtha do phinsin neamhchistithe le sochar sainithe ar bhonn sraith toimhdí ag nóta 20 (g) agus roinnt imeachtaí a tharla roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachais:

	2022 €'000	2021 €'000
Cistiú atá in-aisghafa maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	7,583	6,696
Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm ar shochair pá scoir	(2,237)	(2,007)
	5,346	4,689

Is mar a leanas a bhí an glanchistiú iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach:

	2022 €'000	2021 €'000
Coigeartú ar an Oibleagáid Sochair Scoir Iarchurtha	(31,964)	5,595

B'ionann an Cistiú Scoir Iarchurtha le Sochar Sainithe an 31 Nollaig 2022 agus €101.52 milliún (2021: €128.14 milliún).

20f. Stair na n-oibleagáidí le sochar sainithe, na sócmhainní agus na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe:

	31 Dic 2022	31 Dic 2021	31 Dic 2020	31 Dic 2019
Méid na n-oibleagáidí sochair shainithe (€'000)	(101,520)	(128,138)	(117,854)	(105,789)
Méid na gcoigeartuithe ó thaithí ar dhliteanas scéime (€'000)	(6,904)	(3,377)	(7,200)	1,445
Mar chéatadán de dhliteanas scéime (%)	6.80%	2.64%	6.10%	1.40%
Coigeartuithe ar thiomhdí ar mhéid na ndlíteanas scéime (€'000)	38,868	(2,218)	(385)	(10,387)
Mar chéatadán de dhliteanas scéime (%)	(38.29)%	1.73%	0.33%	9.80%

Is ionann an cailteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach a fhad leis an 31 Nollaig 2022, an dáta sin san áireamh, agus €22.7 milliún (an 31 Nollaig 2021: €54.6 milliún).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

20f. Stair na n-oibleagáidí le sochar sainithe, na sócmhainní agus na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí (Ar lean)

Scéim Chistithe le Sochar Sainithe:

	31 Dic 2022	31 Dic 2021	31 Dic 2020	31 Dic 2019
Méid na n-oibleagáidí sochair shainithe (€'000)	(3,020)	(3,823)	(5,468)	(5,034)
Méid na sócmhainní sochair shainithe (€'000)	10,787	12,947	14,366	13,718
Barrachas sochair shainithe	7,767	9,124	8,898	8,684
Barrachas do-aisghabhála ar scéim sochair scoir	(7,767)	(9,058)	(8,769)	(8,452)
Barrachas pinsin le sochar sainithe	0	66	129	232
Méid na gcoigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais scéine (€'000)	(60)	315	(91)	204
Mar chéatadán de dhliteanais scéime (%)	1.99%	8.24%	1.70%	4.10%
Méid na gcoigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní scéime (€'000)	(2,237)	(207)	561	693
Mar chéatadán de shócmhainní na scéime (%)	20.74%	1.60%	3.90%	5.10%

Is ionann an cailteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach a fhad leis an 31 Nollaig 2022, an dáta sin san áireamh, agus €0.4 milliún (an 31 Nollaig 2021: €0.4 milliún). Is ionann na ranníocaíochtaí ionchasacha don bhliain seo a leanas agus €Náid. 20g.

20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha

Scéimeanna Neamhchistithe le Sochar Sainithe

Na príomhthoimhdí achtúireacha ag dáta an chláir chomhardaithe:

	31 Dic 2022 %	31 Dic 2021 %
Ráta lascaine	3.60	1.20
Méaduithe ar thuarastal amach anseo	3.60	2.90
Méaduithe pinsin amach anseo	3.10	2.40
Ráta boilscithe	2.60	1.90
Méaduithe ar phinsean stáit amach anseo	2.60	1.90

20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha (Ar lean)

Cuireann an bonn básmhaireachta a glacadh feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar scor ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach (aois 65). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 65 bliain d'aois in 2022 agus 2042.

An Bhliain ina Slánófar Aois 65.

	2022	2042
Ionchas Saoil – Fir	21.9	24.2
Ionchas Saoil – Mná	24.3	26.3

Scéim Chistithe le Sochar Sainithe

Na príomhthoimhdí achtúireacha ag dáta an chláir chomhardaithe:

	31 Dic 2022 %	31 Dic 2021 %
Ráta lascaine	3.70	1.10
Méaduithe ar thuarastal amach anseo	3.60	2.90
Méaduithe pinsin amach anseo	3.10	2.40
Ráta boilscithe	2.60	1.90

Leagtar amach toimhdí i ndáil le básmhaireacht amach anseo bunaithe ar chomhairle ó staitisticí agus taithí a foilsíodh. Tá na toimhdí básmhaireachta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha ina gcuirtear feabhas básmhaireachta amach anseo san áireamh sna toimhdí.

Tá triúr pinsinéirí sa scéim faoi láthair. Fad saoil comhaltaí a théann ar scor ag 65 bliain d'aois.

	2022	2042
Fireann	21.9	24.2
Baineann	24.3	26.3

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha (Ar lean)

Rinneadh sócmhainní na scéime a infheistiú i gCiste Pinsin Irish Life an 31 Nollaig 2022, i Sraith 8 Bhannaí AAA 10 mBliana Irish Life agus i gCiste Bannaí 2042 Irish Life na hÍsiltíre. Déanann na hlontaobhaithe, le hionchur a gcomhairleoirí gairmiúla, cinneadh ar an meascán sócmhainní, bunaithe ar phróifíl riosca na scéime

Leagtar amach thíos luach cóir shócmhainní na scéime mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime:

(mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime)	31 Dic 2022 %	31 Dic 2021 %
Bannaí	34.6	42.5
Airgead tirim agus a choibhéis	65.4	57.5
	100	100

Ní áirítear le sócmhainní scéime aon chinn d'ionstraimí féin airgeadais BIÉ, ná aon mhaoin a áitíonn BIÉ.

21. Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha

	2022 €'000	2021 €'000
Amhail an 1 Eanáir	96,138	88,897
Tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha	9,561	7,444
Amúchadh tobhach	(203)	(203)
An 31 Nollaig	105,496	96,138

Faoi mar a dtugtar cuntas air i nóta 1(e), coimeádtar tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí forbróra a fhaigheann BIÉ i gcúlchiste tobhaigh forbartha agus forbróra. Nuair a úsáidtear tobhaigh le soláthar tionscadail a chistiú, déantar iad a amúchadh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas de réir mar a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.



N56 An Chlochán Liath go dtí an Chlochbhuaile

22. Dílíocht agus Éilimh

Tá baint ag BIÉ i roinnt cásanna dlí nach cinnte an toradh a bheidh orthu go fóill. Ní dhearna BIÉ aon soláthar d'aon chostais a thagann chun solais.

23. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Féach nóta 7c, le do thoil, chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. Glacann BIÉ le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta Comhaltaí Boird a chumhdach. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh BIÉ deontais a fhaomhadh nó iontráil isteach i socruithe conarthacha eile le haonáin ina bhfostaítear comhaltaí Boird BIÉ nó ina mbíonn leas acu ar bhealach eile.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa eascairt, ní fhaigheann comhaltaí Boird cáipéisíocht ábhartha Bhoird nó ní ghlacann siad páirt, ar bhealach eile, ná ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na hidirbhearta seo. Coimeádtar taifead ar na cásanna siúd go léir.

I rith na bliana, níorbh ann d'aon idirbhearta páirtí ghaolmhair.

24. Figiúirí comparáideacha

Athrangaíodh figiúirí áirithe comparáideacha d'fhonn go mbeidh siad ar aon dul lena gcóireáil sa bhliain reatha.

25. Iar-Imeachtaí

Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe go dtí an 31 Nollaig 2022

Níor thit aon teagmhais eile amach i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe ar gá coigeartuithe nó nochtadh a dhéanamh i bhfigiúirí a tuairiscíodh an 31 Nollaig 2022 dá mbar.

26. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 27 Meitheamh 2023.



Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

